# Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019

Imleabhar 4:

Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman

*Márta 2013*

**Clár na nÁbhar**


Mír 1 .......... 1

1.0 Réamhrá .......... 1

1.1 Ullmhú na Straitéise Miondíola.......... 1

1.2 Struchtúr Straitéis Miondíola an Chontae.......... 2

Mír 2 Comhthéacs Beartais.......... 3

2.0 Réamhrá .......... 3

2.1 Leibhéal Náisiúnta.......... 3

2.1.1 An Straitéis Spáis Náisiúnta .......... 3

2.1.2 An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.......... 7

2.1.3 An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 .......... 7

2.1.4 Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe: Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020.......... 8

2.1.5 Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola.......... 8

2.2 Comhthéacs Réigiúnach .......... 10

2.2.1 Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2020 .... 10

2.3 Comhthéacs Áitiúil .......... 12

2.3.1 Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Bhaile Loch Garman 2009-2015 agus Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014 12

2.3.2 Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017 .... 13

2.3.3 Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2008-2014 .......... 15

2.3.4 Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2010-2016.......... 15

2.3.5 Plean Forbartha Chontae Cheatharlach 2009-2015 agus Plean Forbartha Bhaile Cheatharlach 2009-2015.......... 16

2.3.6 Plean Forbartha Chontae Chill Chainnigh 2008-2014 agus Plean Forbartha Chathair agus Phurláin Chill Chainnigh 2008-2014 .............. 17

2.4 Conclúid ........................................................................................... 18

Mír 3 Patrúin Siopadóireachta ........................................................................ 20

3.0 Réamhrá ............................................................................................ 20

3.1 Suirbhéanna ar Shiopadóirí .............................................................. 20

3.1.1 Cuspóir an Turais ......................................................................... 24

3.1.2 dh Iompair ....................................................................................... 26

3.1.3 Am Aistir agus Minicíocht na gCuairteanna ...................................... 27

3.1.4 Caiteachas Siopadóirí ar Earraí agus ar Sheirbhísí ............................ 30

3.1.5 Lárionaid Mhiondíola Eile ar Tugadh Cuairt Orthu .............................. 32

3.1.6 Príomhnithe is Díol Spéise agus Feabhsúcháin ................................. 35

3.1.7 Feabhsúcháin ................................................................................... 39

3.2 Achoimre ............................................................................................ 44

3.3 Na Suirbhéanna ar Theaghlaigh ......................................................... 44

3.3.2 Modhanna Iompair agus Minicíocht an Turais Phríomhshiopadóireachta ..................................................................... 55

3.3.3 Siopadóireacht 'Breisithe' ................................................................. 57

3.3.4 Siopadóireacht Éadaí agus Coisbhirt ................................................ 60

3.3.5 Siopadóireacht d'Earraí Toirtiúla ........................................................ 68

3.3.6 Siopadóireacht Idirlín ........................................................................ 76

3.4 Achoimre ............................................................................................ 79

Mír 4 Breithmheas ar Scrúdú Folláine .............................................................. 79

4.0 Réamhrá .......................................................................................... 80

4.1 Measúnacht Scrúdú Folláine Bhaile Loch Garman .................................... 82

4.1.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta .......................... 82

4.1.2 Éagsúlacht Úsáidí........................................................................... 83

4.1.3 Ionadaíocht Miondíola ..................................................................... 84

4.1.4 Maoin Fholamh Mhiondíola ................................................................ 85

4.1.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe................................................. 86

4.1.6 Gníomhartha.................................................................................... 87

4.1.7 Conclúid Scrúdú Folláine Loch Garman .............................................. 88

4.2 Measúnacht Scrúdú Folláine Ros Mhic Thriúin .......................................... 89

4.2.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta .......................... 89

4.2.2 Éagsúlacht Úsáidí........................................................................... 90

4.2.3 Ionadaíocht Miondíola ..................................................................... 91

4.2.4 Maoin Fholamh Mhiondíola ................................................................ 93

4.2.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe................................................. 93

4.2.6 Gníomhartha.................................................................................... 94

4.2.7 Conclúid Scrúdú Folláine Ros Mhic Thriúin .......................................... 95

4.3 Measúnacht Scrúdú Folláine Inis Córthaidh............................................... 95

4.3.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta .......................... 95

4.3.2 Éagsúlacht Úsáidí........................................................................... 97

4.3.3 Ionadaíocht Miondíola ..................................................................... 97

4.3.4 Maoin Fholamh Mhiondíola ................................................................ 99

4.3.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe................................................. 99

4.3.6 Gníomhartha .... 100

4.3.7 Conclúid Scrúdú Folláine Inis Córthaidh .... 101

4.4 Measúnacht Scrúdú Folláine Ghuaire .... 102

4.4.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta .... 102

4.4.2 Éagsúlacht Úsáidí .... 103

4.4.3 Ionadaíocht Miondíola .... 104

4.4.4 Maoin Fholamh Mhiondíola .... 105

4.4.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe .... 105

4.4.6 Gníomhartha .... 106

4.4.7 Conclúid Scrúdú Folláine Ghuaire .... 107

4.5 Measúnacht Scrúdú Folláine Bhun Clóidí .... 107

4.6 Measúnacht Scrúdú Folláine Dhroichead an Chaisleáin .... 109

4.7 Measúnacht Scrúdú Folláine Chalafort Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann .... 110

4.8 Measúnacht Scrúdú Folláine Chalafort Chill Ruáin agus Ros Láir .... 111

4.9 Measúnacht Scrúdú Folláine Dhroichead Eoin .... 112

4.10 Conclúid an Scrúdaithe Folláine .... 113

Mír 5 Ordlathas Miondíola agus Sainaithint Croílimistéir Mhiondíola .... 115

5.0 Réamhrá .... 115

5.1 Ordlathas Lonnaíochta Náisiúnta .... 115

5.2 Ordlathas Lonnaíochta Chontae Loch Garman .... 117

5.3 Ordlathas Miondíola Loch Garman .... 118

5.3.1 Scála agus Saghas an Mhiondíola atá Oiriúnach .... 121

5.4 Croílimistéir Mhiondíola a Shainaithint .................................................... 121

Mír 6 Measúnacht Acmhainní ........................................................................ 104

6.0 Réamhrá .................................................................................................. 104

6.1 Faisnéis agus Modheolaíocht Bhonnlíne ................................................ 104

6.1.1 Treochtaí Reatha Daonra agus Fás Daonra ...................................... 104

6.1.2 pás Urláir Mhiondíola Reatha agus é sin atá ag Teacht chun Cinn .... 105

6.1.3 Foinsí Staitistiúla a Úsáideadh chun Faisnéis a sholáthar d'Acmhainní Miondíola Reatha agus Amach Anseo laistigh den Chontae .............. 105

6.2 Measúnacht Fhairsing Acmhainní ........................................................... 106

6.2.1 Meastacháin Daonra agus Chaiteachais ........................................... 108

6.2.2 Meastacháin Láimhdeachais ............................................................. 111

6.2.3 Láimhdeachas Tuartha Asraonta Miondíola ...................................... 113

6.2.4 Cóimheasa Láimhdeachais ............................................................... 115

6.2.5 Ollchumas Caiteachais Bhreise ......................................................... 116

6.2.6 Foinsí de Dhíolacháin Mhiondíola Amach Anseo .............................. 119

6.3 Cumas Acmhainní .................................................................................... 122

6.4 Conclúidí .................................................................................................. 127

Mír 7 Láithreáin Deise .................................................................................. 129

7.0 Réamhrá .................................................................................................. 129

7.1 Loch Garman ........................................................................................... 129

7.2 Ros Mhic Thriúin ..................................................................................... 130

7.3 Inis Córthaidh .......................................................................................... 130

7.4 Guaire ...................................................................................................... 131

7.5 Conclúid ........................................................................................ 132

Mír 8 Cuspóirí agus Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Fhorbairt Miondíola Amach Anseo ........................................................................................ 133

8.0 Réamhrá ........................................................................................ 133

8.1 Cuspóirí Miondíola ........................................................................................ 133

8.2 Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Fhorbairt Miondíola Amach Anseo 138

8.2.1 An Tástáil Sheicheamhach ........................................................................................ 138

8.2.2 Measúnachtaí Tionchair Miondíola ........................................................................................ 139

8.2.3 Measúnuithe Tráchta agus Iompair ........................................................................................ 141

8.3 Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Chatagóirí Sonracha Forbairt Miondíola ........................................................................................ 141

8.3.1 Siopaí Móra Earraí Áisiúlachta ........................................................................................ 141

8.3.2 Páirceanna Miondíola agus Trádstórais Mhiondíola ........................................................................................ 142

8.3.3 Siopaí Monarchan ........................................................................................ 144

8.3.4 Ionaid Asraoin ........................................................................................ 144

8.3.5 Miondíol i mBailte agus Sráidbhailte Beaga ........................................................................................ 144

8.3.6 Aonaid Mhiondíola Áitiúla ........................................................................................ 145

8.3.7 Miondíol i gCeantair Thuaithe ........................................................................................ 145

8.3.8 Miondíol agus Stáisiúin Bhreosla ........................................................................................ 145

8.3.9 Corrthrádáil ........................................................................................ 146

8.3.10 Ionaid Gharraíochta/Plandlanna ........................................................................................ 146

Mír 9 Conclúid ........................................................................................ 147

9.0 Conclúid ........................................................................................ 147

Aguisín 1 Gluais ........................................................................................ 148

**Liosta na bhFíoracha**


| | |
|---|---|
| Fíor 1 | Réigiún an Oirdheiscirt |
| Fíor 2 | Réimse aoise na bhfreagróirí (measta) |
| Fíor 3 | Amanna aistir don uile fhreagróir |
| Fíor 4 | Am aistir do neamhchónaitheoirí |
| Fíor 5 | Saghsanna na siopadóireachta a rinneadh sna háiteanna eile |
| Fíor 6 | Limistéar an staidéir |
| Fíor 7 | TC Loch Garman |
| Fíor 8 | TC Inis Córthaidh |
| Fíor 9 | TC Ros Mhic Thriúin |
| Fíor 10 | TC Ghuaire |
| Fíor 11 | An rogha miondíoltóirí don phríomhshiopadóireacht bia |
| Fíor 12 | An modh iompair don phríomhshiopadóireacht |
| Fíor 13 | Minicíocht turais phríomhshiopadóireachta bia |
| Fíor 14 | Cinn scríbe siopadóireachta éadaí agus coisbhirt ar fud an chontae |
| Fíor 15 | Caiteachas ar éadaí agus ar choisbheart |
| Fíor 16 | Cinn scríbe siopadóireachta earraí toirtiúla |
| Fíor 17 | Caiteachas ar earraí toirtiúla |
| Fíor 18 | Miondealú orthu siúd a dhéanann siopadóireacht idirlín de réir aoise |
| Fíor 19 | Ordlathas lonnaíochta Chontae Loch Garman |
| Fíor 20 | Ordlathas miondíola Chontae Loch Garman |


**Liosta na dTáblaí**


| | |
|---|---|
| Tábla 1 | Suirbhéanna in aghaidh an bhaile |
| Tábla 2 | Freagróirí a bhí ina gcónaitheoirí i gContae Loch Garman |
| Tábla 3 | An nasc a bhí ag neamhchónaitheoirí leis an gceantar |
| Tábla 4 | An phríomhchúis chun cuairt a thabhairt ar lár an bhaile (cónaitheoirí) |
| Tábla 5 | An phríomhchúis chun cuairt a thabhairt ar lár an bhaile (neamhchónaitheoirí) |
| Tábla 6 | Modh iompair % |
| Tábla 7 | Minicíocht cuairteanna ag neamhchónaitheoirí |
| Tábla 8 | Minicíocht cuairteanna ag cónaitheoirí (%) |
| Tábla 9 | Meánchaiteachas in aghaidh an tsiopadóra (€) |
| Tábla 10 | Meánchaiteachas ag cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí |

| | |
|---|---|
| Tábla 11 | Láithreacha eile ar thug cónaitheoirí Loch Garman cuairt orthu |
| Tábla 12 | Láithreacha eile lasmuigh den chontae ar thug cónaitheoirí cuairt orthu de réir fhoinse an tsuirbhé |
| Tábla 13 | Nithe is díol spéise i Loch Garman |
| Tábla 14 | Nithe is díol spéise in Inis Córthaidh |
| Tábla 15 | Nithe is díol spéise i Ros Mhic Thriúin |
| Tábla 16 | Nithe is díol spéise i nGuaire |
| Tábla 17 | Feabhsúcháin i Loch Garman |
| Tábla 18 | Feabhsúcháin i Loch Garman |
| Tábla 19 | Feabhsúcháin i Ros Mhic Thriúin |
| Tábla 20 | Feabhsúcháin i nGuaire |
| Tábla 21 | Leithdháileadh an tSuirbhé |
| Tábla 22 | Leithdháileadh an tSuirbhé |
| Tábla 23 | Leithdháileadh an tSuirbhé |
| Tábla 24 | Leithdháileadh an tSuirbhé |
| Tábla 25 | Cinn scríbe siopadóireachta ollmhargaidh laistigh de TC Loch Garman |
| Tábla 26 | Cinn scríbe siopadóireachta ollmhargaidh laistigh de TC Inis Córthaidh |
| Tábla 27 | Cinn scríbe siopadóireachta ollmhargaidh laistigh de TC Ros Mhic Thriúin |
| Tábla 28 | Cinn scríbe siopadóireachta ollmhargaidh laistigh de TC Ghuaire |
| Tábla 29 | Caiteachas ar an bpríomhshiopadóireacht bia |
| Tábla 30 | Caiteachas ar an bpríomhshiopadóireacht bia in aghaidh an bhaile % |
| Tábla 31 | Cén áit a dtugann freagróirí faoi shiopadóireacht 'breisithe' |
| Tábla 32 | Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de TC Loch Garman |
| Tábla 33 | Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de TC Inis Córthaidh |
| Tábla 34 | Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de TC Ros Mhic Thriúin |
| Tábla 35 | Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de TC Ghuaire |
| Tábla 36 | Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de TC Loch Garman |
| Tábla 37 | Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de TC Inis Córthaidh |
| Tábla 38 | Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de TC Ros Mhic Thriúin |
| Tábla 39 | Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de TC Ghuaire |

Tábla 40 Ceannach a rinneadh ar an idirlíon

Tábla 41 Caiteachas ar cheannach idirlín

Tábla 42 Spás urláir mhiondíola reatha i mBaile Loch Garman

Tábla 43 Spás urláir mhiondíola reatha i Ros Mhic Thriúin

Tábla 44 Spás urláir mhiondíola reatha in Inis Córthaidh

Tábla 45 Spás urláir mhiondíola reatha i nGuaire

Tábla 46 Spás urláir mhiondíola reatha i mBun Clóidí

Tábla 47 Spás urláir mhiondíola reatha i nDroichead an Chaisleáin

Tábla 48 Spás urláir mhiondíola reatha i mBaile na Cúirte/Séipéal na hAbhann

Tábla 49 Spás urláir mhiondíola reatha i gCill Ruáin/Ros Láir

Tábla 50 Spás urláir mhiondíola reatha i nDroichead Eoin

Tábla 51 Spás urláir reatha i gContae Loch Garman

Tábla 52 Caiteachas de réir dhaonra cónaithe agus cheantair Loch Garman (praghsanna 2009, €m)

Tábla 53 Láimhdeachas tuartha ó asraonta miondíola lonnaithe i gContae Loch Garman (praghsanna 2009, €m)

Tábla 54 Ollchumas caiteachais bhreise sa chontae (praghsanna 2009, €m)

Tábla 55 Ollchumas caiteachais bhreise sa chontae ($m^2$)

Tábla 56 Spás urláir mhiondíola folamh

Tábla 57 Ceadanna ar marthain i gContae Loch Garman

Tábla 58 Glanacmhainní caiteachais bhreise sa chontae (éifeachtúlacht an láimhdeachais) ($m^2$)

Tábla 59 Glanacmhainní caiteachais bhreise sa chontae a fhad le 2022 ($m^2$)

# Mír 1

## 1.0 Réamhrá

D'ullmhaigh Comhairle Contae Loch Garman Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman 2013-2019 seo i gcomhréir leis na 'Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola d'Údaráis Phleanála' (dá dtagraítear dóibh mar na TPManna feasta), a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an DECLG) in 2012. Ullmhaíodh straitéisí miondíola roimhe seo don Chontae in 2005 agus 2007. Tá an Straitéis seo suite laistigh de chomhthéacs an-éagsúil geilleagrach, do Chontae Loch Garman agus d'Éirinn ina hiomláine. Is í aidhm na Straitéise ná atmaisféar folláine agus beoga miondíola a chinntiú i gContae Loch Garman, trí bheartais mhiondíola atá frámaithe laistigh de chomhthéacs pleananna, straitéisí agus treoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha. Chomh maith leis sin, soláthróidh an Straitéis faisnéis maidir le candam, scála agus saghsanna na forbartha miondíola a theastaíonn laistigh de shaolré Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019, chun margadh iomaíoch, folláin agus inrochtana miondíola a éascú.

## 1.1 Ullmhú na Straitéise Miondíola

Bhí seacht bpríomhchéim ann in ullmhú na Straitéise seo:

(i) Anailís chuimsitheach ar cháipéisí náisiúnta agus réigiúnacha beartais;

(ii) Athbhreithniú agus nuashonrú ar shonraí faoi spás reatha urláir i ngach ceann dár bpríomhbhailte – Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin, agus Guaire agus dár mbailte ceantair – Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann, Cill Ruáin agus Cuan Ros Láir, Bun Clóidí, Droichead Eoin agus Droichead an Chaisleáin;

(iii) Breithmheas cuimsitheach scrúdú folláine ar na ceithre phríomhbhaile agus na cúig bhaile ceantair;

(iv) Suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar shiopadóirí chun patrúin siopadóireachta timpeall an chontae a dheimhniú;

(v) Láithreáin deiseanna a shainaithint le haghaidh forbartha a d'fhéadfadh an ghníomhaíocht miondíola laistigh de cheithre phríomhbhaile Loch Garman a threisiú;

(vi) Measúnú cainníochtúil chun riachtanais amach anseo a dheimhniú le haghaidh breis spás urláir do na tréimhsí ó 2013 go 2019 agus go dtí 2022;

(vii) Réitíodh cuspóirí chun forbairt miondíola amach anseo a threorú don chontae.

## 1.2 Struchtúr Straitéis Miondíola an Chontae

Mar seo a leanas é struchtúr Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman 2013-2019:

**Mír 2:** soláthraítear léargas ginearálta ar an mbeartas ábhartha náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bhaineann le Contae Loch Garman agus leis an Straitéis Miondíola.

**Mír 3:** déantar plé ar phríomhthorthaí na suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar shiopadóirí.

**Mír 4:** déantar scrúdú folláine ar na cúig bhaile ceantair agus ar na bailte i Loch Garman – Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Guaire.

**Mír 5:** tugtar sainmhíniú ar an ordlathas miondíola agus ar na croítheorainneacha miondíola.

**Mír 6:** soláthraítear an measúnú cainníochtúil ar riachtanais an spáis urláir mhiondíola.

**Mír 7:** tugtar breac-chuntas ar na beartais agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt miondíola amach anseo.

**Mír 8:** tugtar breac-chuntas i gconclúid ar conas a chloíonn an Straitéis le Treoirlínte maidir le Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt 2010-2022 agus leis na TPManna.

**Aguisín 1:** Gluais téarmeolaíochta.

# Mír Comhthéacs Beartais

## 2.0 Réamhrá

Is é cuspóir na míre seo chun athbhreithniú ar a dhéanamh ar na cáipéisí beartais a imreoidh tionchar ar mhiondíol a sholáthar amach anseo i Loch Garman. Tugtar breac-chuntas ar na cáipéisí ábhartha beartais a bhaineann leis an gcontae ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

## 2.1 Leibhéal Náisiúnta

Tá roinnt pleananna agus treoirlínte ar leibhéal náisiúnta ann a bhaineann le forbairt Loch Garman amach anseo. Is cuid is tábhachtaí díobh seo:

- An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
- An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012
- Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe: Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020
- Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola 2012

### 2.1.1 An Straitéis Spáis Náisiúnta

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 – Daoine, Áiteanna agus Poitéinseal (an SPN) i Samhain 2002. Soláthraítear inti an creat pleanála spáis d'Éirinn don tréimhse 2002-2020. Is é príomhchuspóir an SPN forbairt níos cothromaithe a sholáthar ar fud an Stáit. Sainaithnítear sa straitéis patrúin fhairsinge forbartha spáis do cheantair agus leagtar síos beartais tháscacha maidir le láthair forbartha tionsclaíche, forbairt cónaithe, forbairt tuaithe, turasóireacht agus oidhreacht. Chun forbairt chothromaithe réigiúnach a bhaint amach, rinne an SPN roinnt ionaid straitéiseacha ar fud na tíre a shannadh a d'fhéadfadh forbairt a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta agus laistigh dá réigiúin féin araon. Roinneadh na hionaid seo ina dhá chatagóir – tairseacha agus moil.


Laistigh den SPN, beartaítear go ngníomhóidh tairseach Chathair Phort Láirge, anus ar mhoil Bhaile Loch Garman agus Chathair Chill Chainnigh, atá lonnaithe go

straitéiseach, mar ‘triantán borrtha’ do réigiún an oirdheiscirt. Bainfear tairseach chriticiúil amach trí Phort Láirge a bheith ag gníomhú mar thairseach, agus Loch Garman agus Cill Chainnigh ag tacú leis mar mhoil. Cuirfidh Port Láirge, Loch Garman agus Cill Chainnigh borradh réigiúnach chun cinn trí bhonn mór agus oilte daonra, acmhainní substainteacha le haghaidh feidhmeanna breise cónaithe agus iad siúd a bhaineann le fostaíocht a sholáthar agus trí líonra iompair atá ag dul i bhfeabhas a sholáthar.

Sainaithnítear Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh laistigh den SPN mar ‘Deis le haghaidh Treisiú Uirbeach’ atá lonnaithe feadh Conair Náisiúnta Iompair straitéiseach a cheanglaíonn Baile Átha Cliath agus Port Láirge le chéile (féach Fíor 1). De réir an SPN, tá ar chumas na mbailte ainmnithe seo dul i méid agus ba cheart caipitliú a dhéanamh ar a láidreachtaí trí ghníomhaíochtaí um chur chun cinn na pleanála agus na forbartha, i measc rudaí eile.

Luaitear sa SPN, chomh maith, gur cheart caipitliú a dhéanamh ar bhaile Ghuaire, trí ghníomhaíochtaí um chur chun cinn na pleanála agus na forbartha áitiúla, le tacaíocht ó athghiniúint uirbeach agus tionscnaimh eile feabhais, a bhronnann rogha shainiúil eile ar bhailte beaga do dhaoine atá meallta ag an gcáilíocht beatha is féidir leis na bailte siúd a chur ar fáil.

**Fíor 1 Réigiún an Oirdheiscirt**




Foinse: AN SSN, 2002.

| | |
|---|---|
| Gateway | Tairseach |
| Hubs | Moil |
| County Town | Baile Contae |
| <5,000 Town | Baile <5,000 Duine |
| 1,500-5,000 Town | Baile 1,500-5,000 Duine |
| Urban Centres (Circa 1,000) | Lárionaid Uirbeacha (thart ar 1,000 duine) |
| National Transport Corridor | Conair Náisiúnta Iompair |
| Airport | Aerfort |
| Transit Port | Port Idirthurais |
| Major Fishing Port | Port Mór Iascaireachta |
| to Limerick | go Luimneach |
| Tipperary | Tiobraid Árann |
| Caher | An Chathair |

| | |
|---|---|
| Cashel | Caiseal |
| Fethard | Fiodh Ard |
| Clonmel | Cluain Meala |
| Carrick-on-Suir | Carraig na Siúire |
| Kilkenny | Cill Chainnigh |
| Tullow | An Tulach |
| Carlow | Ceatharlach |
| to Dublin | go Baile Átha Cliath |
| to Athlone | go Baile Átha Luain |
| Bunclody | Bun Clóidí |
| Gorey | Guaire |
| Ferns | Fearna |
| Enniscorthy | Inis Córthaidh |
| Graguenamanagh | Gráig na Manach |
| Thomastown | Baile Mhic Andáin |
| New Ross | Ros Mhic Thriúin |
| Wexford | Loch Garman |
| Rosslare | Ros Láir |
| Waterford | Port Láirge |
| Dunmore East | Dún Mór |
| Tramore | Trá Mhór |
| Dungarvan | Dún Garbhán |
| Youghal | Eochaill |
| to Cork | go Corcaigh |
| Lismore | Lios Mór |
| N (on compass) | T |
| Callan | Callainn |
| Approx. Scale | Neas-Scála |
| Castlecomer | Caisleán an Chomair |
| Rural Area with Strong Potential for Diversification | Ceantar Tuaithe ina bhfuil Féidearthacht Láidir le haghaidh Éagsúlú |
| Urban Strengthening Opportunity | Deis um Threisiú Uirbeach |

| | |
|---|---|
| Village Strengthening and Rural Area Opportunities | Deiseanna um Threisiú Sráidbhaile agus Ceantair Thuaithe |
| Strategic Rural Assets within a Metropolitan Hinterland | Sócmhainní Straitéiseacha Tuaithe laistigh de Chúlchríoch Uirbeach |

### 2.1.2 An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Foilsíodh an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 Éire a Bhunathrú – Cáilíocht Beatha Níos Fearr do Chách (an PFN), in Eanáir 2007. Leagtar béim ann ar an gcaoi nach mór na bailte contae atá suite go straitéiseach agus na bailte eile níos mó a éascú chun tabhairt faoi fhorbairt agus nach mór forbairt a cheadú iontu; ionas go gcomhlíonann siad ról tábhachtach lena chinntiú go dtiteann forbairt chothromaithe amach laistigh de na réigiúin agus idir na réigiúin. Spreagfar forbairt na láithreacha seo agus láithreacha dá macasamhail amach anseo trí phleanáil éifeachtach áitiúil agus trí infheistíocht níos fairsinge phoiblí agus phríobháideach a ghiaráil. Luaitear chomh maith, d’fhonn na moil a threisiú, beidh sé riachtanach comhpháirtíocht a dhéanamh idir infheistíocht náisiúnta agus fís agus ceannaireacht áitiúil agus infheistíocht phríobháideach a mhealladh.
Is é an cur chuige i dtaobh bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe eile níos lú ná infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsúcháin ar rochtain; tríd an líonra bóithre nach bóithre náisiúnta iad agus tríd an tionscnamh iompair phoiblí thuaithe, seirbhísí uisce, leathanbhanda tuaithe, seirbhísí pobail agus tithíocht. Cuirfidh seo ar chumas na lonnaíochtaí seo chun forbairt agus infheistíocht a mhealladh.

Is gá tacaíocht a thabhairt do bhailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe i dtaobh limistéir nua ghníomhaíochta geilleagraí a fhorbairt, ar nós gníomhaíochtaí fiontair bhreisluacha, turasóireachta, fiontar áitiúla, seirbhísí agus fuinneamh in-athnuaite chun cur le gnéithe marthanacha earnáil athstruchtúraithe gnó talmhaíochta/acmhainní nádúrtha agus deiseanna nua fostaíochta a sholáthar.

### 2.1.3 An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide na bearta a theastaíonn lena chur ar chumas na hÉireann a sciar de ghealltanais an AE a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kyoto. Moltar ann meascán leathan de bhearta atá dírithe ar aistriú módúil

a bhaint amach i leith iompar poiblí, siúil agus rothaíochta, anuas ar éifeachtúlacht mhéadaithe in iompar pearsanta agus lastais.

### 2.1.4 Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe: Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020

Is é cuspóir na cáipéise Taisteal Níos Cliste, ná go mbainfear an méid a leanas amach faoin mbliain 2020:

- Beidh ar bhorradh daonra agus geilleagrach amach anseo titim amach den chuid is mó i gceantair inbhuanaithe dhlútha uirbeacha agus thuaithe a dhíspreagfadh forbairt scaipthe agus comaitéireacht fhada;
- Laghdófar comaitéireacht a bhaineann leis an obair i ngluaisteáin;
- Déanfar freastal ar thiománaithe gluaisteán ar mhodhanna eile, ar nós siúil, rothaíochta, iompar poiblí agus roinnt gluaisteán nó trí bhearta eile ar nós ríomhoibriú;
- Ní thiocfaidh méadú suntasach ar na ciliméadair iomlán a thaistealóidh an cabhlach gluaisteán in 2020 aníos ón líon iomlán na gciliméadar a thaistealaíonn gluaisteáin faoi láthair;
- Éireoidh earnáil lastas bóthair níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh de, agus tiocfaidh laghdú ina dhiaidh sin ar astuithe;
- Rannchuideoidh iompar go bríoch le gealltanas na hÉireann faoi shocrú comhroinnte díchill an AE a bheartaítear i dtaca le hathrú aeráide agus bainfear amach fíor-laghduithe ar na leibhéil reatha d'astuithe.

### 2.1.5 Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola

Glacadh leis na Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola d'Údaráis Phleanála (na TPM) in Aibreán 2012, a tháinig in ionad threoirlínte 2005. Soláthraítear sna treoirlínte cuspóirí soiléire do bheartas miondíola, leagtar amach iontu treoir maidir le formáidí sonracha miondíola agus eisítear comhairle iontu maidir le láthair forbairt nua miondíola. Sainaithnítear sna TPM na cúig phríomhchuspóir beartais náisiúnta, arb iad:

- A chinntiú go bhfuil forbairt miondíola faoi stiúir pleananna;

- Beogacht i lár na cathrach/an bhaile a chur chun cinn trí chur chuige seicheamhach i leith forbartha;
- Iomaíocht a bhaint amach san earnáil mhiondíola trí thograí forbartha atá ar chaighdeán maith a chumasú go gníomhach chun teacht chun cinn i láithreacha oiriúnacha;
- Aistriú a éascú i dtreo rochtain mhéadaithe ar mhiondíol trí iompar poiblí, rothaíocht agus siúl i gcomhréir leis an straitéis Taisteal Níos Cliste; agus
- Torthaí ardchaighdeáin dearaidh uirbigh a sholáthar.

Tugtar cuntas sna TPM nach mór do phleananna forbartha, ar an ábhar sin, an méid a leanas a dhéanamh:

1. Gnéithe dá n-ordlathas lonnaíochta a lua ar aon dul leis na treoirlínte ábhartha pleanála réigiunaí agus a gcroístraitéis;
2. Cuntas a thabhairt ar leibhéal agus foirm na gníomhaíochta miondíola a oireann do chomhábhair éagsúla an ordlathais mhiondíola sa chroístraitéis;
3. Sainmhíniú a thabhairt, trí léarscáil, ar theorainneacha croílimistéir shiopadóireachta láir chathrach agus bhaile agus ar láthair aon lárionaid cheantair;
4. Measúnú fairsing (méadair chearnacha) a chur san áireamh ar an ngá atá le spás breise urláir mhiondíola ach amháin i gcás na bpleananna siúd sna limistéir atá cumhdaithe ag comhstraitéis miondíola nó ag straitéis miondíola ilúdaráis;
5. Treoir straitéiseach a leagan amach ar láthair agus scála na forbartha miondíola chun tacú leis an ordlathas lonnaíochta, ina measc, sa chás gur cuí, láithreáin deiseanna a shainaithint atá oiriúnach agus ar fáil, a dhéanfaidh freastal ar riachtanais mhiondíola an cheantair amach anseo;
6. Láithreáin a shainaithint ar féidir leo freastal ar riachtanais formáidí nua-aimseartha miondíola ar bhealach a dhéanann nádúr an limistéir shiopadóireachta a choimeád;
7. Cuspóirí a chur san áireamh chun tacú le tionscnaimh ghnímh i láir chathrach agus bhaile; ar nós an mhéid a leanas
   - Bearta bainistíochta soghluaisteachta, a fheabhsaíonn inrochtaineacht limistéir mhiondíola agus é ina chuspóir chun timpeallacht uirbeach a fhreastalaíonn ar choisithe agus ar rothaithe agus beatha bheoga sráide a fhorbairt;

- Idirghabháil fearainn phoiblí, atá dírithe ar fheabhas a chur ar thaithí mhiondíola a fheabhsú trí dhearadh ardchaighdeáin chathartha, fearastú mealltach sráide, soilsiú agus tionscnaimh cheantair de shaghas um fheabhsú glanadh/gnó éifeachtach sráide a sholáthar;

8. Critéir ábhartha forbartha bainistíochta a shainaithint chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí miondíola i gcomhréir leis na treoirlínte seo.

Chomh maith leis sin, sainaithnítear sna TPManna láithreacha nach mór comhstraitéisí nó straitéisí miondíola ilúdaráis a ullmhú.  Ní mór do Chomhairle Contae Loch Garman, ar aon dul le Comhairlí Contae agus Cathrach Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann, comhstraitéis nó straitéis miondíola ilúdaráis a ullmhú. Níor ullmhaíodh aon straitéis go dtí seo. Cabhróidh na sonraí a bailíodh agus an taighde faoinar tugadh don Straitéis seo leis an gcomhstraitéis/an straitéis ilúdaráis a ullmhú.

## 2.2 Comhthéacs Réigiúnach

Is é an plean is tábhachtaí do Chontae Loch Garman na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí do Réigiúin an Oirdheiscirt (TPRRODanna).

### 2.2.1 Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas

Creat fadtéarmach pleanála straitéisí d'fhorbairt réigiún an oirdheiscirt a fhad le 2022 iad na TPRODanna. Tá ról tábhachtach ag na treoirlínte i gcur i bhfeidhm an SSN. Is é príomhphrionsabal na Straitéise Forbartha Réigiúnaí chun tairseach chriticiúil leordhóthanach a bhaint amach i mbailte agus i gcathracha go ndéanfar daoine féinleorga díobh agus go rachaidh siad in iomaíocht le lárionaid uirbeacha i réigiúin eile. Leagtar amach sna treoirlínte ordlathas uirbeach ag a bhfuil róil forbartha le haghaidh saghsanna éagsúla de lárionaid uirbeacha sa réigiún.

Mar gheall ar shainiú Bhaile Loch Garman mar mhol, tá sé spriocthta le haghaidh leibhéil shuntasacha de bhorradh mar gheall gur lárionad uirbeach é a thacaíonn leis an Tairseach agus a dtacaíonn an Tairseach leis. Díríodh ar Ros Mhic Thriúin, mar Bhaile Mór, i dtaobh borrtha agus aird ar a láthair straitéiseach, an cumas atá ann

chun tabhairt faoi bhorradh agus na deiseanna atá ann chun tabhairt faoi na croíchuspóirí lena mbaineann tairseach chriticiúil agus forbairt chothromaithe réigiúnach.  Anuas air sin, tá Inis Córthaidh agus Guaire ainmnithe mar Bhailte Móra, agus déantar cur síos orthu amhail gur tugadh ardleibhéil de bhorradh daonra faoi deara iontu agus leanann siad bheith mar láithreacha mealltacha le haghaidh forbairt cónaithe. Is gá d'fhorbairtí pobail, sóisialta agus miondíola breith ar mhearchéimeanna d'fhorbairt a rinneadh le déanaí, a bhí ina forbairt cónaithe den chuid ba mhó. Sainaithnítear Bun Clóidí agus Droichead an Chaisleáin mar Bhailte Ceantair ag a bhfuil seirbhísí dea-fhorbartha agus áiseanna pobail agus tá na deiseanna iontu go dtiocfaidh breis borrtha orthu (faoi réir infheistíochtaí áirithe fisiciúla bonneagair). Luaitear sna TPRODanna, chomh maith, go gcomhlíonann bailte agus sráidbhailte beaga ról tábhachtach mar lárionaid seirbhíse/mhiondíola/chónaithe agus gur gá dóibh iad a fhorbairt ar an mbealach sin a léiríonn meas ar a saintréithe reatha agus a threisíonn a ról mar lárionaid seirbhíse áitiúla i gcomhthráth.

Tacaíonn an tÚdarás Réigiúnach le borradh leanúnach na hearnála miondíola agus le forbairt gnólachtaí miondíola (trádstóras miondíola san áireamh) agus feidhm mhiondíola na bpríomhshráideanna siopadóireachta á cosaint. Luann siad gur cheart go sásódh forbairt nua miondíola critéir 'Taisteal Níos Cliste' i dtaobh a láithreach agus a inrochtaineachta ag modhanna inbhuanaithe taistil. Tacaíonn an tÚdarás Réigiúnach, chomh maith, le Comhstraitéis Miondíola a fhorbairt do Chathair/Chontae Phort Láirge, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann agus Loch Garman. Tugann an tÚdarás cuntas ar chritéir ar cheart d'údaráis áitiúla a lorg lena gcur san áireamh i bpleananna forbartha a dhéanann an méid a leanas:

- Láir bhaile agus chathrach a chur chun cinn mar phríomhláithreacha laistigh de chomhthéacs ordlathas miondíola;
- Réimse láithreáin oiriúnacha a shainaithint a d'fhéadfadh an freastal is fearr a dhéanamh ar an éileamh ar fhorbairt, agus béim ar leith ar naisc fheabhsaithe iompair phoiblí;
- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn fairsingiú beartaithe suntasach ar spás urláir mhiondíola ar ghluaiseacht agus an tionchar a

imrítear ar chumas na mbóithre agus rochtain ar iompar poiblí á chur san áireamh;

- Feabhas a chur ar rochtain ar láir bhailte trí dheiseanna a éascú le haghaidh iompar poiblí, rothaíochta agus siúil agus a chinntiú, i gcomhthráth, go bhfuil dóthain páirceáil ghearrthéarmach ann chun freastal ar riachtanais siopadóirí a dhéanann taisteal i ngluaisteáin.

## 2.3 Comhthéacs Áitiúil

Ar leibhéal an chontae agus ar leibhéal níos áitiúla, tá roinnt pleananna ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Straitéis Miondíola. Is tábhachtach a bheith feasach ar na beartais agus na cuspóirí ábhartha a chuimsítear laistigh de na pleananna seo chun Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman a ullmhú. Is iad na pleananna ábhartha:

- Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Loch Garman 2009-2015
- Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014
- Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017
- Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2008-2014
- Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2010-2016
- Plean Forbartha Chontae Cheatharlach 2009-2015 agus Plean Forbartha Bhaile Cheatharlach 2009-2015
- Plean Forbartha Chontae Chill Chainnigh 2008-2014 agus Plean Forbartha Chathair agus Phurláin Chill Chainnigh 2008-2014

### 2.3.1 Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Bhaile Loch Garman 2009-2015 agus Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014

Ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman le Plean Bhaile Loch Garman an 9 Márta 2009. Ghlac Comhaltaí Chomhairle Chontae Loch Garman le Plean Inis Córthaidh an 14 Aibreán 2008. Lorgaíonn an dá phlean seo leis na cuspóirí céanna a bhaint amach maidir le miondíol agus i measc na gcuspóirí siúd, tá an méid a leanas:

1. Scaipeadh éifeachtúil, cothrom agus inbhuanaithe spásúil lárionaid mhiondíola a chinntiú sna bailte agus timpeall na mbailte.

2. Rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh le próifíl mhiondíola agus iomaíochas Chontae Loch Garman a chothú agus a fheabhsú laistigh de gheilleagar miondíola réigiún an oirdheiscirt agus níos faide i gcéin.
3. Dul i ngleic le sceitheadh caiteachas miondíola ó na bailte agus óna gceantair trí threisiú réimse agus cháilíocht an mhéid a chuireann siad ar fáil i dtaobh cúrsaí miondíola de a éascú.
4. Prionsabail agus treoir shoiléir a bhunú maidir leis an áit a mbeadh foirmeacha éagsúla de spás urláir inghlactha.
5. A chinntiú go bhfreastalaítear a mhéid agus is féidir ar riachtanais mhiondíola cheantair Loch Garman/Inis Córthaidh chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn laistigh de na bailte agus chun an aird chuí a thabhairt ar ordlathas miondíola réigiún an oirdheiscirt.
6. Na critéir a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar thograí forbartha miondíola.

### 2.3.2 Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Ros Mhic Thriúin 2011-2017

Ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman le Plean Ros Mhic Thriúin an 14 Feabhra 2011. Seo a leanas na beartais mhiondíola a chuimsítear laistigh den phlean:

Beartas R01: A chinntiú go mbeidh tromlach na forbartha miondíola lonnaithe laistigh de lár an bhaile. Coimeádfar na limistéir atá ainmnithe mar éadanais phríomha agus thánaisteacha mhiondíola mar phríomhláithreacha le haghaidh forbairt miondíola.

Beartas R02: Ar phríomhéadanais siopadóireachta, déanfar breithniú fabhrach ar chead le haghaidh banc agus seirbhísí gairmiúla eile, úsáidí oifige, bialann, beár, eischeadúnas, bialanna beir leat agus úsáidí siamsaíochta eile, a fhad agus a chomhlíontar na critéir a leanas:
(i) Ní bheadh na tograí, cé acu ar bhonn aonair nó carnach, ina gcúis le díobháil fhollasach d’fheidhm carachtar nó cuma an éadanais atá i gceist nó do lár an bhaile ina iomláine.
(ii) Ní bheadh aon chaillteanas suntasach cóiríocht chónaithe ar leibhéil uachtaracha urláir dá thoradh.  Cé gurb é úsáid cónaithe an rogha úsáide thuas staighre, glactar

leis nach mbíonn sé indéanta i gcónaí chun freastal ar aonaid chuí sna foirgnimh seo. Ar an ábhar sin, déanfar breithniú ar úsáidí tráchtála eile ach beidh aird ag an Údarás Pleanála ar an méid úsáidí cónaithe a choimeádtar sa limistéar lena chinntiú go gcoimeádtar cothromaíocht d'úsáidí cónaithe agus tráchtála i lár an bhaile. Ní bheadh an úsáid, anuas ar na húsáidí reatha nó ceadaithe ina dtoradh ar iolracht dho-ghlactha na n-úsáidí siúd in aon limistéar amháin.

Beartas R03: Ar phríomhéadanais siopadóireachta, déanfar iarratais ar chead pleanála a n-eascróidh glanchaillteanas áisiúlachta agus spás comparáide urláir shiopadóireachta astu ar leibhéal na talún a dhiúltú mar gheall go n-imreodh seo tionchar ar bheogacht agus ar inmharthanacht na sráideanna seo.

Beartas R04: Tús áite a thabhairt d'athúsáid foirgneamh folamh agus tréigthe i lár an bhaile d'úsáidí, ina measc forbairt miondíola.

Beartas R05: Úsáid a bhaint as urláir thalún foirgneamh a dhéanann éadan leis an gcé a spreagadh d'úsáidí miondíola agus gaolmhara. Déanfar tograí óna n-eascraíonn úsáidí eile seachas úsáidí miondíola agus gaolmhara ar leibhéal na talún a dhiúltú. Ba cheart go ndéanfadh foirgnimh nua na húsáidí siúd a chomhtháthú ar leibhéal urlár na talún agus soláthar a dhéanamh d'éadanais ghníomhacha.

Beartas R06: Leanúint le feabhas a chur ar thimpeallacht lár an bhaile chun feabhas a chur ar a mhealltacht, a bheogacht agus a inmharthanacht.

Beartas R07: A cheangal go dtugtar faoi Mheasúnacht Tionchair Miondíola i dtaobh forbairtí mórscála nó d'fhorbairtí a mheasann an tÚdarás Pleanála a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bheogacht agus inmharthanacht lár an bhaile. I measc na ráiteas siúd, áireofar, ar a laghad, na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 de na Treoirlínte maidir le Pleanáil Miondíola (an DEHLG, 2005).

Beartas R08: Áiseanna do choisithe a sholáthar sa phríomhlimistéar miondíola.

Beartas R09: Úsáid a bhaint as asraonta neamháitithe miondíola i lár an bhaile mar Lárionaid Ghorlainne Miondíola a spreagadh agus a éascú.

Beartas R10: A chinntiú go mbeidh forbairt nua miondíola i lárionaid na comharsanachta dírithe ar earraí áisiúlachta agus go ndéanfar breithniú ar earraí oiriúnacha comparáide chun soláthar a dhéanamh do riachtanais laethúla siopadóireachta an phobail áitiúil.

### 2.3.3 Plean Forbartha Chathair Phort Láirge 2008-2014

Cuimsítear sa phlean seo straitéis miondíola a aithníonn ról Chathair Phort Láirge mar an lárionad príomha miondíola sa réigiún agus an díriú ar spás urláir miondíola comparáide. Maidir le trádstóras miondíola, tugtar le fios sa phlean go dtiocfaidh fairsingiú ar chaiteachas i gcatagóirí earraí a dtarlódh nach ndéanfar freastal gan stró orthu laistigh den lárlimistéar siopadóireachta. Luaitear, mura gcuirtear cosc ar an réimse earraí atá ar fáil i spás urláir thrádstórais ar gach rud seachas earraí toirtiúla, féadfaidh siad tionchar diúltach a imirt ar lár na cathrach.

Laistigh den phlean, sainaithníodh láithreáin shonracha chun lárionaid chomharsanachta agus cheantair a sholáthar amach anseo chun freastal ar dhaonraí fo-uirbeacha. Déantar tagairt do cheantar Phort an Chalaidh agus fo-bhailte Fhearann na Mainistreach agus Scair na Carraige a fhorbairt, atá lonnaithe i gContae Chill Chainnigh agus go bhfreastalóidh na ceantair seo ar an daonra cónaithe lastuaidh d'Abhainn na Siúire. Nuair a chuirtear a ghaire atá na tailte seo do Loch Garman agus, níos tábhachtaí, do Ros Mhic Thriúin, d'fhéadfadh forbairt na dtailte seo tionchar a imirt ar chaiteachas a mhealladh amach ó Loch Garman.

### 2.3.4 Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin

Nuair a chuirtear a ghaire atá Contae Loch Garman do bhaile an Inbhir Mhóir, meastar go mbaineann tábhacht is mó leis na beartais a bhaineann leis an Inbhear Mór. Leithdháiltear i Straitéis Miondíola Chill Mhantáin borradh 7,000-10,000m$^2$ ar an Inbhear Mór i spás urláir chomparáide agus 2,000-2,500m$^2$ de spás urláir áisiúlachta. Luaitear sa straitéis miondíola nua, ó tugadh faoin athbhreithniú ar na ceadanna reatha pleanála, tógadh thart ar 16,500m$^2$ de spás nua miondíola nó

táthar ag feitheamh le tosú / tá sé á thógáil (thart ar 6,500 $m^2$ de spás urláir áisiúlachta agus 10,000$m^2$ de spás urláir chomparáide). Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ar iarratas breise ar thart ar 8,400 $m^2$ de spás urláir mhiondíola ag an mBord Pleanála (láithreán The Alps). Anuas air sin, tugtar chun solais sa straitéis go bhfuil trádstóras teoranta miondíola ar fáil san Inbhear Mór, agus nach bhfuil ach asraonta crua-earraí agus earraí leictreacha ar fáil, den chuid is mó, ar easnamh suntasach seo nuair a chuirtear an fad san áireamh ón Limistéar Uirbeach.

Seo a leanas an straitéis don Inbhear Mór:

1. Comhdhlúthú agus feabhsú a chur chun cinn ar mhiondíol agus ar ghníomhaíochtaí eile lár an bhaile sa chroílimistéar; ní dheonófar aon chead suntasach breise, áfach, seachas (i) Áitribh neamh-mhiondíola a iompú sa chroílimistéar ina n-úsáid miondíola, (ii) Áitribh reatha mhiondíola a athchóiriú agus a fhairsingiú sa chroílimistéar miondíola, (iii) Láithreáin úrnua nó thréigthe a athfhorbairt sa chroílimistéar agus (iv) Áiseanna reatha a ionadú laistigh den bhaile;
2. An earnáil trádstóras miondíola a fhairsingiú, cibé acu ar láithreacha reatha trádstóras miondíola nó eastáit thionsclaíoch, nó ar láithreáin nua a dheimhneofar trí phróiseas an phlean baile nó ceantair áitiúil.

### 2.3.5 Plean Forbartha Chontae Cheatharlach 2009-2015 agus Plean Forbartha Bhaile Cheatharlach 2009-2015

Cuimsítear sna pleananna seo straitéis miondíola a ullmhaíodh i gcomhar le Comhairle Baile Cheatharlach agus le Comhairle Contae Cheatharlach. Is é Baile Cheatharlach an príomhbhaile sa chontae agus is é an baile is mó sa chontae i dtaobh an róil agus na feidhme a sholáthraíonn sé. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Tulach agus Muine Bheag feidhm thacaíochta do Bhaile Cheatharlach. Ar an gcéad leibhéal eile, soláthraíonn Baile Haicéid, an Charraig Dhubh agus Tigh na hInse feidhmeanna tábhachtacha miondíola.

Tar éis an mheasúnacht acmhainne a rinneadh, ní theastaíonn breis acmhainní le haghaidh spás breise urláir sa chontae. Luaitear sa straitéis, áfach, gur léir gur gá spás breise urláir a sholáthar i roinnt bailte laistigh den ordlathas miondíola. Ba cheart an mheasúnacht fhairsing acmhainne a úsáid i gcomhar leis an measúnacht

cháilíochtúil a théann i ngleic le gach iarratas pleanála ar bhonn a fhiúntais. Cuirfidh an mheasúnacht fhairsing acmhainne ar chumas an údaráis phleanála a chinntiú nach bhfuil an togra forbartha as scála i gcomparáid leis an bpatrún forbartha reatha agus amach anseo. Cuirfidh seo ar chumas an údaráis phleanála a chinntiú go gcomhlíonann togra ceanglas suímh an phlean forbartha agus an gá atá le spás urláir mhiondíola de shaghas áirithe laistigh de lár baile ar leith. Luaitear sa phlean gur gá an tástáil sheicheamhach a chur i bhfeidhm go dian ar gach togra nua forbartha miondíola agus beidh gá le monatóireacht chúramach a dhéanamh ar leibhéal agus ar mhéid na dtograí le haghaidh earraí breise toirtiúla. Anuas air sin, tugtar faoi deara go mbeidh aird ag an údarás pleanála ar gach toiliú reatha pleanála le haghaidh forbairt miondíola nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar thograí nua.

### 2.3.6 Plean Forbartha Chontae Chill Chainnigh 2008-2014 agus Plean Forbartha Chathair agus Phurláin Chill Chainnigh 2008-2014

D’ullmhaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh (an Chomhairle Contae) agus Comhairle Buirge Chill Chainnigh straitéis miondíola i gcomhthráth lena bpleananna faoi seach. Laistigh dá measúnacht acmhainne, úsáideadh dhá chás chun meastachán a dhéanamh ar an neas-spás urláir a theastaíonn chun freastal ar an méadú a bhfuil coinne leis ar chaiteachas (a) cás amháin a chuir ceadanna trádstóras miondíola ar marthain san áireamh agus (b) cás a d’fhág ceadanna trádstóras miondíola ar marthain as an áireamh. Teastaíonn trádstóras miondíola a bhaint ón measúnacht acmhainne mar gheall go n-eascraíonn easpa cumais d’aon spás urláir chomparáide nua príomhshrutha i Lár Chathair Chill Chainnigh go dtí tráth i ndiaidh 2014 as an trádstóras miondíola a chur san áireamh sa mheasúnacht acmhainne.

Soláthraítear sa mhéid a leanas treoir ar conas a dhéanann an straitéis miondíola sainmhíniú ar spás straitéiseach agus neamhstraitéiseach urláir mhiondíola laistigh den ordlathas miondíola:

Leibhéal 1 (Lár Bhaile Mhóir/Baile Contae Mór Chathair agus Phurláin Chill Chainnigh): Móráis agus comparáid

Leibhéal 2 (Callainn, Baile Mhic Andáin, Caisleán an Chomair, Gráig na Manach): Áisiúlacht mheánoird agus comparáid a bhaineann le turasóireacht i mbailte fo-chontae.
Leibhéal 3: Níl aon lárionaid sainaitheanta faoi láthair ar an leibhéal seo in ordlathas miondíola an chontae.
Leibhéal 4 (lár an tsráidbhaile agus lár na comharsanachta): Áisiúlacht bhreise go príomha ach gan comparáid a bhaineann le turasóireacht a fhágáil ar lár.

Beartais mhiondíola a mbaineann tábhacht leo laistigh den phlean;
ED23 Ní dheonófar aon pháirceanna breise trádstóras miondíola sa chathair agus sna purláin agus timpeall orthu mar gheall ar shrianta ar an acmhainn chaiteachais le haghaidh spás breise urláir chomparáide i gcaitheamh na tréimhse 2008-2014.

Ní dhéanfar eisceachtaí i leith an bheartais seo ach nuair is féidir a chruthú go gcuireann togra uathúlacht agus nuálacht ar bhonn aonchiallach leis an méid a chuireann cúrsaí miondíola na cathrach agus an chontae ar fáil, nach féidir freastal orthu i lár na cathrach nó ar imeall láithreacha an láir.

ED27 Tá leithdháileadh cothrom spás nua urláir mhiondíola agus úsáidí lár baile idir Stáisiún Mhic Dhonnchadha, láithreán Kmart agus Cé Bateman lena chinntiú nach mbíonn an lámh in uachtar ag aon láithreán amháin ar thírdhreach miondíola na cathrach nó nach soláthraíonn sé rogha ar lár na cathrach/an phríomhlimistéir shiopadóireachta.

## 2.4 Conclúid

| Ag smaoineamh anois ar shiopadóireacht d'éadaí agus bróga, duit féin agus do do theaghlach araon, cén baile, ionad siopadóireachta nó láthair miondíola ar gnách duit cuairt a thabhairt air/uirthi chun an ceannach seo a dhéanamh? | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Láthair an tSuirbhé | Loch Garman | Guaire | Baile Átha Cliath | Port Láirge | Ceatharlach | Ar líne | Eile Loch Garman | Eile Lasmuigh de Loch Garman |
| Baile an Bharúnaigh | 6 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Droichead an Chaisleáin | 13 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Loch Garman | 104 | 1 | 8 | 3 | 2 | 1 | 1 | 1 |
| Teach Gót | 4 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Teach Munna | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Trá Ros Láir | 9 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Calafort Ros Láir | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Gleann | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chill Mhór | 10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Baile Mhúráin | 13 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Maigh Ghlas | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cill Ruáin | 6 | 0 | 1 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baile an Phiarsaigh | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

**Tábla Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de T.C. Inis Córthaidh**

| Láthair an tSuirbhé | Loch Garman | Inis Córthaidh | Baile Átha Cliath | Port Láirge | Ceatharlach | An tInbhear Mór | Ar líne | Eile Loch Garman | Eile lasmuigh de Loch Garman |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile an Daingin | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baile Uí Mhurúin | 4 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Abhainn Dubh | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Brí | 8 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Bealach | 4 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Bun Clóidí | 0 | 2 | 4 | 0 | 9 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Inis Córthaidh | 23 | 35 | 9 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 2 |
| Gleann Bhriain | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baile an Mharascalaigh | 2 | 2 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chúil Gharbh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Eadardroimín | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tAbhallort | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráth an Iúir | 1 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |

**Tábla Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de T.C. Ros Mhic Thriúin**

| Láthair an tSuirbhé | Loch Garman | Guaire | Inis Córthaidh | Ros Mhic Thriúin | Baile Átha Cliath | Port Láirge | Eile Loch Garman | Eile Lasmuigh de Loch Garman |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ros Mhic Thriúin | 4 | 0 | 0 | 11 | 0 | 38 | 0 | 0 |
| An Charraig | 4 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| An Ghráinseach | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Droichead Eoin | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Fiodh Ard | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Dún Canann | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 |
| Cluain an Róistigh | 0 | 0 | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cluain Caoin | 4 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Ceann Poill | 3 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 |
| Baile Uí Choileáin | 8 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 |
| Muileann Fúca | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |


**Tábla Cinn scríbe éadaí agus coisbhirt laistigh de T.C. Ghuaire**

| Láthair an tSuirbhé | Loch Garman | Guaire | Inis Córthaidh | Baile Átha Cliath | Ceatharlach | An tInbhear Mór | Eile Loch Garman | Eile Lasmuigh de Loch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | Garman |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile na Cúirte | 1 | 20 | 0 | 4 | 0 | 7 | 0 | 0 |
| Cúil Ghréine | 0 | 2 | 0 | 0 | 1 | 3 | 0 | 0 |
| Fearna | 1 | 6 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cill Mhucraise | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Baile Uí Chonnmhaí | 0 | 4 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Guaire | 4 | 35 | 0 | 14 | 0 | 10 | 1 | 1 |
| Ráth an Chuilinn | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| Coill an Iarainn | 0 | 3 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Muine Moling | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cam Eolaing | 2 | 1 | 0 | 3 | 0 | 2 | 0 | 0 |

Taispeántar i bhFíor 15 cé mhéid a chaith daoine aonair ar a dturas siopadóireachta deireanach chun siopadóireacht éadaí agus coisbhirt a dhéanamh. Chaith formhór na bhfreagróirí (34.5%) níos lú na €50 agus chaith 31.2% idir €51 agus €100.

**Fíor    Caiteachas ar éadaí agus ar choisbheart**





| | |
|---|---|
| **Percent** | **Céatadán** |
| **Please tell me how much...** | **Inis dom, le do thoil, cé mhéid a chaith tú ar do thuras DEIREANACH siopadóireachta d'éadaí agus do bhróga?** |
| **Don't know** | **Ní fios dom** |

### 3.3.5 Siopadóireacht d'Earraí Toirtiúla

Fiafraíodh de na freagróirí cár cheannaigh siad earraí móra toirtiúla teaghlaigh an uair dheireanach. Ní bhaineann na torthaí thíos ach leo siúd a cheannaigh earraí toirtiúla mar gheall nár cheannaigh go leor daoine earraí (go háirithe iad siúd i gcóiríocht ar cíos). Mura raibh an tréimhse ama ó ceannaíodh earraí toirtiúla i gceist le déanaí, tugadh neamhaird don cheist. Léirítear i bhFíor 16 miondealú amhairc ar na láithreacha a ndeachaigh daoine chucu.  Meallann Loch Garman (44.9%) agus Guaire (16.4%) an méid is mó daoine. Tá a mhacasamhail de sciar den mhargadh á choimeád in Inis Córthaidh (5.9%), Ros Mhic Thriúin (5.7%) agus i mBaile Átha Cliath (6%). B'ionann líon na bhfreagróirí a rinne siopadóireacht lasmuigh den chontae d'earraí toirtiúla agus 18.7% den sampla. Léirítear i dTáblaí 36 go 39 go

díreach na háiteanna a dtaistealaíonn daoine chucu chun earraí toirtiúla a cheannach i gcoibhneas leis an láthair inar tugadh faoin suirbhé.

**Fíor 16 Cinn scríbe siopadóireachta earraí toirtiúla**




| | |
|---|---|
| Percent | Céatadán |
| Wexford | Loch Garman |
| Gorey | Guaire |
| Enniscorthy | Inis Córthaidh |
| New Ross | Ros Mhic Thriúin |
| Dublin | Baile Átha Cliath |
| Waterford | Port Láirge |
| Carlow | Ceatharlach |
| Arklow | An tInbhear Mór |
| Online | Ar líne |
| Other – Wexford | Eile – Loch Garman |
| Other – Outside Wexford | Eile – Lasmuigh de Loch Garman |

**Tábla Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de T.C. Loch Garman**

| Láthair | Loch Garman | Inis Córthaidh | Ros Mhic Thriúin | Baile Átha Cliath | Port Láirge | Ar líne | Eile Loch Garman | Eile Lasmuigh de Loch Garman |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile an Bharúnaigh | 8 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Droichead an Chaisleáin | 10 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Loch Garman | 87 | 0 | 0 | 7 | 3 | 2 | 4 | 1 |
| Teach Gót | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Teach Munna | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Trá Ros Láir | 9 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Calafort Ros Láir | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Gleann | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An Chill Mhór | 8 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baile Mhúráin | 10 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Maigh Ghlas | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cill Ruáin | 9 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Baile an Phiarsaigh | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

**Tábla Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de T.C. Inis Córthaidh**

| Láthair | Loch Garman | Guaire | Inis Córthaidh | Ros Mhic Thriúin | Baile Átha Cliath | Port Láirge | Ceatharlach | An tInbhear Mór | Ar líne | Eile Loch Garman | Eile lasmuigh de Loch Garman |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile an Daingin | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Baile Uí Mhurúin | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An Abhainn Dubh | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Brí | 4 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| An Bealach | 4 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Bun Clóidí | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 7 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Inis Córthaidh | 23 | 2 | 22 | 0 | 2 | 1 | 1 | 1 | 2 | 10 | 0 |
| Gleann Bhriain | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baile an Mharascalaigh | 2 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gharbh | | | | | | | | | | | |
| Eadardroimín | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tAbhallort | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ráth an Iúir | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |

**Tábla Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de T.C. Ros Mhic Thriúin**


| Cén baile, ionad siopadóireachta nó láthair miondíola inar cheannaigh tú earraí móra toirtiúla teaghlaigh an uair dheireanach? | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Láthair an tSuirbhé** | **Loch Garman** | **Inis Córthaidh** | **Ros Mhic Thriúin** | **Guaire** | **Port Láirge** | **Ar líne** | **Eile Loch Garman** | **Eile Lasmuigh de Loch Garman** |
| Ros Mhic Thriúin | 4 | 0 | 28 | 0 | 9 | 1 | 2 | 1 |
| An Charraig | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Ghráinseach | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Droichead Eoin | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Fiodh Ard | 1 | 0 | 1 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 |
| Dún Canann | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 |
| Cluain an Róistigh | 1 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| Cluain Caoin | 3 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Ceann Poill | 2 | 0 | 1 | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 |
| Baile Uí Choileáin | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 |
| Muileann Fúca | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

**Tábla Láithreacha siopadóireachta earraí toirtiúla laistigh de T.C. Ghuaire**

| **Láthair an tSuirbhé** | **Loch Garman** | **Guaire** | **Inis Córthaidh** | **Baile Átha Cliath** | **An tInbhear Mór** | **Ar líne** | **Eile Loch Garman** | **Eile Lasmuigh de Loch Garman** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile na Cúirte | 0 | 11 | 0 | 10 | 1 | 2 | 1 | 4 |
| Cúil Ghréine | 0 | 5 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Fearna | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 |
| Cill Mhucraise | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baile Uí Chonnmhaí | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Guaire | 0 | 41 | 0 | 11 | 2 | 1 | 1 | 1 |
| Ráth an Chuilinn | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Coill an Iarainn | 0 | 4 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Muine Moling | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cam Eolaing | 1 | 5 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Soláthraítear faisnéis i bhFíor 17 thíos ar an méid a chaith na freagróirí ar earraí toirtiúla le linn a dturas deireanach siopadóireachta. Nuair a chuirtear san áireamh réimse na n-earraí toirtiúla atá ar fáil, féadfaidh na praghsanna a bheith an-éagsúil ó earra amháin go hearra eile, mar shampla, svuít troscáin i gcomparáid le huirlis gairdín. Thaispeáin na suirbhéanna gur chaith 16.2% de na freagróirí ní ba lú ná €50, agus chaith 10.4% díobh idir €401 agus €500. Chaith líon teoranta daoine, 1.8% ar an iomlán, os cionn €4,000 an uair dheireanach a rinne siad siopadóireacht d'earraí toirtiúla.

**Fíor 17 Caiteachas ar earraí toirtiúla**





| Percent | Céatadán |
|---|---|
| **Can you tell me how much...** | **An féidir leat insint dom, le do thoil, cé mhéid a chaith tú ar do thuras deireanach siopadóireachta d'earraí móra TOIRTIÚLA teaghlaigh?** |
| **Don't know** | **Ní fios dom** |

### 3.3.6 Siopadóireacht Idirlín

Fiafraíodh de na freagróirí ar cheannaigh siad earraí ar an idirlíon le sé mhí anuas. Dúirt os cionn leath díobh (55%) go ndearna, agus dúirt 45% díobh nach ndearna. Sonraítear i bhFíor 18 aoisréimse iad siúd a dhéanann siopadóireacht ar an idirlíon. Ní hionadh gurb iad siúd idir 25 agus 34 agus 35 agus 44 bliain d'aois is mó a úsáideann í.

**Fíor 18 Miondealú orthu siúd a dhéanann siopadóireacht idirlín de réir aoise**

| Le sé mhí anuas, ar úsáid tú an t-idirlíon ar mhaithe le siopadóireacht a dhéanamh? |
|---|




| Count | Comhaireamh |
|---|---|
| Age | Aois |
| Yes | D'úsáid |
| No | Níor úsáid |

Léirítear an saghas earraí a cheannaigh iad siúd a thug faoi shiopadóireacht idirlín le sé mhí anuas ar Thábla 40. Iarradh ar na freagróirí freagraí iolracha a liostú ar an gceist seo agus sin an fáth atá le minicíocht na líonta.

**Tábla 40 Ceannach a rinneadh ar an idirlíon**

| Earraí | Líon an Cheannaigh | Céatadán an Cheannaigh |
|---|---|---|
| Leabhair | 146 | 23.7 |
| Dlúthdioscaí/físeáin | 111 | 18.0 |
| Éadaí agus coisbheart | 166 | 26.9 |
| Earraí leictreachas | 111 | 18.0 |
| Bia agus Grósaeirí | 41 | 6.6 |

| | | |
|---|---|---|
| Laethanta Saoire | 137 | 22.2 |
| Earraí Spóirt | 53 | 8.6 |
| Eile | 48 | 7.8 |
| Ní fios dom/ní chuimhin liom | 37 | 6.0 |

Sonraítear i dTábla 41 an méid a chaith freagróirí ar a gceannach deireanach ar an idirlíon. Is ionann caiteachas ar an idirlíon níos lú ná €100 agus 58.2% den chaitheamh foriomlán.

**Tábla 41 Caiteachas ar cheannach idirlín**

| Caitheamh | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| €0-50 | 128 | 39.6 |
| €51-100 | 60 | 18.6 |
| €101-150 | 40 | 12.4 |
| €151-200 | 22 | 6.8 |
| €201-250 | 13 | 4.0 |
| €251-300 | 11 | 3.4 |
| €301-350 | 6 | 1.9 |
| €351-400 | 6 | 1.9 |
| €401-500 | 11 | 3.4 |
| €501-600 | 8 | 2.5 |
| €601-700 | 4 | 1.2 |
| €701-800 | 3 | .9 |
| €801-900 | 1 | .3 |
| €901-1000 | 2 | .6 |
| €1001-1250 | 2 | .6 |
| €1251-1500 | 3 | .9 |
| €1501-2000 | 1 | .3 |
| €2001-4000 | 1 | .3 |
| Ní fios dom | 1 | .3 |
| Iomlán | 323 | 100 |

## 3.4 Achoimre

Léiriú maith iad na suirbhéanna ar theaghlaigh ar an leibhéal de sceitheadh miondíola a thugtar faoi deara sa chontae. Ní thaistealaíonn daoine ró-fhada chun grósaeirí a cheannach agus rinne 4.8% de na freagróirí siopadóireacht lasmuigh den chontae dá bpríomhshiopadóireacht bia agus grósaeirí. Tá sciar suntasach ag na hollmhargaí, chomh maith leis sin, den mhargadh siopadóireachta 'breisithe', a léiríonn nach mbraitheann sé go hiomlán ar ghaireacht leis an miondíoltóir. Baineann an leibhéal is suntasaí de sceitheadh miondíola le siopadóireacht comparáide, ina ndearna 27.8% de na freagróirí siopadóireacht de ghnáth lasmuigh den chontae d'éadaí agus do choisbheart. Ní hionadh go bhfuil sceitheadh suntasach ann sna ceantair ar imeall an chontae, i mbailte Ros Mhic Thriúin, Bhun Clóidí agus Ghuaire. I dtaobh siopadóireachta le haghaidh earraí toirtiúla, bhí an leibhéal de sceitheadh miondíola ní b'ísle agus rinne 18.7% siopadóireacht lasmuigh den chontae. Mheall bailte Loch Garman agus Ghuaire an líon b'airde, áfach. Anuas air sin, shainaithin na suirbhéanna gur cheannaigh breis agus leath na ndaoine ar a ndearnadh suirbhé rud éigin ar an idirlíon le sé mhí anuas.

# Mír 4 Breithmheas ar Scrúdú Folláine

## 4.0 Réamhrá

Uirlis thábhachtach iad 'Scrúduithe Folláine' chun measúnú a dhéanamh ar bheogacht agus inmharthanacht láir bhaile agus, ar an ábhar sin, is cuid lárnach iad de straitéis miondíola. De réir na TPManna, tagraíonn 'beogacht' do bhuacacht agus do ghníomhaíocht laistigh de bhaile, agus baineann 'inmharthanacht' le folláine thráchtála lár baile. Soláthraítear sa chuid seo den tuarascáil léargas ginearálta ar phróifíl mhiondíola agus ar mheasúnacht scrúdú folláine phríomhláir uirbeacha Bhaile Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Ghuaire. Anuas air sin, sonraítear ann, ar mhéid níos lú, bailte ceantair Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann, Bun Clóidí, Droichead Eoin, Droichead an Chaisleáin, Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin.

Is éard a dhéanann measúnacht scrúdú folláine, go bunúsach, ná anailís ar láidreachtaí agus laigí láir bhaile agus tá sí bunaithe ar anailís cháilíochtúil ar thosca ar nós réimse agus cáilíocht ghníomhaíochtaí sa lár, a mheascán úsáidí, a inrochtaineacht do dhaoine a chónaíonn sa cheantar agus cuma agus sábháilteacht ghinearálta a chonláiste. Soláthraítear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola seicliosta cuimsitheach ar fhaisnéis atá le cur san áireamh i measúnacht scrúdú folláine. Luann siad go ndéanann lár folláin baile atá ríthábhachtach agus inmharthana, roinnt cáilíochtaí a chothromú, ina measc;

**Nithe is díol spéise –** Buntacaíonn iad seo le baile agus is éard atá iontu ná réimse agus éagsúlacht na siopadóireachta agus gníomhaíochtaí eile a mheallann custaiméirí agus cuairteoirí chucu.

**Inrochtaineacht –** Is gá do láir rathúla a bheith inrochtana don cheantar máguaird trí líonra maith bóithre agus áiseanna maithe iompair phoiblí, agus is gá dóibh naisc mhaithe áitiúla idir carrchlóis, stopanna iompair phoiblí agus na nithe éagsúla is díol spéise laistigh den lár a chuimsiú.

**Conláiste –** Ba cheart go mbeadh lár folláin baile ina áit dheas le cónaí ann. Ba cheart go mbeadh sé mealltach i dtaobh cháilíocht na timpeallachta agus dearadh

uirbeach; ba cheart go mbeadh sé sábháilte agus go mbeadh féiniúlacht agus íomhá shainiúil ann.

**Gníomh –** Go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach mar lár inmharthana tráchtála, is gá do rudaí titim amach. Ba cheart tionscadail forbartha agus feabhsúcháin a chur i bhfeidhm go héifeachtúil; ba cheart go ndéanfaí glanadh agus cothabháil éifeachtach agus ba cheart go mbeadh tionscnaimh chomhordaithe bhainistíochta lár baile ann chun feabhsú leanúnach an láir a chur chun cinn.

Sonraítear in Iarscríbhinn 2 de na TPManna roinnt táscairí tosaíochta le haghaidh measúnachtaí scrúdú folláine, ar nós éagsúlacht úsáidí, ionadaíocht miondíoltóirí, an chomhréir de mhaoin fholamh ar leibhéal na sráide, cíosanna siopaí, inrochtaineacht agus cáilíocht na timpeallachta. Níl fáil ar roinnt den fhaisnéis a theastaíonn do láir lasmuigh de na príomhlimistéir uirbeacha, áfach, mar shampla, cíosanna siopaí agus an patrún gluaiseachta i gcíosanna miondíola laistigh de phríomhlimistéir shiopadóireachta.

Ar an ábhar sin, lena dheimhniú beogacht agus inmharthanacht láir reatha bhaile i gContae Loch Garman, úsáideadh na táscairí a leanas:

- Nithe is díol spéise agus cáilíocht na timpeallachta
- Éagsúlacht úsáidí
- Ionadaíocht miondíola
- Maoin fholamh mhiondíola
- Inrochtaineacht agus sreafaí coisithe
- Gníomhartha

Trí na táscairí thuas á n-úsáid, tugadh faoi mheasúnachtaí scrúdú folláine i mBaile Loch Garman, Baile Ros Mhic Thriúin, Baile Inis Córthaidh agus Baile Ghuaire i rith mhíonna shamhradh 2011. Thit breithmheasanna amach i mbailte ceantair Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann, Chalafort Ros Láir agus Chill Ruáin, Bhun Clóidí, Dhroichead Eoin agus Dhroichead an Chaisleáin i rith Fheabhra 2012. Tugtar cuntas

sna suirbhéanna ar shiopadóirí sa mhír dheireanach ar go leor de nithe is díol spéise agus d'fheabhsúchain na gceithre phríomhbhaile.

## 4.1 Measúnacht Scrúdú Folláine Bhaile Loch Garman

### 4.1.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta

Is é Baile Loch Garman príomhbhaile riaracháin, miondíola agus gnó Chontae Loch Garman. Tá an baile suite i dtírdhreach cósta lena mbaineann ardchonláiste nádúrtha. Is beag baile a bhfuil imeallbhord agus limistéar éadain le huisce chomh fairsing acu agus tá seo ar cheann de na príomhnithe is díol spéise do lár an bhaile. Tá an baile ina shampla de lonnaíocht Lochlannach ar tháinig fairsingiú agus forbairt níos déanaí air mar phort tar éis gur tháinig na hAngla-Normannaigh. I measc fhothracha meánaoiseacha an bhaile atá ann go fóill, tá stráice substainteach de bhalla an bhaile agus an t-aon gheata den bhaile atá fós ina sheasamh; an Geata Thiar.

Tá struchtúr dea-shainithe ag lár baile Loch Garman. Tá sé dírithe ar dhromlach lárnach i bhfoirm na Príomhshráide ina bhfuil sraith de lánaí gathacha agus taobhshráideanna a dhéanann nasc síos a fhad leis an limistéar éadan le huisce agus aníos i dtreo na Sráide Airde. Tá an Phríomhsráid féin roinnte ina Príomhshráid Thuaidh agus ina Príomhshráid Theas.  Tá de chumas ag na Céanna, a ghníomhódh mar phríomhlimistéar tráchtála an bhaile go traidisiúnta, chun freastal ar scála níos fairsinge de ghníomhaíocht miondíola agus tá ann limistéir mhóra fhóinteacha.  Sársholáthar de spás oscailte poiblí atá i gclárchosán na cé a bhain gradam amach agus cuireann sé feabhas ar mhealltacht an bhaile. Tá roinnt binsí suíochánra á soláthar i dteanna tírdhreachú, troscán sráide agus soilsiú a chuireann le saintréithe an bhaile.

Tá sráid-dreach mealltach i Loch Garman. Tá dea-chur i láthair ar thromlach éadain na siopaí i lár an bhaile agus tá meascán ann d'éadain de stíl chomhaimseartha agus thraidisiúnta araon, a chuireann leis an sráid-dreach. Léiríonn éadain nua-

aimseartha siopaí meas ar an leagan amach traidisiúnta, go ginearálta. D'imir fuinneoga d'fhrámaí uPVC nó dá mhacasamhail a thabhairt isteach tionchar sách diúltach ar na sráid-dreacha. Ina ainneoin sin, tá leorchuid de bhunfhoirm an bhaile caomhnaithe ag lár an bhaile feadh na Príomhshráide agus tá sé mealltach don choisí i dtaobh scála agus úsáide araon agus tá ann roinnt spásanna ardchaighdeáin poiblí, ar nós Fháinne na dTarbh, Cearnóg Sheilsceire, Cearnóg Mhic Réamainn, éadan na cé agus na Príomhshráideanna Thuaidh agus Theas atá do choisithe amháin.

Ó thráth na Straitéise Miondíola deireanaí, rinneadh feabhsúcháin ar an bpábháil bhóthair agus chuir seo feabhas ar chuma an bhaile, rinneadh na céanna agus deireadh íochtarach na Príomhshráide Theas a athdhromchlú, go háirithe, agus thit oibreacha amach ar an limistéar do choisithe amháin a shíneadh feadh na Príomhshráide Theas. Chomh maith leis sin, thit oibreacha fairsinge amach ar inrochtaineacht an bhaile i gcomhar leis na hoibreacha athdhromchlaithe. A bhuíochas leis na feabhsúcháin seo ar inrochtaineacht, tá gach siopa laistigh den bhaile inrochtana do chách.

I gcomhthéacs an chúlaithe gheilleagraigh, is é an príomhábhar bagartha do chuma an bhaile ná foirgnimh fholmha. Tá roinnt foirgneamh ar fud an bhaile, fiú ar na príomhshráideanna siopadóireachta, a bhí folamh ar feadh fad suntasach ama. Sampla de thionscnamh faoinar thug Comhairle Buirge Loch Garman ar láithreán folamh Dunnes Stores, ar phríomhláthair miondíola í, áfach, is ea na fuinneoga a úsáid mar limistéar taispeána pobail. Tugadh faoin tionscnamh seo i gcomhoibriú le Dunnes Stores. Baineann sé an chuma fholamh den fhoirgneamh agus cuireann sé feabhas ar an sráid-dreach dá bharr. Soláthraítear boscaí bruscair ar fud an bhaile agus ní raibh aon fhadhb le bruscar ar lá an tsuirbhé.

### 4.1.2 Éagsúlacht Úsáidí

Déanann Baile Loch Garman freastal ar réimse fairsing úsáidí a chuireann feabhas ar a ról mar lárionad tráchtála an chontae. Tacaíonn lár an bhaile le réimse fairsing asraonta miondíola agus seirbhíse ar phatrún líneach feadh na Príomhshráide Thuaidh agus Theas agus i limistéar stairiúil an chalafoirt. Is léir ón suirbhé ar úsáid

talún faoinar tugadh gurb ionann an neas-deighilt idir miondíol agus seirbhísí laistigh den bhaile agus 60:40 i dtaobh aonaid mhiondíola.

Laistigh den bhaile, tá éagsúlacht de shiopaí, tithe tábhairne, bialanna agus caiféanna lonnaithe feadh na Príomhshráide agus na gcéanna. Tá meascán ann de mhiondíoltóirí neamhspleácha agus de shiopaí ilbhrainsí náisiúnta a chuireann le héagsúlacht an mhiondíola atá ar fáil. Comhlíonann na siopaí neamhspleácha príomhról maidir le cur le hearnáil uathúil mhiondíola an bhaile. Déantar soláthar do mhiondíoltóirí comparáide earraí toirtiúla sna páirceanna miondíola agus gnó ag Draighneach, Chluain Ard agus Ard Chaomháin. Tá roinnt tairiscintí miondíola réamhchúirte ar fáil ar na príomhbhealaí artaireacha tríd an mbaile, ar nós Bhóthar an Bhaile Nua, Bhóthar Ros Láir agus bóthar an R741 a thagann faoi dhéin an bhaile ar an gcósta. Anuas air sin, tá roinnt óstáin ardchaighdeáin ann laistigh den bhaile a sholáthraíonn áiseanna comhdhála agus fóillíochta, ar nós Óstan Whites, Óstán Talbot, Óstán an Maldron agus Óstán an Riverbank. I measc an réimse úsáidí gnó agus tráchtála laistigh de lár an bhaile, tá institiúidí áitiúla agus náisiúnta gairmiúla gnó agus airgeadais. Tá forbairt thionsclaíoch lonnaithe go príomha in Ard Chaomháin, Eastát Tionsclaíochta an Mhuilinn Bháin, Lárionad Gnó Chill Eallóg agus Lána Bhaile an tSionóidigh. Sholáthair láithreacht agus forbairt champas Loch Garman Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach rochtain áitiúil chun deiseanna breisoideachais, ar féidir leo infheistíocht isteach a mhealladh leis an líon méadaithe tacair scileanna laistigh den cheantar. I measc na bhfoirgneamh tábhachtach cathartha laistigh den bhaile, tá Áras Ceoldrámaíochta Loch Garman, Ionad Ealaíon Loch Garman, leabharlann phoiblí, linn snámha phoiblí, oifigí Chomhairle Buirge Loch Garman, oifigí Chomhairle Contae Loch Garman agus oifigí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ar na príomhsheirbhísí eile atá lonnaithe laistigh den bhaile, tá Ospidéal Réigiúnach Loch Garman agus Ospidéal Ely mar aon le go leor liachtlann agus lialanna fiaclóra.

### 4.1.3 Ionadaíocht Miondíola

Thug Comhairle Contae Loch Garman faoi iniúchadh ar an spás reatha urláir chun an candam reatha de spás urláir mhiondíola laistigh de cheithre phríomhbhaile an chontae a shainaithint. Léirítear sa tábla a leanas an spás reatha urláir mhiondíola i

mBaile Loch Garman in Iúil 2011 (déantar plé níos mionsonraithe ar shonraí faoi mhír 4.1.4.)

**Tábla 42 Spás urláir mhiondíola reatha i mBaile Loch Garman**

| | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide (m2) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Loch Garman | 13945 | 33160 | 18348 | 19248 | 84701 |
| Céatadán spás urláir | 16.5% | 39.1% | 21.7% | 22.7% | 100.0% |

Éagsúlacht d'asraonta neamhspleácha miondíola a gcuireann miondíoltóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta leo atá i gceist le próifíl mhiondíola an bhaile. Go traidisiúnta, bhí Loch Garman áitithe ag réimse miondíoltóirí neamhspleácha ach bhunaigh roinnt miondíoltóirí náisiúnta/idirnáisiúnta iad féin laistigh den bhaile le linn forbairtí níos déanaí; ar nós Fat Face, New Look, Pamela Scott, A-wear agus Jack & Jones. Cruthaíonn tabhairt isteach na mbrandaí seo a bhfuil aithne mhaith orthu muinín as Baile Loch Garman mar cheann scríbe siopadóireachta.

I dtaobh siopadóireacht áisiúlachta, tá réimse leathan ollmhargaí náisiúnta/idirnáisiúnta i Loch Garman, ina measc; Tesco, dhá shiopa Aldi, siopa Lidl amháin, dhá ollmhargadh Supervalu agus Dunnes Stores. Rinne forbairt shiopa bia Tesco ar Bhóthar na Drioglainne agus shiopa bia Aldi ar Shráid na Tríonóide an croílár traidisiúnta miondíola a shíneadh ó dheas. Tá roinnt miondíoltóirí neamhspleácha ar nós Colman Doyle agus Lowney's Furniture i gceist leis an tsiopadóireacht d'earraí toirtiúla. Anuas air sin, déantar ionadaíocht do na slabhraí náisiúnta, ar nós Halfords, DID Electric, Right Price Tiles, Cost Plus Sofa agus Woodies laistigh den pháirc mhiondíola atá lonnaithe ag Cluain Ard.

### 4.1.4 Maoin Fholamh Mhiondíola

Nochtadh san iniúchadh ar spás urláir mhiondíola do Bhaile Loch Garman go raibh 22.74% den spás reatha urláir sa bhaile iomlán folamh. B'ionann páirceanna miondíola atá lonnaithe as an mbaile agus 30% den spás urláir folamh agus b'ionann 39.5% agus aonaid fholmha i lár an bhaile. Áirítear leis an spás urláir folamh líon aonaid fholmha de mhéid suntasach, ar nós iad siúd a d'áitigh Dunnes Stores agus Tesco, mar aon le hollmhargadh nuathógtha áisiúlachta atá lonnaithe i Sráidbhaile Chluain Ard.

### 4.1.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe

Tá Loch Garman inrochtana ó líon príomhbhealaí, ar nós an N30 ó Inis Córthaidh, an N25 ó Phort Láirge, an R733 a fhreastalaíonn ar Ros Mhic Thriúin trí Dhroichead Eoin agus an R741 ó Ghuaire. Le deich mbliana anuas, bhain inrochtaineacht fhoriomlán Bhaile Loch Garman tairbhe ó na hoibreacha faoinar thug Plean Bainistíochta Tráchta na Comhairle Buirge. I measc na n-oibreacha, bhí; soilse tráchta, trasbhealaí do choisithe, córais aontreo agus timpealláin nua a thabhairt isteach tríd an mbaile. Díbreoidh seachbhóthar beartaithe Inis Córthaidh, mar aon le tionscadal bóthair ó Mhaolán na nGabhar go Calafort Ros Láir, an gá go dtaistealóidh tiománaithe ar an R741 chun taisteal trí lár an bhaile. Ina theannta sin, tá codanna de na Príomhshráideanna Thuaidh agus Theas tar éis tairbhe a bhaint ó chlár oibreacha faoinar thug Comhairle Buirge Loch Garman chun an tsráid a fhorbairt ina crios do choisithe.

Tá an stáisiún iarnróid dea-lonnaithe i lár an bhaile ar Chearnóg Mhic Réamainn. Rinneadh an stáisiún a uasghrádú le déanaí agus soláthraíodh trasbhealach inrochtana do choisithe agus cuireadh feabhas ar inrochtaineacht fhoriomlán an stáisiúin d'úsáideoirí iarnróid agus bus. Soláthraíonn an tseirbhís iarnróid naisc le Baile Átha Cliath agus Ros Láir. Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí rialta ó Chalafort Ros Láir trí Bhaile Loch Garman go dtí Baile Átha Cliath, chomh maith, agus tá seirbhísí ar siúl, ina theannta sin, go dtí Corcaigh agus Port Láirge trí Ros Mhic Thriúin. Tá bealaí á n-oibriú ag cóistí Ardcavan go dtí Maigh Nuad, Baile Átha Cliath agus Luimneach. Ar a bharr sin uile, oibríonn Wexford Bus bealach ón mbaile go dtí Cathair agus Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhéanann freastal ar go leor bailte áitiúla feadh an bhealaigh. Oibríonn siad Seirbhís Bhaile Loch Garman, chomh maith, a bhailíonn paisinéirí ag roinnt pointí ar fud an bhaile, ar nós ag Cé an Chorráin,

Cearnóg Mhic Réamainn, Bóthar an Bhaile Nua, Garrán Belvedere, Bóthar Chluain Ard, Páirc Mhic Fheorais, Uisce an Easpaig, Bóthar na Drioglainne agus an Fhaiche. Tá seirbhísí á reáchtáil acu, chomh maith, ó Dhroichead an Chaisleáin go Loch Garman, Baile Loch Garman go dtí Trá Ros Láir trí Bhaile an Phiarsaigh agus Loch Garman go Cé na Cille Móire trí; Caisleán Bhaile Sheáin, Baile Múráin, Baile an Droichid agus sráidbhaile na Cille Móire. Chomh maith leis sin, tá roinnt stadanna agus oibreoirí tacsaithe ann.

Déantar freastal sách maith i Loch Garman ag áiseanna carrpháirceála cé gur carrpháirceáil dromchla, den chuid is mó, atá i gceist leis an bpáirceáil i lár an bhaile. Tá carrchlóis ilstóracha lonnaithe ag Cé Phóil agus ag Óstán Whites ar Shráid na Mainistreach.  Tá carrchlós dromchla mhóir lonnaithe feadh na gcéanna, ar chúl Theach McCauley ag Cearnóg Mhic Réamainn, in aice na seanphictiúrlainne, Dunnes Stores ar Bhóthar Mhic Réamainn agus ag Sráid Bhríde. Chuir an ceangal a rinneadh le déanaí idir carrchlós Shráid Bhríde agus Droichead na gCloch ag Cé Phóil feabhas ar thréscaoilteacht sa cheantar. Tá carrpháirceáil ar dhromchla de dhroch-chaighdeán i gceist leis an gcarrpháirceáil ar Shráid Ailín, atá lonnaithe i limistéar talamh chúil.

#### 4.1.6 Gníomhartha

Eascraíonn limistéar atá ina ábhar buartha i dtaobh chomhtháthú siopaí ilbhrainsí náisiúnta agus idirnáisiúnta móra isteach i gcroílár an bhaile. Go ginearálta, teastaíonn achar mór dromchla ó na haonaid seo chun freastal ar fhormáidí miondíola níos mó agus féadfaidh seo brú a chur ar leagan amach mín uirbeach láir thraidisiúnta bhaile. Rinneadh freastal rathúil, áfach, ar chomhtháthú na n-aonad seo i gceantair ar nós na Príomhshráide, tar éis gur tugadh isteach Fat Face, New Look, Pamela Scott, A-wear agus Jack & Jones. Tá roinnt láithreán i lár traidisiúnta an bhaile a bhfuil ar chumas acu deiseanna cuí chun formáidí nua-aimseartha miondíola, ar nós seanláithreán Dunnes Stores agus Tesco agus láithreán na seanphictiúrlainne (déanfar plé níos mionsonraithe orthu seo i mír 7). Is tábhachtach miondíol a choimeád laistigh de lár an bhaile chun tábhacht agus inmharthanacht an chroíláir mhiondíola a chothú. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar láithreáin i lár an bhaile ar an gcéad dul síos, ar an ábhar sin. Ansin, nuair nach rogha inmharthana na

láithreáin seo, d'fhéadfaí dul i ngleic leis an tsaincheist trí aonaid mhiondíola níos mó a fhorbairt ar imeall lár traidisiúnta an bhaile, ar nós láithreán Ché na Tríonóide agus láithreán GPS HomeValue Hardware agus Livingston. Rachaidh áiseanna mórscála nua-aimseartha siopadóireachta a sholáthar i ngaireacht lár traidisiúnta an bhaile chun sochair miondíol mórscála agus neamhspleách araon mar gheall ar an méadú a thiocfadh ar thurais nasctha.

Tá an cor chun donais eacnamaíochta le tabhairt faoi deara sa sráid-dreach trí mhaoin fholamh. Baineann ríthábhacht le bainistíocht na n-aonad seo chun íomhá dhearfach den bhaile a choimeád. Teastaíonn monatóireacht agus cur chuige réamhghníomhach chun an bhagairt seo a laghdú. Tionscnamh eile atá ar na bacáin ag Comhairle Buirge Loch Garman i gcomhpháirtíocht le Campas Loch Garman I.T. Cheatharlach ná siopa neamháitithe ar an bPríomhshráid Theas a ligean ar léas chun saothair ealaíne a thaispeáint ann ó roinn ealaíon an choláiste. Clár maith píolótach is ea seo do thionscnaimh phobail amach anseo chun feabhas a chur ar an gcuma atá ar aonaid fholmha sa bhaile.

Anuas air sin, bhainfeadh lár traidisiúnta an bhaile tairbhe ó naisc níos fearr agus níos comhtháite do choisithe le limistéar sínte lár an bhaile, a chuirfeadh feabhas ar shaintréithe agus ar inrochtaineacht an bhaile. Go háirithe, bheadh sé ina thairbhe chun naisc do choisithe a threisiú idir na céanna agus na Príomhshráideanna Thuaidh agus Theas chun gearradh na gcroílimistéar seo a sheachaint. Anuas air sin, cuirfear feabhas ar rochtain ar an mbaile tríd an mbrú atá ar Shráid an Chnoic a mhaolú tríd an nascbhóthar a bheartaítear a thógáil ón gCarraig Leathan go dtí Carcur, a chruthóidh bealach tábhachtach laistigh den bhaile.

### 4.1.7 Conclúid Scrúdú Folláine Loch Garman

Meastar gurb áit bheoga Loch Garman mar bhaile an chontae, agus meastar go bhfuil réimse oibreoirí neamhspleácha, náisiúnta agus idirnáisiúnta ann. Tá réimse maith d'áiseanna miondíola agus seirbhíse sa bhaile. Gné shuntasach amháin is ea an líon miondíoltóirí neamhspleácha, go háirithe san earnáil chomparáide. Cuireann líon siopaí ilbhrainsí agus slabhraí náisiúnta a bhfuil cur amach maith orthu leis seo. Tá leorchuid cumais ag lár an bhaile chun cur le gleoiteacht thraidisiúnta an

cheantair agus chun ceantar mealltach a chruthú le haghaidh ceardaíochta, bronntanas agus speisialtachtaí agus siopaí neamhspleácha eile, bialanna ina measc.

## 4.2 Measúnacht Scrúdú Folláine Ros Mhic Thriúin

### 4.2.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta

Tá Ros Mhic Thriúin lonnaithe ag láthair straitéiseach in iardheisceart Chontae Loch Garman ar bhruach Abhainn na Bearú, thart ar 36km laistiar de Bhaile Loch Garman agus 23km soir ó thuaidh ó Cathair Phort Láirge. Tá sé lonnaithe ag crosbhealach Phríomhbhóthar Náisiúnta an N25, a dhéanann nasc idir Europort Ros Láir agus Cathair Phort Láirge agus Príomhbhóthar Náisiúnta an N30, a dhéanann nasc idir Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh.

Tháinig forbairt ar bhaile Ros Mhic Thriúin mar gheall ar a láthair straitéiseach feadh Abhainn na Bearú. Tá sé suite thart ar 32km suas an abhainn ar Abhainn na Bearú, a sholáthraíonn fostaíocht don bhaile agus don cheantar cóngarach máguaird.

Go traidisiúnta, tháinig forbairt ar an mbaile i bhformáid líneach, ar chuir gnéithe tíreolaíochta srian air; Abhainn na Bearú laistiar den bhaile agus an topagrafaíocht a dtagann fána ghéar aníos uirthi lastoir den bhaile. Baile mealltach margaidh is ea Ros Mhic Thriúin agus tá ann réimse dathannach d’éadain siopaí de stíl thraidisiúnta atá breactha feadh na sráideanna idirnasctha cúnga.

Go ginearálta, is éard atá i gceist leis an sráid-dreach ná foirgnimh trí agus ceithre stór a fhéachann anuas ar chosáin shlachtmhara ar a ndéantar dea-chothabháil. Tá boscaí beoga bláthanna scaipthe timpeall lár an bhaile agus ag an tráth a rinneadh an suirbhé, bhí bruscar ar bith nó beagán bruscair le tabhairt faoi deara ar na sráideanna. Cé go bhfuil easpa mhór troscán sráide i lár an bhaile, tá roinnt limistéir shuíochánra scaipthe feadh na gcéanna agus in aice Dhroichead Uí Annracháin. Tá an fearann poiblí agus an sráid-dreach ar caighdeán maith ar an iomlán, ach ar imeall lár an bhaile, áfach, go háirithe feadh Shráid Mhuire agus Shráid Eoin, bhí

comhartha faillí le tabhairt faoi deara i measc aonaid siopaí anuas ar easpa cothabhála a bhaineann ó aeistéitic an bhaile.

Tá oidhreacht thógtha lár an bhaile slán den chuid is mó le himeacht na mblianta agus tá roinnt foirgnimh agus struchtúir mhórthaibhseacha sheanré ann a chuireann le mealltacht amhairc lár an bhaile, cé go bhfuil cuma thréigthe agus throchlaithe ar chuid de na struchtúir le tamall anuas.

Le blianta beaga anuas, forbraíodh cumas turasóireachta an limistéir éadain le huisce agus críochnaíodh muiríne chun báid phléisiúir a fheistiú, bád mhacasamhail long Dunbrody an Ghorta Mhóir a chur i nduga go buan agus Ionad Dunbrody Stair Imirce na hÉireann feadh na gcéanna a athfhorbairt, a ndearnadh príomhní is díol spéise do thurasóirí de laistigh de réigiún an oirdheiscirt.

Soláthraítear radhairc a mheallann an tsúil ar an mBearú agus an ceantar máguaird sa limistéar éadain le huisce feadh na gcéanna. Faoi láthair, úsáidtear an limistéar éadain le huisce go príomha mar charrchlós agus tá suíochánra nó troscán sráide teoranta ann. Mar gheall go bhfuil roinnt aonaid fholmha mhiondíola agus tráchtála, anuas ar roinnt láithreáin ghlanta inlíonta (a úsáidtear le haghaidh carrpháirceáil phríobháideach faoi láthair) ann, tá an chuma ar an limistéar éadain le huisce nach bhfuil ach beagán cothabhála á déanamh air. Nuair a chuirtear san áireamh na radhairc mhealltacha feadh an limistéir éadain le huisce agus a ghaire atá sé do lár an bhaile, tá deiseanna suntasacha ann chun cumas an limistéir seo a fhorbairt. Tá an Chomhairle bainteach faoi láthair i ndromchla nua a leagan anuas ar na céanna a fheabhsóidh an chuma fhoriomlán agus déanfar éadan na cé a athfhorbairt go luath amach anseo.

### 4.2.2 Éagsúlacht Úsáidí

Cuirtear réimse úsáidí ar fáil i Ros Mhic Thriúin, faoi mar a bheadh súil leis i mbaile mór contae.  Úsáidí miondíola is mó a bhaintear as urláir thalún na bhfoirgneamh laistigh de lár an bhaile agus meascán de chóiríocht oifige agus chónaithe a bhíonn i gceist sna hurláir uachtaracha.  Is léir ón suirbhé ar úsáid talún faoinar tugadh gurb

ionann an neas-deighilt idir miondíol agus seirbhísí laistigh den bhaile agus 60:40 i dtaobh aonaid mhiondíola.

Déanann Banc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann, Permanent TSB agus comhar creidmheasa anuas ar réimse oifigí aturnaetha, cuntasóirí agus ceantálaithe/gníomhairí eastáit soláthar do chúrsaí gnó agus tráchtála. I measc na bpríomhsheirbhísí eile atá lonnaithe laistigh den bhaile, tá; leabharlann phoiblí, ionad leighis, lialanna fiaclóra agus ionad fiontair phobail a dhéanann freastal ar an riachtanas áitiúil. Chomh maith leis sin, tá líon bialanna, cógaslann, bláthadóirí, búitíceanna ban, siopa ceol, siopaí bia sláinte, seodóirí agus siopaí bronntanas i lár an bhaile.

Tá tionscal lonnaithe ag Port Ros Mhic Thriúin laistiar de lár an bhaile (trasna Abhainn na Bearú); siar ó dheas ón mbaile ag Insí an Mhéirse, ag Páirc Thionsclaíochta IDA Fearann an Bhuitléaraigh amach ón N25 agus Eastát Tionsclaíochta Woodbine feadh an N30 soir ó dheas de lár an bhaile.

Tá leibhéal sách ard d’áiseanna fóillíochta agus caitheamh aimsire i Ros Mhic Thriúin, ina measc; páirc phoiblí, linn snámh, muiríne, ionad eachtraíochta do leanaí, Amharclann Naomh Mícheál, cumann bád, galfchúrsa 18 bpoll agus réimse faichí spóirt faoin aer.  Soláthraítear cóiríocht do chuairteoirí i réimse beag de chóiríocht leapa agus bricfeasta agus tá dhá óstán ann, is iad Óstán an Brandon House agus Solas Croí Eco Spa is mó agus tá siad lonnaithe ar imeall an bhaile.

### 4.2.3 Ionadaíocht Miondíola

Léirítear sa tábla a leanas an miondealú ar an spás reatha urláir mhiondíola laistigh de Ros Mhic Thriúin (déantar plé níos mionsonraithe ar fholúntais faoi mhír 4.2.4).

**Tábla 43 Spás urláir mhiondíola reatha i Ros Mhic Thriúin**

| | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí | Spás Urláir Mhiondíola Folamh | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Toirtiúla ($m^2$) | ($m^2$) | ($m^2$) |
| Ros Mhic Thriúin | 9669 | 5012 | 14586 | 7378 | 36645 |
| Céatadán spás urláir | 26.4% | 13.7% | 39.8% | 20.1% | 100.0% |

Is éard atá san ionadaíocht miondíola, den chuid is mó, ná miondíoltóirí neamhspleácha a sholáthraíonn réimse earraí agus seirbhísí. I dtaca le miondíol áisiúlachta, tá roinnt formáidí éagsúla ann i Ros Mhic Thriúin, ina measc; meascán de shiopaí áitiúla neamhspleácha, roinnt grúpshiopaí siombaile, ar nós Supervalu, agus líon beag siopaí speisialtachta eitneacha. Anuas air sin, déantar ionadaíocht do shiopaí ilbhrainsí lascaine Lidl agus Aldi. Oibríonn Tesco siopa mór i bPáirc Mhiondíola Ros Mhic Thriúin atá suite soir ó dheas ó lár an bhaile, ar imeall an bhaile.

Tá príomhlimistéar miondíola an bhaile (an áit a dtugtar faoin bpríomhthiúchan de ghníomhaíocht mhiondíola) lonnaithe go príomha ar an tSráid Theas, an tSráid Thuaidh, Sráid Shéarlais agus Sráid na Cé. Tá an limistéar tánaisteach miondíola (ina bhfuil leibhéal suntasach d’aonaid fholmha mhiondíola faoi láthair), lonnaithe go príomha ar Shráid Mhuire, Sráid Eoin, na céanna agus limistéar beag siopadóireachta ar chúl na Sráide Theas.

Tá siopadóireacht comparáide (gan earraí toirtiúla a áireamh) i Ros Mhic Thriúin sách teoranta agus soláthraíonn miondíoltóirí beaga neamhspleácha í go príomha. Déantar tearcionadaíocht do shiopaí ilbhrainsí idirnáisiúnta/ón Ríocht Aontaithe. Tá líon beag siopaí dúchasacha ilbhrainsí agus grúpaí siombaile ann, ar nós; Sam McCauley, Sportsavers agus Vodafone.

Tá siopadóireacht d’earraí toirtiúla lonnaithe go príomha ag Páirc Mhiondíola Ros Mhic Thriúin agus ag Lárionad Gnó Woodbine, atá suite soir ó dheas den bhaile feadh Phríomhbhóthar Náisiúnta an N30. Is éard atá i bPáirc Mhiondíola Ros Mhic Thriúin ná líon mór aonaid mhiondíola a bhfuil leibhéal suntasach de charrpháirceáil dromchla acu chun tosaigh. Déanann Tesco aonaid mhiondíola a áitiú, agus

soláthraíonn Michael Murphy, EZ Living agus Joyce’s Homecentre earraí toirtiúla. Bhí aonaid fholmha ann ag an tráth a rinneadh an scrúdú folláine. Anuas air sin, tá líon miondíoltóirí earraí toirtiúla ann i Lárionad Gnó Woodbine, ina measc; McManus Furniture, Cedarwood - ‘Kitchens, Bedrooms and Home Interiors’ agus Siopa Troscáin Michael Murphy. Ag tráth an tsuirbhé, bhí roinnt aonaid fholmha ann, chomh maith.

Trasna Abhainn na Bearú siar ó thuaidh de lár an bhaile ag Ros Bearrcon, tógadh líon beag forbairtí úsáide measctha. Déanann siopa áisiúlachta agus siopa bia eitnigh, anuas ar roinnt seirbhísí ar leibhéal áitiúil, freastal ar an ngarphobal seo. Tá aonaid urlár talún roinnt de na forbairtí úsáide measctha folamh faoi láthair. Ina theannta sin, tá ionaid chomharsanachta lonnaithe ar imeall an bhaile ag an gCaisleán Maol agus ag an mBaile Gaelach.

#### 4.2.4 Maoin Fholamh Mhiondíola

Nochtadh san iniúchadh ar spás urláir go bhfuil 20.1% den spás reatha urláir folamh. B’ionann spás miondíola comparáide earraí toirtiúla sna páirceanna miondíola agus 32.4% de na haonaid fholmha. Tá fuílleach na n-aonad folamh lonnaithe laistigh de lár an bhaile.

#### 4.2.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe

Tá gníomhaíocht coisithe sách teoranta agus tá formhór shreafaí na gcoisithe lonnaithe feadh na Sráide Theas, Shráid Shéarlais agus feadh na gcéanna. Tá cúig thrasbhealach de shaghas coisithe ann chun cabhrú le gluaiseacht feadh na gcéanna agus tá trasbhealach sainithe amháin do choisithe ann ar an tSráid Theas.

Cé go dtreoraítear tromlach an tráchta sa bhaile feadh na gcéanna, bhí brú suntasach tráchta ann feadh na Sráide Theas agus Shráid Shéarlais i gcaitheamh an lae a tugadh faoin scrúdú folláine. Cuireann páirceáil ar an tsráid leis seo, ar gnách di srian a chur ar ghluaiseacht feithiclí. Tugadh faoi deara, chomh maith, go mbíonn Sráid an Droichid agus na Céanna Thuaidh faoi bhrú tráchta níos déanaí sa tráthnóna. Ar an gcuma chéanna, tá fadhb ar an mbóthar rochtana ó Phort Láirge (an N25) i dtaobh scuainí fada tráchta i rith na mbuaicuaireanta ar bhonn rialta.

I dtaobh iompar poiblí, déanann seirbhís Mhearsheirbhís Bhus Éireann freastal ar Ros Mhic Thriúin a dhéanann nasc idir Ros Láir agus Baile Átha Cliath agus Port Láirge trí Loch Garman agus Ros Mhic Thriúin. Anuas air sin, soláthraíonn Bus Éireann seirbhís áitiúil bhus a fhreastalaíonn ar Phort Láirge-Ros Mhic Thriúin-Dún Canann-Droichead Eoin-Baile Loch Garman. Reáchtálann Kilbride Coaches seirbhís rialta idir Cill Chainnigh agus Ros Mhic Thriúin trí Inis Tíog. Déanann an Rural Bus Company freastal ar roinnt bealaí áitiúla a dhéanann ceangal idir Ros Mhic Thriúin agus go leor de na bailte fearainn máguaird, Port Láirge agus Baile Loch Garman ar bhonn seachtainiúil agus laethúil. Ina theannta sin, déanann roinnt oibreoirí áitiúla príobháideacha bus freastal ar an mbaile. Anuas air sin tá seirbhís bhus á heagrú faoi láthair ag Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin a fhreastalaíonn ar lúb ar fud an bhaile agus ar roinnt eastáit tithíochta reatha. Chomh maith leis sin, tá líon teoranta de ghnóthais tacsaithe agus fruilcharr ag oibriú sa bhaile agus timpeall an bhaile.

#### 4.2.6 Gníomhartha

D’fhonn go leanfaidh an baile lena sheasamh laistigh den chontae a choimeád, is gá feabhas a chur ar chaighdeán a thairisceana miondíola i dtaobh siopadóireacht comparáide de. Tá roinnt láithreáin thábhachtacha deiseanna ann i ngar don ché agus do lár an bhaile ina bhféadfaí forbairt miondíola a dhéanamh amach anseo agus chun méid agus caighdeán an spáis urláir a sholáthar a theastaíonn ó mhiondíoltóirí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta. Láithreáin úrnua nó thréigthe atá sna láithreáin deiseanna seo a bhfuil an cumas acu forbairtí measctha idir meánmhéid agus mórmhéid a sholáthar a dhéanfaidh an rogha siopadóireachta atá ar fáil i Ros Mhic Thriúin agus ina cheantar a leathnú agus a fheabhsóidh mealltacht fhisiciúil, cáilíocht timpeallachta, fearann poiblí, beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile trí cháilíocht na timpeallachta a fheabhsú.

Feabhsófar an chuma fhoriomlán atá ar an mbaile tríd an gcé a athdhromchlú, agus bhíothas díreach tar éis tús a chur leis seo ag tráth an scríofa. Is iad na céanna an príomhbhealach rochtana tríd an mbaile agus cuireann siad leis an gcéad tuairim a

chruthaíonn daoine faoin mbaile. Anuas air sin, síníodh conarthaí le haghaidh athfhorbairt agus feabhsú amhairc na cé agus áirítear leis sin, chomh maith, clárchosán agus spás nua cathartha a sholáthar. Ullmhaíodh Plean mionsonraithe Fearainn Phoiblí agus nuair a chuirfear i bhfeidhm é, cuirfidh sé feabhas ar cháilíocht timpeallachta an bhaile. I measc cuid de na gníomhartha a cuireadh san áireamh sa phlean fearainn phoiblí, tá spásanna oscailte, staidéar ar spóirt agus caitheamh aimsire, iniúchadh inrochtaineacht, oibreacha uasghrádaithe éadain le huisce, feabhsúcháin ar an gcé, spásanna oscailte Ros Bearrcon agus naisc le lár an bhaile, feabhsúcháin ar Halla an Bhaile, limistéar páirteach do choisithe amháin a dhéanamh de Shráid na Cé agus feabhsúcháin a dhéanamh ar lánaí. Sa mhullach air sin, tá baint ghníomhach ag an gComhairle le scéim feabhais éadain siopaí, agus tá deontais á soláthar chun éadain, tairr agus gáitéarlach a phéinteáil agus a mhaisiú, a dheisiú agus a athnuachan, fuinneoga, doirse agus éadain thraidisiúnta siopaí a dheisiú agus a athnuachan.

#### 4.2.7 Conclúid Scrúdú Folláine Ros Mhic Thriúin

Tá nádúr sainiúil ag Ros Mhic Thriúin a thugann a oidhreacht thógtha agus a n-éadain siopaí de stíl thraidisiúnta agus a láthair feadh an éadain le huisce chun suntais. Tugtar cuntas san anailís scrúdú folláine faoinar tugadh, áfach, cé go bhfuil réimse teoranta de shiopadóireacht comparáide ann i Ros Mhic Thriúin, tá forbairt shuntasach tagtha, le tamall anuas, ar spás urláir chomparáide earraí toirtiúla. Tá láithreáin deiseanna ann laistigh de lár an bhaile d’fhorbairt a chuirfeadh feabhas ar bheogacht an bhaile agus an méid a chuireann sé ar fáil i dtaobh miondíola de.

## 4.3 Measúnacht Scrúdú Folláine Inis Córthaidh

#### 4.3.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta

Seanlonnaíocht Normannach is ea Inis Córthaidh atá suite ar bhruach Abhainn na Sláine. Is é Abhainn na Sláine an acmhainn is luachmhara atá ag an mbaile i dtaobh conláiste nádúrtha. Anuas air sin, tá forbairt cónaithe lastoir agus laistiar den bhaile. Is é an príomhní is díol spéise sa bhaile Caisleán Inis Córthaidh a n-áirítear pointe faisnéise do thurasóirí leis. I measc na bpríomhnithe eile is díol spéise, tá Ard-Eaglais Naomh Aodán agus Cnoc Fhiodh na gCaor.

Gabhann Abhainn na Sláine trí Bhaile Inis Córthaidh, agus sníonn an abhainn trí lár an bhaile agus gearrann sí ina dhá leath é. Tá bunús meánaoiseach an bhaile soiléir ina láthair straitéiseach i láthair ard díreach laistiar d'Abhainn na Sláine agus ag féachaint anuas uirthi. Tá lár an bhaile ar aon dul le leagan amach stairiúil sráide, a éiríonn aníos go géar ón abhainn.

Tá timpeallacht ardchaighdeáin fhisiciúil agus nádúrtha in Inis Córthaidh. Sholáthair láthair an bhaile ar leiceann cnoic Ghleann na Sláine conláistí le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach. Tá go leor dá radhairc á gcosaint ag Plean Forbartha Bhaile agus Phurláin Inis Córthaidh 2008-2014. Tá fearann poiblí ardchaighdeáin ann i lár an bhaile. Mar gheall ar a thopagrafaíocht uathúil, tá cáilíocht sách pictiúrtha ag Inis Córthaidh. Is é Cearnóg an Mhargaidh pointe fócasach an bhaile agus gabhann go leor bealaí chuig a lár, ar nós Shráid na hArd-Eaglaise, Shráid na nGael, Shráid Uí Reachtair, Shráid Uaiféir agus Shráid an Chaisleáin. Tá bail mhaith ar na foirgnimh i lár an bhaile. Rinneadh limistéar do choisithe amháin de Shráid Uí Reachtair le déanaí, agus treisíonn seo croílár lár an bhaile.

Tá dea-chur i láthair ar éadain na siopaí agus tá go leor dá shráid-dreach traidisiúnta caomhnaithe i lár an bhaile. Is éard atá i gceist le tromlach na forbartha bunúla ná foirgnimh atá déanta de chloch nó ardáin arda foirgneamh a bhfuil cuma thréan ingearach orthu. Ar aon dul le go leor bailte in Éirinn, bhain frámaí fuinneoige uPVC i maoin stairiúil de na sráid-dreacha thíos go pointe áirithe. Tá ciseáin bhláthanna ar crochadh taobh amuigh de go leor de na siopaí agus tá gnéithe mealltacha agus troscán sráide ann a fheabhsaíonn suíomh aeistéitiúil an bhaile. Tá páirc lonnaithe sa 'Duffry' a rinneadh a athchóiriú le déanaí le tírdhreachú, suíochánra agus faiche súgartha. Anuas air sin, soláthraíonn an phromanáid a ghabhann feadh na habhann gné aeistéitiúil don bhaile.
Soláthraítear boscaí bruscair ar fud an bhaile. Ní raibh an dealramh air go raibh fadhb le bruscar ag tráth an tsuirbhé, seachas sa cheantar lastoir den abhainn. Tá cáilíocht na pábhála agus na gcosán ar fud an bhaile ar chaighdeán maith den chuid is mó. Ar an taobh thoir den bhaile, tá níl mórán cothabhála á déanamh ar roinnt de na foirgnimh agus bhí an leibhéal folúntas ní ba shoiléire. Níl caighdeán foriomlán na

dtailte fearainn phoiblí lastoir den abhainn ar an gcaighdeán céanna leo siúd ar an taobh thiar de lár an bhaile.

### 4.3.2 Éagsúlacht Úsáidí

Déantar freastal i mBaile Inis Córthaidh ar réimse fairsing feidhmeanna. Is léir ón suirbhé ar úsáid talún faoinar tugadh gurb ionann an neas-deighilt idir miondíol agus seirbhísí laistigh den bhaile agus 50:50. Is é siopadóireacht comparáide an phríomhúsáid ar Shráid Uí Reachtair, Sráid na Sláine agus Sráid na hArd-Eaglaise. Soláthraíonn roinnt miondíoltóirí neamhspleách an tsiopadóireacht seo; Modern Fashions, Murt Walsh agus Eric Barron. Soláthraítear siopadóireacht ollmhargaidh áisiúlachta in dhá shiopa de chuid Supervalu, Dunnes Stores, Aldi agus Lidl. Siopa nua sa bhaile is ea Mr. Price, miondíoltóir brandáilte náisiúnta a sholáthraíonn siopadóireacht áisiúlachta agus comparáide araon ar an taobh thoir den bhaile.

Tá réimse d'úsáidí tráchtála agus gnó sa bhaile. Tá Banc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann Ireland, Permanent TSB, Ulster Bank agus Comhar Creidmheasa Inis Córthaidh i measc na n-institiúidí airgeadais. Tá roinnt seirbhísí gairmiúla á soláthar, ar nós cuntasóirí, bróicéirí árachais, gníomhairí eastáit/ceantálaithe, aturnaetha, radharceolaithe agus cógaslann. I measc na bpríomhsheirbhísí eile, tá Stáisiún na nGardaí, Stáisiún Dóiteáin, Oifig FÁS, Leabharlann Phoiblí, Teach Athshlánaithe agus Altranais FSS.

Tá roinnt tithe tábhairne, dhá chlub oíche, bialanna agus siopaí caife le tabhairt faoi deara i lár an bhaile. Tá dhá óstán ann – Óstán Treacy agus Óstán agus Club Fóillíochta an Riverside Park, a sholáthraíonn cóiríocht do chuairteoirí. Tá linn snámha phoiblí 'The Waterfront' lonnaithe ar an taobh thoir den bhaile.

### 4.3.3 Ionadaíocht Miondíola

Léirítear sa tábla a leanas an miondealú ar an spás reatha urláir mhiondíola in Inis Córthaidh (déantar plé níos mionsonraithe ar fholúntais faoi mhír 4.3.4).

**Tábla 44 Spás urláir mhiondíola reatha in Inis Córthaidh**

| | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Inis Córthaidh | 7767 | 9555 | 3909 | 2315 | 23546 |
| Céatadán spás urláir | 33.0 | 40.6 | 16.6 | 9.8 | 100.0 |

Is éard atá i gceist leis an ionadaíocht miondíola, den chuid is mó, miondíoltóirí neamhspleácha a sholáthraíonn réimse earraí agus seirbhísí. I measc na miondíoltóirí náisiúnta/idirnáisiúnta, tá Aldi, Lidl, Supervalu agus Dunnes Stores. I measc na siopaí comparáide d'ainm branda sa bhaile, tá Vodafone, Carphone Warehouse, Beár Ceapairí O'Brien's, Xtra Vision agus Sportsavers.

Tá dhá phríomhionad siopadóireachta laistigh den bhaile a dtacaíonn ollmhargaí leo. Tá Ionad Siopadóireachta Chearnóg na Mainistreach lonnaithe soir ó dheas de lár an bhaile in aice Abhainn na Sláine. Is é an príomhshiopa san ionad siopadóireachta Supervalu agus cuimsítear ann líon aonaid bheaga mhiondíola agus seirbhíse, ar nós both siopa nuachtán, cógaslainne agus caifé. Déanann carrchlós mór ar leibhéal an dromchla freastal ar an ionad siopadóireachta i gCearnóg na Mainistreach. Tá roinnt aonaid trádstórais earraí toirtiúla ann ina bhfuil plátaí móra urláir in aice an ionaid siopadóireachta. Deis mhór le haghaidh athfhorbartha atá sa cheantar seo den bhaile.

Ar Shráid na nGael, laistiar d'Abhainn na Sláine, ar iar-láithreán Minch Norton, tá Dunnes Stores suite agus roinnt aonaid mhiondíola ina aice. Chabhraigh an fhorbairt leis an earnáil mhiondíola a éagsúlú i lár an bhaile agus chuir sé feabhas ar na naisc reatha idir Minch Norton agus lár traidisiúnta an bhaile. Anuas air sin, d'eascair athúsáid éifeachtach as na stóir thraidisiúnta chloiche gráin.

Ar an iomlán, tá easpa de shiopaí ilbhrainsí comparáide náisiúnta agus idirnáisiúnta ann in Inis Córthaidh. Tá siopadóireacht comparáide d'earraí toirtiúla in Inis

Córthaidh sách teoranta agus níl ach líon beag aonad lonnaithe laistigh de lár an bhaile. Meastar go bhféadfadh gur chuir méideanna teoranta spás urláir i bpríomhlimistéar miondíola an bhaile srian ar thrádálaithe náisiúnta/idirnáisiúnta lár an bhaile a iontráil. Ó osclaíodh siopa nua Dunnes Stores go déanach in 2006, áfach, tá seanláithreán Dunnes, ag a bhfuil ollachar urláir 950m$^2$ i lár an bhaile agus a bhfuil carrpháirceáil áisiúil ann, folamh.

### 4.3.4 Maoin Fholamh Mhiondíola

Nochtadh san iniúchadh ar spás urláir go raibh 2,315m$^2$ de spás folamh urláir mhiondíola in Inis Córthaidh laistigh de lár an bhaile. B'ionann seo agus 9.8% den spás reatha urláir mhiondíola. B'aonaid bheaga, ag a raibh glanspás urláir mhiondíola níos lú ná 50m$^2$ i gceist le tromlach na n-aonad folamh. Bhí na leibhéil b'airde d'aonaid fholmha lonnaithe ar Shráid na Sláine. Bhí an chomhréir b'airde d'fholúntais (59%) lonnaithe i lár an bhaile ar Shráid an Chaisleáin, Sráid Uaiféir, Sráid Uí Reachtair, Sráid na nGael agus Sráid na Sláine.

### 4.3.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe

Tá Inis Córthaidh lonnaithe go lárnach i gContae Loch Garman ar Phríomhbhóithre Náisiúnta an N11 agus an N30. Déanann an N11 an baile a ghearradh ina dhá leath agus bíonn sé thíos le brú tráchta, go háirithe le linn buaicuaireanta, agus is minic go n-eascraíonn moilleanna fada as seo. Anuas air seo, cuireann tíreolaíocht an cheantair srian ar inrochtaineachta an tráchta feithiclí agus coisithe i lár an bhaile. Mar shampla, bíonn brú mór tráchta i gceist go minic ar an R744 ar an taobh thoir den abhainn. Nuair a thógtar an seachbhóthar beartaithe timpeall an bhaile, laghdófar an brú tráchta go substainteach. Imríonn páirceáil ar an tsráid, atá ar fáil feadh go leor de phríomhshráideanna miondíola an bhaile, tionchar ar bhrú tráchta. Ar an iomlán, féadfaidh an sreabhadh srianta tráchta trí an mbaile gníomhú mar ábhar díspreagtha chun cuairt a thabhairt ar an mbaile.

Tá trí phríomh-charrchlós dromchla laistigh den bhaile: Cearnóg na Mainistreach, Geata Duffry agus áit ar a dtugtar sean-charrchlós Dunnes atá suite ar chúl Shráid Uí Reachtair. Soláthraítear an t-aon charrchlós ilstórach sa bhaile in Dunnes Stores.

Déantar soláthar maith do choisithe ar fud an bhaile agus tá cosáin chuí ar gach bóthar agus tá roinnt sráideanna do choisithe amháin, ar nós Shráid na Sláine agus Shráid Uí Reachtair. Tá trí thrasbhealach do choisithe ann laistigh de Chearnóg an Mhargaidh.  Ar lá an tsuirbhé, b'ann d'ardleibhéal de ghníomhaíocht coisithe ar Shráid Uí Reachtair.

Téann leibhéil mhaithe d'inrochtaineacht ag iompar poiblí chun sochair Bhaile Inis Córthaidh.  Soláthraíonn Bus Éireann seirbhís rialta ó Ché Theampall Seanáin i lár an bhaile go dtí Baile Átha Cliath, Baile Loch Garman, Port Láirge agus Calafort Ros Láir. Anuas air sin, tá an baile suite ar bhealaí Wexford Bus agus Cóistí Ardcavan a théann go Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá Inis Córthaidh lonnaithe ar líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Loch Garman (Ros Láir). Tá roinnt cuideachtaí tacsaithe i mbun oibriú laistigh den bhaile.

### 4.3.6 Gníomhartha

Go leanfaidh Inis Córthaidh lena sheasamh laistigh den chontae agus an t-ordlathas náisiúnta miondíola a choimeád agus a fheabhsú i gcónaí, is gá an méid a chuireann cúrsaí miondíola ar fáil a fheabhsú agus a bhreisiú go rachaidh sé in iomaíocht níos géire le bailte eile. Is gá beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile agus a chuid áiseanna miondíola a chaomhnú.  In go leor cásanna, meastar nach bhfreastalaíonn formáidí nó plátaí urláir shiopaí ar riachtanais na miondíoltóirí níos mó. Sholáthair athfhorbairt láithreán Minch Norton an deis, áfach, go dtiocfadh forbairt ar mhiondíoltóir mór iolrach (Dunnes Stores), agus ceangal á dhéanamh, i gcomhthráth, le croílimistéar miondíola an bhaile. Leag an fhorbairt seo an fasach síos le haghaidh fhairsingiú chroílimistéar miondíola lár an bhaile, láithreáin thréigthe feadh Bhóthar an Oileáin, Shráid na nGael agus Shráid na Beairice ina measc. Tá roinnt láithreáin deiseanna ann i lár an bhaile, ar nós láithreán iar-Óstán Murphy Flood, na gcéanna ag Cearnóg na Mainistreach agus an láithreáin atá lonnaithe ag Uimhreacha 10 agus 11, Cearnóg an Mhargaidh. Cruthaíonn na láithreáin seo cuid fheiceálach de bhailedhreach Inis Córthaidh agus chuirfeadh a n-athfhorbairt feabhas ar an mbeogacht fhoriomlán agus d'éascódh sé comhdhlúthú lár an bhaile.

Sonraítear i bplean fearainn phoiblí, dar teideal Inis Córthaidh 1500+, breisiúcháin agus feabhsúcháin fhéideartha ar chodanna éagsúla de limistéar lár an bhaile, ag síneadh trasna an droichid a fhad le Teampall Seanáin. D'ullmhaigh Phillip Geoghegan de chuid iCon Architecture and Urban Design an tuarascáil a choimisiúnaigh an Chomhairle Baile ar bhonn speisialta. Tugtar cuntas inti ar fheabhsúcháin ar nós sráid do choisithe amháin a dhéanamh de Shráid Uí Reachtair (a cuireadh i bhfeidhm), caomhnú éadain siopaí, athnuachan na gcosán ar Shráid na Sláine, bealach atá soiléir i dtaobh cúrsaí amhairc de do choisithe amháin a dhéanamh de Lána Spout, na cosáin ar Ché na Sionainne a leathnú agus an litreoireacht ar an mballa teorann le Iosta Uí Dhonnchú a athchóiriú.

Tá éagothroime fós ann i soláthar áiseanna ionad comharsanachta idir purláin thoir agus thiar an bhaile, fiú nuair a chuirtear san áireamh forbairt Mr. Price ar thaobh na comharsanachta ag Cluain Haistin. Cuirfidh forbairt Chéim 3 den phríomhscéim draenála d'Inis Córthaidh tailte ar fáil le haghaidh forbairt cónaithe ar an taobh thoir den abhainn sna chéad chúpla bliain eile amach romhainn agus ba cheart go ndéanfadh áiseanna ionad comharsanachta freastal leordhóthanach ar na tailte seo.

Tá an Chomhairle díreach tar éis oibreacha a thabhairt chun críche ar Shráid na Cúirte agus Sráid na nGael i lár an bhaile, lenar áiríodh cosáin nua eibhir, athdhromchlú bóthair agus athruithe ar leagan amach sráideanna. I measc na dtionscadal de chuid na Comhairle atá ar na bacáin, tá athchóiriú an chosáin ar Shráid an Teampaill, soilsiú nua, dromchlú bóthair, moilliú tráchta, oibreacha inrochtaineachta, feabhsúcháin ar Chnoc Fhiodh na gCaor agus ar Ionad 1798 ina measc. Sa mhullach air sin, tá oibreacha ar bun chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ar fud an bhaile.

### 4.3.7 Conclúid Scrúdú Folláine Inis Córthaidh

Ar an iomlán, is baile mealltach é Inis Córthaidh ina ndéanann gníomhaíocht miondíola braisliú timpeall ar Chearnóg an Mhargaidh. Tá timpeallacht dheas siopadóireachta sa bhaile ina bhfuil éadain dheasa siopaí, pábháil mhaith agus fearann ardchaighdeáin poiblí. Is í an phríomh-shaincheist atá le réiteach in Inis Córthaidh ná an brú tráchta sa bhaile, ar cheart dul i ngleic leis trí sheachbhóthar an

M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh a thógáil. Ar cheann de phríomhchonclúidí an scrúdaithe folláine is ea nár mheall an baile go leor de na miondíoltóirí náisiúnta/idirnáisiúnta i gcaitheamh na mblianta. Tá roinnt príomhláithreán ar fáil, áfach, a d'fhéadfadh an deis a thapú chun feabhas a chur ar an soláthar miondíola laistigh de lár an bhaile agus déanfar plé níos mionsonraithe ar na láithreáin seo i Mír 7.

Tá éagothroime shoiléir ann sa chaighdeán foriomlán comhshaoil idir an taobh thoir agus thiar d'Abhainn na Sláine. Tá ardráta d'fhoirgnimh thréigthe agus fholmha ann lastoir den abhainn agus níl caighdeán foriomlán an fhearainn phoiblí ar an gcaighdeán céanna leis sin ar an taobh thiar de lár an bhaile. Bhainfeadh bruach thoir na habhann tairbhe as infheistíocht agus athfhorbairt shuntasach.

## 4.4 Measúnacht Scrúdú Folláine Ghuaire

### 4.4.1 Nithe is Díol Spéise agus Cáilíocht na Timpeallachta

Baile atá i nGuaire atá i dtuaisceart an chontae. Tá sé thart ar 52 ciliméadar lastuaidh de Bhaile Loch Garman, trí Inis Córthaidh ar an N11/M11. Tá an baile lonnaithe 100 ciliméadar ó Bhaile Átha Cliath agus tháinig forbairt ann ar ról tábhachtach mar bhonn cónaithe le haghaidh comaitéirí go dtí Baile Átha Cliath. Tháinig forbairt ar an mbaile laistiar d'Abhainn na Beannóige (a ghabhann aduaidh-ó dheas) i limistéar íseal talún.  Tá an tírdhreach máguaird droimneach agus éiríonn cnoic aníos timpeall an bhaile, soir ó thuaidh ag Cluain Aitinn agus níos suntasaí siar ó thuaidh ag Cnoc Ghuaire. Is suntasach go dtéann an tírdhreach laistiar den bhaile in airde níos suntasaí sa cheantar ar a dtugtar an Chraobhach.

Tá lár mealltach baile i nGuaire, ina bhfuil príomhshráid amháin leathan dhíreach artaireach a ngabhann mionsráideanna isteach inti ar nós eangaí. Gabhann sraith sráideanna siar ó thuaidh agus soir ó dheas den Phríomhshráid, Sráid Uí Reachtair, Sráid Eoin agus Sráid Thomáis ina measc. Tá an príomhsholáthar reatha miondíola i nGuaire lonnaithe thart ar Ionad Siopadóireachta Ghuaire agus ar an bPríomhshráid, agus tá éadanas tánaisteach siopadóireachta ann ar Shráid Easmainn agus ag an Ascaill.

Tá éadain níos sine agus mhealltacha siopaí fós sa Phríomhshráid agus tá an sráid-dreach dathannach agus beoga den chuid is mó. Tá bail mhaith ar thromlach na bhfoirgneamh feadh na bpríomhbhealaí artaireacha. Tá go leor de na taobhshráideanna tánaisteacha sa bhaile folamh agus thíos le dearóiliú agus dul i léig go pointe áirithe.  Tá creatlach thraidisiúnta an tsráid-dreacha fite fuaite le go leor foirgnimh nua le himeacht na mblianta.

Tá páirc uirbeach phoiblí suite in aice Oifigí Cathartha nua Ghuaire. Soláthraítear troscán sráide agus trealamh aclaíochta do dhaoine fásta ann. Anuas air sin, tá roinntí binsí suíochánra suite ar an bPríomhshráid agus ar Shráid Easmainn. Den chuid is mó, tá an fearann poiblí agus an sráid-dreach ar chaighdeán maith ar an iomlán.  I gcaitheamh laethanta an tsuirbhé, tugadh faoi deara go raibh caitheamh bruscair agus graifítí ina saincheisteanna suntasacha sa bhaile.

### 4.4.2 Éagsúlacht Úsáidí

Tá patrún measctha úsáidí cuimsithe i mbaile Ghuaire. Is léir ón suirbhé ar úsáid talún faoinar tugadh gurb ionann an neas-deighilt idir miondíol agus seirbhísí laistigh den bhaile agus 56:44 i dtaobh aonaid mhiondíola. Is é miondiol an phríomhghníomhaíocht ar an bPríomhshráid, Sráid Easmainn, an Ascaill, Ionad Siopadóireachta Ghuaire agus Páirc Mhiondíola Chnoc an Mhuilinn. Tá búitíceanna neamhspleácha faisin do mhná suite ar Shráid Easmainn.

Tá réimse d'úsáidí gnó agus tráchtála ann laistigh de lár an bhaile. Tá Banc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann Ireland, EBS, Permanent TSB, Banc Uladh agus Comhar Creidmheasa Ghuaire i measc na n-institiúidí airgeadais sa bhaile. I measc na gnólachtaí áitiúla gairmiúla, tá ceantálaithe/gníomhairí eastáit, bróicéirí árachais, aturnaetha, radharceolaithe agus cuntasóirí.  I measc na bpríomhsheirbhísí eile laistigh de lár an bhaile, tá Leabharlann Phoiblí Ghuaire, na hOifigí Cathartha, Stáisiún Gardaí Ghuaire, Teach na Cúirte agus Liachtlann Ghuaire. Tá tionscal lonnaithe i Lárionad Gnó Ghuaire siar ó dheas ón mbaile agus tá Eastát Tionsclaíochta an IDA ar Bhóthar Bhaile na Cúirte soir ó thuaidh ón mbaile. Soláthraíonn dhá óstán – Óstán an Amber Springs agus Óstán Ashdown Park cóiríocht do chuairteoirí. Cuireann an dá óstán áiseanna comhdhála agus fóillíochta

ar fáil. Déantar freastal maith ar an mbaile i dtaobh caiféanna, bialanna beaga agus tithe tábhairne.

### 4.4.3 Ionadaíocht Miondíola

Léirítear sa tábla a leanas an miondealú ar spás urláir mhiondíola Ghuaire amhail Dheireadh Fómhair 2011 (déantar plé níos mionsonraithe ar fholúntais faoi mhír 4.4.4).

**Tábla 45 Spás urláir mhiondíola reatha i nGuaire**

| Lonnaíocht | Spás Urláir Áisiúlachta (m$^2$ | Spás Urláir Chomparáide (m$^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla (m$^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh (m$^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán (m$^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Guaire | 9807 | 14008 | 9318 | 5868 | 39001 |
| Céatadán spás urláir | 25.1% | 35.9% | 23.9% | 15.0% | 100.0% |

Miondíoltóirí neamhspleácha a sholáthraíonn réimse earraí agus seirbhísí den chuid is mó, atá i gceist le cúrsaí miondíola. Le tamall anuas, bhunaigh roinnt miondíoltóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta iad féin laistigh den bhaile, ar nós shiopaí ainm branda comparáide Paco, E-mobile, Elvery's Sport, Carphone Warehouse agus Boots.

I dtaca le miondíol áisiúlachta, tá roinnt formáidí éagsúla i nGuaire, lena n-áirítear grósaeir traidisiúnta, meascán de shiopaí neamhspleácha áitiúla agus roinnt siopaí saincheadúnas, ar nós Centra, Gala agus Spar. Tugtar éagsúlacht chultúrtha Ghuaire faoi deara sa sráid-dreach tar éis gur tugadh isteach siopaí speisialtachta, ar nós Eurostore agus an Siopa Polannach 'The Polski Store'. Anuas air sin, tá i nGuaire roinnt de na slabhraí náisiúnta/idirnáisiúnta ollmhargaidh níos mó; tá Tesco, Dunnes Stores, Supervalu, Aldi agus Lidl go léir laistigh de nó in aice lár an bhaile.

Tá siopadóireacht comparáide d'earraí toirtiúla i nGuaire dírithe go príomha ar earraí leictreacha, crua-earraí agus troscán/teicstílí agus tá siopaí ann ar nós Heiton Buckleys, Dominic Smith Electrical, Homevalue Hardware, Siopa Crua-Earraí Brennans, Halpin Furniture Ltd., Redmond Electric, Cairpéid J Bolands, Gorey Floors and Kitchens, Troscán Dwyer agus Troscán Hughie Doyle.

### 4.4.4 Maoin Fholamh Mhiondíola

Nochtadh san iniúchadh ar spás urláir go raibh 5,868$m^2$ de spás folamh urláir mhiondíola i nGuaire laistigh den bhaile. B'ionann seo agus 15% den spás reatha urláir mhiondíola laistigh de Ghuaire. Ag tráth an iniúchta, ní raibh aon aonaid fholmha ann ar an bPríomhshráid. Bhí na folúntais, den chuid ba mhó, ar Shráid Easmainn agus ar Bhóthar Naomh Mícheál, áit ar tógadh forbairtí ach nár áitíodh iad. B'ionann folúntais i bPáirc Mhiondíola Chnoc an Mhuilinn agus 4% de na folúntais.

### 4.4.5 Inrochtaineacht agus Sreafaí Coisithe

Tá Guaire an-inrochtana ó éagsúlacht de láithreacha. Tá Baile Átha Cliath agus go leor de bhailte Chill Mhantáin, ar nós an Inbhir Mhóir inrochtana gan stró tríd an M11. Déanann an N11 nasc idir Guaire agus Ros Láir, Baile Loch Garman agus Inis Córthaidh. Anuas air sin, déanann an R741 ceangal idir Baile Loch Garman agus Guaire trí roinnt lonnaíochtaí beaga, ar nós Bhaile Uí Chonnmhaí, Bhaile Éamainn agus Mhuine Moling. Tá limistéar Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann ceangailte tríd an R742.

Ar lá an scrúdaithe folláine, b'ann d'ardleibhéal de ghníomhaíocht coisithe ar an bPríomhshráid, Sráid Easmainn, Sráid Eoin agus Sráid Uí Reachtair. B'ann do ghníomhaíocht theoranta coisithe idir Ionad Siopadóireachta Ghuaire agus an Phríomhshráid tríd an Ascaill. Tá trí thrasbhealach coisithe sa bhaile, tá dhá cheann lonnaithe ar an bPríomhshráid agus ceann amháin ag bun thoir Shráid Easmainn. Ar lá an scrúdaithe folláine, áfach, tugadh faoi deara go dtiteann leibhéal suntasach de thrasnú amach ag áiteanna ar bith in áiteanna éagsúla feadh na sráide. Anuas air sin, b'ábhar sách suntasach buartha do shábháilteacht coisithe an easpa de

thrasbhealach coisithe ag acomhal Bhóthar an Inbhir Mhóir, Sráid Easmainn agus ar an bPríomhshráid. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gComhairle faoi láthair air seo agus tá breithniú á dhéanamh ar líon roghanna.

Cé go ndearna seachbhóthar Ghuaire an brú tráchta laistigh den bhaile a mhaolú go mór, ar lá an scrúdaithe folláine, ba léir go raibh moilleanna tráchta ann ag acomhal na Príomhshráide agus na hAscaille.

Soláthraítear carrpháirceáil laistigh den bhaile go príomha trí pháirceáil ar an tsráid. Tá carrchlós beag dromchla lonnaithe lastoir de Shráid Easmainn. Soláthraítear carrpháirceáil faoin talamh in Ionad Siopadóireachta Ghuaire. Soláthraítear carrpháirceáil dromchla ag Páirceanna Miondíola Chnoc an Mhuilinn agus WFC agus in aice na miondíoltóirí áisiúlachta níos mó, ar nós Aldi, Lidl, Tesco agus SuperValu.  Is minic go n-eascraíonn trácht atá faoi bhrú agus a ghluaiseann go mall as an bpáirceáil ar an tsráid ar an bPríomhshráid.

I dtaobh iompar poiblí, déanann seirbhís rialta bhus a sholáthraíonn Bus Éireann agus Wexford Bus freastal ar Ghuaire, a stopann ar an mbealach ó Chalafort Ros Láir go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, baineann Guaire tairbhe ó sheirbhís iarnróid ó Ros Láir go dtí Bhaile Átha Cliath.   Tá an stáisiún lonnaithe i ngar don Ascaill. Tá dhá ionad tacsaithe i nGuaire faoi láthair atá suite ag an dá thaobh den bhaile.

#### 4.4.6 Gníomhartha

Tá limistéar suntasach de thalamh láithreáin úrnua atá suite siar ó dheas ó lár an bhaile, ar thailte laisteas den taobh thiar den Phríomhshráid, a ghabhann siar ó Ionad Siopadóireachta Ghuaire. Deonaíodh cead pleanála do shiopa nua bia (Tesco) ag an láthair seo agus tá deiseanna breise forbartha ann ar an talamh seo. Beidh sé ina ríthábhacht braistint de cheangal a choimeád idir an talamh agus Príomhshráid Ghuaire agus limistéar Shráid Easmainn.

Ba cheart forbairt miondíola a choimeád in urlár talún na bhfoirgneamh ar an bPríomhshráid. Déanfaidh forbairt shiopa nua Tesco spás a chruthú i láithreán

reatha Tesco. Cuireann an láithreán, atá suite i ngar do chroílár miondíola Ghuaire, deiseanna suntasacha le haghaidh athfhorbartha.

Ullmhaíodh Plean mionsonraithe Fearainn Phoiblí agus nuair a chuirfear i bhfeidhm é, cuirfidh sé feabhas ar cháilíocht timpeallachta an bhaile. I measc cuid de na gníomhartha a áirítear sa phlean fearainn phoiblí, tá; athchóiriú Theach an Mhargaidh, spás méadaithe poiblí os comhair Theach an Mhargaidh a chruthaíonn 'áit nua faoin gclog', úsáidí nua a chruthú agus feabhsúcháin a dhéanamh i gCearnóg an Mhargaidh, pointe trasnaithe ar an Ascaill ag an bpáirc uirbeach agus feabhsúcháin a dhéanamh ar an acomhal ag an bPríomhshráid agus ag Sráid Easmainn. Tá baint ghníomhach ag an gComhairle faoi láthair i staidéar indéantachta don acomhal ag an bPríomhshráid agus ag Sráid Easmainn agus tá oibreacha ar tí tosú chun cosáin agus pointe trasnaithe ar an Ascaill a uasghrádú.

#### 4.4.7 Conclúid Scrúdú Folláine Ghuaire

Tugtar le fios sa mheasúnacht scrúdú folláine go bhfuil lár rathúil, beoga agus ríthábhachtach baile i nGuaire. Tá cáilíocht na timpeallachta agus conláiste an bhaile, go ginearálta, ar chaighdeán maith agus tá sráid-dreach mealltach ann. Tá leibhéil folúntas íseal, nuair a chuirtear san áireamh an aeráid reatha gheilleagrach agus tá siad lonnaithe amach ó na príomhlimistéir phits. Mar thoradh ar fhorbairtí a rinneadh le déanaí i lár an bhaile, tá siopaí ilbhrainsí náisiúnta agus idirnáisiúnta tar éis bunú sa bhaile, agus thaispeáin siad, i dteannta a chéile, go bhfuil muinín acu as infheistíocht a dhéanamh i nGuaire.

### 4.5 Measúnacht Scrúdú Folláine Bhun Clóidí

Tá patrún an-uathúil sráid-dreacha ann i mBun Clóidí, a dhéanann Cearnóg an Mhargaidh agus an Meal a shainiú, a ghabhann go hingearach le Sráid na nGael agus Sráid an Teampaill. Tá Abhainn na Sláine, lena tuilemhá ghaolmhar, ar cheann de na gnéithe timpeallachta agus tírdhreacha is suntasaí sa bhaile.

Tugann an baile faoi fheidhmeanna tábhachtacha cathartha agus seirbhíse agus tá tiúchan de chonláistí cathartha ann, ina measc séipéil agus scoileanna. Soláthraíonn

iad seo seirbhísí ní hamháin don daonra cónaithe, ach do dhaonra tuaithe i bhfad níos leithne. Soláthraíonn an baile tiúchan sách ard d'áiteanna cónaithe uirbeacha i limistéar dlúth. Soláthraítear seirbhísí, ar nós bainc, oifig an phoist, tithe tábhairne agus líon beag miondíoltóirí beaga neamhspleácha laistigh den bhaile. Anuas air sin, tá líon úsáidí tionsclaíocha, tráchtála agus siopaí earraí toirtiúla ann i bhfoirm líneach ar an mbealach amach go dtí Bóthar Réileáin. Is é Mr. Price, an miondíoltóir náisiúnta, an t-aonad miondíola is suntasaí a tugadh isteach ag an láthair seo le déanaí. Anuas air sin, cuireadh tús le tógáil ar shiopa Aldi ar Bhóthar Réileáin.

Tá cuid den lonnaíocht, an Charraig Dhubh, lonnaithe i gContae Cheatharlach Cuimsítear ann an príomh-ollmhargadh sa cheantar; Supervalu. Is é bealach phríomhbhóthar náisiúnta an N80 an príomhbhealach artaireach a ghabhann tríd an mbaile a dhéanann nasc idir Inis Córthaidh agus Ceatharlach. Níl Inis Córthaidh lonnaithe ach seacht míle ón mbaile. Tá carrpháirceáil ar fáil i gcuid den Mheal lasmuigh de na foirgnimh thráchtála. Tagann deighilt ar an tsráid leathan agus dhíreach ina bhfuil meal láir, ina dhá lána tráchta ar gach aon taobh. Tá cosáin lonnaithe feadh na Príomhshráide, Shráid na nGael agus in áiteanna ar Bhóthar Réileáin. Bhí sreabhadh leanúnach de ghníomhaíocht coisithe ar mhaidin an tsuirbhé.

Léirítear sa tábla a leanas an miondealú ar spás urláir mhiondíola Bhun Clóidí amhail Fheabhra 2012.

**Tábla 46 Spás urláir mhiondíola reatha i mBun Clóidí**

| Lonnaíocht | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Bun Clóidí | 1372.6 | 1905.3 | 0 | 894.98 | 4172.88 |
| Céatadán spás urláir | 32.9% | 45.7% | 0.0% | 21.4% | 100.0% |

Tá roinnt láithreáin thábhachtacha deiseanna ann sa bhaile a bhainfeadh tairbhe as forbairtí inlíonta, ar nós trasna ón scoil ar Shráid na nGael, an láithreán in aice Chlub Oíche Meadowlands lastuaidh den stáisiún dóiteáin agus roinnt de na tailte cúil.

## 4.6 Measúnacht Scrúdú Folláine Dhroichead an Chaisleáin

Tá nádúr ar leith ag sráidbhaile Dhroichead an Chaisleáin, a tógadh san ochtú haois déag mar thoradh ar na muilte. Bunaíodh na hoibríochtaí muilleoireachta chun na huiscí ó Abhainn an Gharraí Fhliuch a úsáid, a shníonn tríd an sráidbhaile. Tugadh faoin ngníomhaíocht muilleoireachta a forbraíodh i rith an trátha seo chun freastal ar an trádáil eorna amháin (brachadh, grúdaireacht agus beathú ainmhithe). Tá iarsmaí na tréimhse rathúla seo le tabhairt faoi deara go soiléir sna foirgnimh a chomhdhéanann lár an tsráidbhaile inniu.

Tá an sráidbhaile lonnaithe thart ar 5km ó mhol Bhaile Loch Garman. Tá sé lonnaithe ar an mbóthar réigiúnach ó Ghuaire go Baile Loch Garman, an R741. Tá roinnt eastáit tithíochta lonnaithe laistigh den sráidbhaile. Tá lár an tsráidbhaile lonnaithe ag acomhal ag bóthar contae agus bóthar réigiúnach. Cuimsítear ann roinntí úsáidí, ar nós cógaslainne, tithe tábhairne, bialainne, siopa troscáin, ceardlann potaireachta, oifig bróicéir árachais, stáisiún peitril agus siopa. Éascaítear rochtain coisithe ar lár an tsráidbhaile trí chosáin ilroinnte agus chúnga. Cuireann láthair an mhuilinn reatha agus ballaí cliathánacha trádstórais srian ar chosáin fheabhsaithe a sholáthar.

Ag tráth an tsuirbhé, ní raibh aon aonaid fholmha ann sa sráidbhaile. Léirítear sa tábla a leanas an miondealú ar spás urláir mhiondíola Dhroichead an Chaisleáin amhail Fheabhra 2012.

**Tábla 47 Spás urláir mhiondíola reatha i nDroichead an Chaisleáin**

| Lonnaíocht | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Droichead an Chaisleáin | 439 | 254.2 | 1648.4 | 0 | 2341.6 |
| Céatadán spás urláir | 18.7% | 10.9% | 70.4% | 0% | 100.0% |

Tá talamh shuntasach ag a bhfuil cumas forbartha laistigh den sráidbhaile. Le déanaí, deonaíodh cead do lár sráidbhaile ag a bhfuil líon aonaid mhiondíola ar na tailte lastoir nuair a iontráiltear an tsráidbhaile. Ba cheart go léireodh aon fhorbairt sa sráidbhaile an scála agus an nádúr arb ann dóibh faoi láthair agus níor cheart go mbainfeadh sé ó Bhaile Loch Garman mar an bpríomhcheann scríbe siopadóireachta.

## 4.7 Measúnacht Scrúdú Folláine Chalafort Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann

Tá Baile na Cúirte suite in oirthuaisceart Chontae Loch Garman, ar Bhá leathan Bhaile na Cúirte. Tá cáil ar an gceantar dá limistéir chonláiste nádúrtha, go háirithe ar an imeallbhord. Ceann scríbe turasóirí atá ann go príomha agus is minic go mbíonn baint aige le daoine a thagann ar saoire ó Bhaile Átha Cliath. Déanann an bóthar réigiúnach (an R742) nasc idir an ceantar agus Baile Ghuaire agus Baile Loch Garman. Soláthraítear carrpháirceáil go príomha ar an tsráid.

Tá an fhorbairt reatha tráchtála agus miondíola lonnaithe ag limistéar Chalafort Bhaile na Cúirte agus sráidbhaile Shéipéal na hAbhann. Tá an dá lárionad seo ábhairín ilroinnte óna chéile. Thit an suirbhé amach i bhFeabhra 2012 agus bhí líon suntasach de na haonaid mhiondíola dúnta, ach níorbh ann d’aon chomharthaí ‘ar díol’ nó ‘ar ligean’, áfach, mar sin, meastar go n-osclaítear na haonaid ar bhonn séasúrach. Baineadh an tátal as an suirbhé, chomh maith, gurbh éard a bhí i gceist leis na saghsanna d’úsáidí miondíola ná siopaí áise den saghas sin a thugtar faoi deara i sráidbhaile cósta, ar nós parlúis uachtair reoite agus siopaí milseán. Anuas air sin, tá roinnt áitribh mhearbhia ann. Tugtar sa tábla a leanas miondealú ar an spás reatha urláir mhiondíola i gceantar Bhaile na Cúirte agus Shéipéal na hAbhann.

**Tábla 48 Spás urláir mhiondíola reatha i mBaile na Cúirte/Séipéal na hAbhann**

| Lonnaíocht | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile na Cúirte/ Séipéal na hAbhann | 327.7 | 0 | 0 | 1482.3 | 1810 |
| Céatadán spás urláir | 18.1% | 0.0% | 0.0% | 81.9% | 100.0% |

Is é aidhm na Comhairle chun díriú ar cheantar Bhaile na Cúirte mar phríomhcheann scríbe ardchaighdeáin do thurasóirí. Cé go bhfuil na tránna agus an timpeallacht nádúrtha ar na príomhacmhainní turasóireachta, agus go leanfaidh siad bheith amhlaidh, is gá an réimse áiseanna a shíneadh, chun dul i ngleic le fadhb na séasúrachta.

## 4.8 Measúnacht Scrúdú Folláine Chalafort Chill Ruáin agus Ros Láir

Tháinig forbairt ar Chalafort Ros Láir mar thoradh ar an gcalafort agus an t-iarnród. Is é Europort Ros Láir an príomhní is díol spéise tráchtála sa cheantar agus ní féidir beag is fiú a dhéanamh dá thábhacht d’fhorbairt gheilleagrach an chontae. Tháinig forbairt ar an gceantar timpeall an chalafoirt ina bhaile beag ina bhfuil réimse siopaí, tionscail seirbhíse, forbairtí cónaithe agus áiseanna pobail. Tháinig forbairt le déanaí ar lár an bhaile soir ó dheas den Europort. Líon beag d’fhorbairtí úsáide measctha atá i gceist leis seo atá eagraithe timpeall ar chrosaire céimnithe ar an N25. Tá ionad siopadóireachta, séipéal agus banc i lár an bhaile faoi láthair. Deonaíodh cead pleanála le déanaí d’fhorbairt úsáide measctha, chomh maith, ar láithreán cúinne

soir ó thuaidh den chrosaire. Tá limistéar tráchtála/lóistíochta lonnaithe soir ó thuaidh den Europort, lena n-áirítear ceantar mór de thalamh thearcfhorbartha.

Bunaíodh sráidbhaile Chill Ruáin tamall fada sular forbraíodh Calafort Ros Láir. Limistéar cónaithe, den chuid is mó, atá ann, ina bhfuil seirbhísí áitiúla, scoil, séipéal, ionad pobail, siopa agus tithe tábhairne. Tá limistéar beag tionsclaíochta lonnaithe siar ó dheas den sráidbhaile. Áirítear leis stáisiún aistrithe dramhaíola agus ionad lóistíochta.

Léirítear sa tábla a leanas an spás urláir mhiondíola reatha amhail Fheabhra 2012.

**Tábla 49 Spás urláir mhiondíola reatha i gCill Ruáin/Ros Láir**

| Lonnaíocht | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Calafort Chill Ruáin/Ros Láir | 1444.5 | 144 | 519.7 | 823.8 | 2932 |
| Céatadán spás urláir | 49.3% | 4.9% | 17.7% | 28.1% | 100.0% |

## 4.9 Measúnacht Scrúdú Folláine Dhroichead Eoin

Baineann Droichead Eoin tairbhe as láthair lárnach i ndeisceart Loch Garman. Tá sé suite ar chrosbhealach an R733 agus an R736. Déanann an R733 nasc idir Droichead Eoin agus Baile Loch Garman. Déanann an R736 roinnt sráidbhailte i ndeisceart Loch Garman a cheangal le Droichead Eoin agus an N25 i ngar do Chalafort Ros Láir. Tá an sráidbhaile thart ar thiomáint 15 nóiméad ó Bhaile Loch Garman agus Ros Mhic Thriúin araon. Soláthraítear ann réimse seirbhísí don chúlchríoch máguaird, ar nós ollmhargadh Supervalu, siopa mór crua-earraí, siopa ilrannach, salón gruaige, cógaslann, radharceolaí, bialann, clinic thréidliachta, stáisiún peitril agus siopa. Ag tráth an tsuirbhé, ní raibh aon aonaid fholmha ann laistigh den sráidbhaile.

D’fhreastail stáisiún iarnróid Dhroichead Eoin ar bhaile Dhroichead Eoin agus ar an gceantar máguaird. Bhí se ar cheann de na príomhstopanna ar an líne iarnróid ó Chalafort Ros Láir agus Port Láirge. Dúnadh an líne seo i Meán Fómhair 2010.

**Tábla 50 Spás urláir mhiondíola reatha i nDroichead Eoin**

| Lonnaíocht | Spás Urláir Áisiúlachta ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide ($m^2$) | Spás Urláir Chomparáide Earraí Toirtiúla ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Folamh ($m^2$) | Spás Urláir Mhiondíola Iomlán ($m^2$) |
|---|---|---|---|---|---|
| Droichead Eoin | 1056.8 | 546 | 4633.87 | 0 | 6236.67 |
| Céatadán spás urláir | 16.9% | 8.8% | 74.3% | 0.0% | 100.0% |

Is tábhachtach go gcoimeádtar na seirbhísí reatha agus an soláthar miondíola sa bhaile, mar gheall go gcomhlíonann siad ról tábhachtach don chúlchríoch mhór thuaithe máguaird. Tacófar le forbairt atá ar aon dul le scála agus nádúr an bhaile.

## 4.10 Conclúid an Scrúdaithe Folláine

Mar chonclúid, léiríonn an breithmheas a rinneadh ar na ceithre phríomhbhaile go gcoimeádann Loch Garman a shuíomh mar an mol, i dtaobh an tsoláthair mhiondíola atá ar fáil, agus comhlíonann na trí bhaile eile ról tacaíochta. Baile beoga is ea Guaire, a bhaineann caighdeán maith timpeallachta amach. Ní bhaintear an caighdeán ceannann céanna amach i Ros Mhic Thriúin agus in Inis Córthaidh i dtaobh soláthar miondíola agus beidh gá lena soláthar a mhéadú agus a fheabhsú d’fhonn dul in iomaíocht agus chun cónaitheoirí a choimeád laistigh dá gceantair. Tá roinnt láithreáin deiseanna ann laistigh de na ceithre phríomhbhaile a dhéanfadh an soláthar miondíola a fheabhsú agus a bhreisiú.

Is ionann na leibhéil folúntais agus 9.9% den spás iomlán urláir mhiondíola laistigh de na príomhbhailte agus na bailte ceantair. Tá 22.7% den spás urláir folamh i

mBaile Loch Garman, tá 20.1% den spás urláir folamh i Ros Mhic Thriúin, tá leibhéil folúntais 9.8% in Inis Córthaidh agus tá 15% den spás urláir folamh i nGuaire. Níorbh ábhar buartha folúntais mhiondíola faoi na breithmheasanna ar scrúdú folláine roimhe seo faoinar tugadh don chontae. Tá sé ina ríthábhacht nach ndéanfar aonaid fholmha a thréigean. Féadtar feabhas a chur ar chaighdeán timpeallachta ceantar trí fhuinneoga a úsáid le haghaidh taispeána agus na fógraíochta cuí.

Soláthraítear réimse seirbhísí dá gceantair máguaird i mbailte ceantair. Níor cheart go n-imreodh forbairt na mbailte seo tionchar diúltach ar phríomhacht na bpríomhbhailte agus ba cheart go mbeadh an fhorbairt ar aon dul le scála agus nádúr reatha an bhaile.

# Mír Ordlathas Miondíola agus Sainaithint Croílimistéir Mhiondíola

## 5.0 Réamhrá

Ceanglaítear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (TPManna) reatha nach mór d'fhorbairt agus do ghníomhaíocht miondíola cloí le hordlathas lonnaíochta an Stáit. Luaitear iontu gur gnách go mbíonn sraitheanna fairsinge d'fhorbairt uirbeach i gceist le feidhmeanna miondíola, ina measc, feidhmeanna Uirbeacha, Réigiúnacha, Fo-Réigiúnacha (Lárionaid Cheantair laistigh de cheantair uirbeacha níos mó) anuas ar Bhailte Beaga agus Ceantair Thuaithe, chomh maith leis sin. Leagtar amach sna TPManna ordlathas náisiúnta lonnaíochta agus leagtar amach sna TPRRODanna ordlthas uirbeach ag a bhfuil róil forbartha le haghaidh saghsanna éagsúla de lárionaid uirbeacha sa réigiún. Cruthaíonn na cáipéisí seo an cúlra d'ullmhú na Straitéise Lonnaíochta i bPlean Forbartha Chontae Loch Garman agus, dá thoradh, an t-ordlathas miondíola do Chontae Loch Garman. Is tábhachtach go dtugtar le fios i bpleananna forbartha réimse ionaid mhiondíola a thaispeánann cén áit a gcuirfear infheistíocht i miondíol nua agus i bhforbairt eile chun cinn, agus cén áit a bhfeabhsófar an soláthar reatha.

## 5.1 Ordlathas Lonnaíochta Náisiúnta

Sainaithnítear sna TPManna sé shraith ghinearálta de sholáthar siopadóireachta, a aithníonn forluí eatarthu a chomhdhéanann an t-ordlathas náisiúnta.

**Uirbeach** Soláthraíonn Chathair Bhaile Átha Cliath feidhmeanna miondíola de chineál speisialta nach dtagtar orthu in áiteanna eile sa Stát, mar aon leis an réimse is leithne de shiopadóireacht comparáide earraí. Soláthraítear i gcathracha eile móra Chorcaí, Luimnigh/Shionainne, na Gaillimhe agus Phort Láirge réimse de shiopadóireacht ardoird comparáide nach bhfuil a sárú ann den chuid is mó sna cathracha agus bailte níos lú.

**Réigiúnach** Anuas ar chúig phríomhchathair na hÉireann, tugann sraith de bhailte tairsí, moil agus eile faoi fheidhmeanna tábhachtacha réigiúnacha miondíola, ina measc;

- Bailte Tairsí Lár Tíre Bhaile Átha Luain, Thulach Mhór agus an Mhuilinn gCearr;
- Tairseacha Réigiún Teorann Shligigh; Dhún Dealgan agus Leitir Ceanainn;
- Bailte moil Bhéal an Átha/Chaisleán an Bharraigh, an Chabháin, na hInse, Chill Chainnigh, Mhala, Mhuineacháin, Thrá Lí/Chill Chainnigh, Thuama agus Loch Garman; agus
- Bailte móra eile, ar nós Chluain Meala, Dhroichead Átha, an Náis/Dhroichead Nua agus Phort Laoise.

**Fo-Réigiúnach** Anuas ar chinn scríbe Bhaile Átha Cliath agus cinn scríbe réigiúnacha mhiondíola, tugann bailte tábhachtacha eile, ar nós an Inbhir Mhóir, Bhaile Átha Í, Cheatharlach, Dhún Garbhán, **Inis Córthaidh**, an Longfoirt, Mhainistir na Corann, na hUaimhe, an Aonaigh, **Ros Mhic Thriúin**, Shoird agus Dhurlais faoi fheidhmeanna tábhachtacha fo-réigiúnacha, lena n-áirítear na príomhshlabhraí náisiúnta miondíola.

I gcomhthéacs Loch Garman, cé nach ndéantar tagairt shonrach do Ghuaire, meastar go dtiocfaidh sé laistigh den tsraith seo mar thoradh ar an mborradh a tháinig ar a dhaonra le déanaí agus ar fhairsingiú leanúnach miondíola sa bhaile.

**Lárionaid Cheantair**

Soláthrófar sonraí ar an gcathair agus limistéir ábhartha lár an baile, anuas air aon láithreacha atá sainithe le haghaidh borradh suntasach laistigh de phurláin na cathrach nó an bhaile atá i gceist i gcroístraitéisí pleananna forbartha laistigh de na lárionaid mhóra uirbeacha thuas, Cathair Bhaile Átha Cliath, cathracha agus bailte tairsí, bailte moil mar aon le bailte móra eile ina measc, (os cionn daonra 10,000 duine de ghnáth).

**Bailte Beaga agus Ceantair Thuaithe**

Is éard atá sa cheathrú sraith den ordlathas ná líon mór de bhailte beaga sa chatagóir dhaonra idir 1,500 agus 5,000 duine. Tá thart ar 75 de na bailte siúd ann ar an iomlán, a sholáthraíonn an chuid is mó díobh siopadóireacht bhunúnasach áisiúlachta, cibé in ollmhargaí beaga nó i siopaí áisiúlachta agus i roinnt cásanna,

cuireann siad siopadóireacht comparáide ar fáil, e.g. crua-earraí beagscála, cógaslanna miondíola agus siopaí éadaí.

**Siopadóireacht Áitiúil**
Cuirtear siopadóireacht ar an leibhéal is áitiúla ar fáil trí mheascán de shiopaí comharsanachta i limistéir fho-uirbeacha agus siopaí sráidbhaile/oifigí poist i gceantair thuaithe. Anuas air sin, earnáil eile i margadh miondíola na hÉireann is ea an earnáil chorrthrádála, margaí feirmeoirí ina measc.

## 5.2 Ordlathas Lonnaíochta Chontae Loch Garman

Tá ar chroístraitéis plean forbartha ordlathas lonnaíochta a leagan amach don chontae agus chun fás daonra a leithdháileadh ar na lonnaíochtaí seo. I gcomhthéacs Loch Garman, tá an t-ordlathas lonnaíochta dírithe ar ról Bhaile Loch Garman a fhorbairt mar an mol; lean dtacaíonn trí mhórbhaile eile an chontae – Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Guaire. Bailte ceantair atá i gceist leis an gcéad leibhéal eile, a chomhlíonfaidh ról tábhachtach chun tacú leis na bailte níos mó. Beidh ról níos teoranta ag an líonra de limistéir bhorrtha straitéisigh agus sráidbhailte níos lú. Soláthraíonn na limistéir seo seirbhísí tábhachtacha do phobail áitiúla agus dá gcúlchríocha tuaithe. Sonraítear ordlathas lonnaíochta Loch Garman i bhFíor 19.

**Fíor 19 Ordlathas lonnaíochta Chontae Loch Garman**

| Saghas na Lonnaíochta | Lonnaíocht |
|---|---|
| **Mol** | Baile Loch Garman |
| **Bailte Níos Mó** | Inis Córthaidh<br>Ros Mhic Thriúin<br>Guaire |
| **Bailte Ceantair** | Bun Clóidí<br>Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin |


| | |
|---|---|
| | Droichead an Chaisleáin<br>Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann<br>Droichead Eoin |
| **Sráidbhailte Láidre** | Cill Téile<br>Teach Munna<br>Baile an Droichid<br>Trá Ros Láir<br>Cluain an Róistigh<br>Ceann Poill<br>Cúil Ghréine<br>Fearna<br>Cill Mhucraise |
| **Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí Tuaithe Níos Lú** | Gach sráidbhaile agus lonnaíocht tuaithe eile. |
| **Tuath Fhairsing** | An tuath fhairsing uile lasmuigh de na lonnaíochtaí ainmnithe. |

### 5.3 Ordlathas Miondíola Loch Garman

Is é cuspóir an ordlathais mhiondíola chun leibhéal agus foirm na gníomhaíochta miondíola a thabhairt le fios atá oiriúnach do lárionaid uirbeacha an chontae lena chur ar chumas na Comhairle beogacht agus inmharthanacht gach lárionaid a chosaint agus a ligean do gach lárionad tabhairt faoina bhfeidhm fhoriomlán laistigh d'ordlathas lonnaíochta an chontae. Is é croíchoincheap an ordlathais mhiondíola gurb iad limistéir uirbeacha an mhoil, lena dtacaíonn na bailte níos mó agus na bailte ceantair, a thugann níos lú tacaíochta dóibh, na príomhlárionaid mhiondíola sa chontae. Mar dhea, díríonn an Straitéis Miondíola seo go príomha ar na leibhéal uachtaracha den ordlathas. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach amhlaidh seo chun forbairt agus infheistíocht miondíola ar scála níos lú a dhíspreagadh sna sráidbhailte níos lú. Is tábhachtach, ina ionad sin, ordlathas soiléir a leagan amach ina sainaithnítear an áit ar cheart an spás urláir mhiondíola nua a sholáthar chuige agus atá ar scála agus ar nádúr cuí le ról ordlathais an lárionaid.

I gcomhthéacs Straitéis Lonnaíochta an Chontae, mar seo a leanas is ea Ordlathas Miondíola Loch Garman:

**Fíor 20 Ordlathas miondíola Chontae Loch Garman**




Is é Baile Loch Garman an príomhlárionad miondíola sa chontae. Tar éis an iniúchta ar spás urláir (faoinar tugadh i míonna shamhradh 2011), bhí 84,701m$^2$ de ghlanspás urláir mhiondíola sa bhaile. Is ionann seo agus 46% den spás foriomlán urláir sna ceithre phríomhbhaile, agus deimhníonn seo a shuíomh mar an bpríomhbhaile sa chontae, dá bharr. Tá réimse agus candam fairsing ag Baile Loch

Garman d'earraí comparáide agus áisiúlachta araon nach bhfuil a shárú ann in áit ar bith eile laistigh den chontae.

Comhlíonann bailte Ros Mhic Thriúin, Ghuaire agus Inis Córthaidh a chomhionann de ról san ordlathas miondíola. Ní dhéantar tagairt shonrach do Ghuaire san ordlathas, ach tugadh borradh suntasach faoi deara ann ar an daonra agus ar fhairsingiú miondíola araon. Tá 21% den ghlanspás urláir mhiondíola sna ceithre bhaile i nGuaire, arb ionann é agus 39,001$m^2$. Soláthraíonn sé réimse de mhiondíoltóirí náisiúnta ollmhargaidh agus de shiopadóireacht ghinearálta d'earraí comparáide.
Tagraítear do Ros Mhic Thriúin mar lonnaíocht fho-réigiúnach sraithe san ordlathas náisiúnta miondíola. Tá 20% den spás iomlán urláir mhiondíola ann laistigh de na ceithre phríomhbhaile, arb ionann é agus 36,645$m^2$. Cuimsítear sa bhaile réimse fairsing de shiopadóireacht áisiúlachta ina bhfuil réimse leathan de na miondíoltóirí móra náisiúnta ollmhargaidh. Chomh maith leis sin, tugadh borradh suntasach faoi deara ar earraí comparáide toirtiúla. Baineann ríthábhacht le feabhas a chur ar an tairiscint comparáide i dtaobh a stádas a choimeád san ordlathas náisiúnta miondíola.

Anuas air sin, tagraítear d'Inis Córthaidh mar lonnaíocht fho-réigiúnach sraithe san ordlathas náisiúnta miondíola. Tá ann 13% den ghlanspás urláir mhiondíola de na ceithre bhaile ina bhfuil glanspás urláir mhiondíola 23,547$m^2$. Tugadh faoi deara ann an borradh ba lú i gcodarsnacht leis na bailte fo-réigiúnacha eile, go háirithe i dtaobh earraí toirtiúla comparáide.

Bhain bailte Bhun Clóidí, Bhaile na Cúirte/Séipéal na hAbhann, Chalafort Ros Láir/Chill Ruáin, Dhroichead Eoin agus Chaisleán an Droichid laistigh den ordlathas lonnaíochta a suíomh amach mar gheall go bhfuil daonra iontu a sháraíonn 1,500 duine. Tá ollmhargadh beag i ngach ceann de na bailte, anuas ar leibhéal de shiopadóireacht comparáide. Comhlíonann siad go léir ról criticiúil chun freastal ar na limistéir máguaird.

Tá sráidbhailte agus lonnaíochtaí tuaithe ar an tsraith dheiridh san ordlathas miondíola. Is iad a bpríomhfheidhm chun freastal ar limistéir áitiúla chónaithe. Áirítear leo siopaí beaga ar gnách go mbíonn stáisiúin líonta peitril agus oifigí poist i gceist leo. Comhlíonann siad ról tábhachtach i bpobail áitiúla, go háirithe i gcodanna níos tuaithe agus iargúlta den chontae.

### 5.3.1 Scála agus Saghas an Mhiondíola atá Oiriúnach

Soláthraítear sa mhéid a leanas treoir ar conas a dhéanann an Straitéis Miondíola sainmhíniú ar leithdháileadh spás miondíola.

- Leibhéal 1 (Baile Loch Garman): Móráis agus comparáid.
- Leibhéal 2 (Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Guaire): Móráis agus comparáid.
- Leibhéal 3: (Bun Clóidí, Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann, Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin, Droichead Eoin, Droichead an Chaisleáin): Áisiúlacht mheánoird, comparáid mheánoird a bhaineann le turasóireacht agus comparáid ghaolmhar.
- Leibhéal 4: Níl aon lárionaid sainaitheanta faoi láthair ar an leibhéal seo. Áisiúlacht bhreise go príomha ach gan comparáid a bhaineann le turasóireacht a fhágáil ar lár.


## 5.4 Croílimistéir Mhiondíola a Shainaithint

Féadtar croílimistéir mhiondíola a roinnt ina bpríomhshráideanna agus ina sráideanna tánaisteacha siopadóireachta araon.  Laistigh den Straitéis Miondíola seo, sainaithnítear 'príomhshráid mhiondíola' lárionaid mar an limistéar ina dtiteann an príomhthiúchan gníomhaíocht miondíola amach. Is éard atá i gceist leis ná meascán de thosca, ina measc príomhaonaid mhiondíola, folúntais ísle, an t-éileamh is airde ó mhiondíoltóirí/oibreoirí/forbróirí/infheisteoirí agus tá an líon is airde custaiméirí de shiopadóirí ann. Lasmuigh den limistéar seo, d'fhéadfadh limistéir thábhachtacha mhiondíola nó ionaid neamhspleácha siopadóireachta a bheith ann. Ba ghnách go n-áireofaí leis an meascán úsáidí fóillíocht tráchtála, seirbhísí

gaolmhara nó cónaithe agus tugtar ‘na sráideanna tánaisteacha miondíola’ ar na limistéir seo.

Cruthóidh na príomhlimistéir mhiondíola an príomhdhíriú agus an príomhláthair le haghaidh forbairt nua miondíola. Ba cheart na príomhshráideanna siopadóireachta, go háirithe, a choimeád mar na príomhláithreacha le haghaidh forbairt miondíola. Ba cheart go mbeadh forbairt oiriúnach do scála agus feidhm gach lárionaid. Déanfaidh forálacha na TPManna breithniú ar aon fhorbairt nua miondíola lasmuigh de na príomhlimistéir mhiondíola a threorú. I ngach ceann de na lárionaid seo, is tábhachtach croílár dlúth a fhorbairt agus a choimeád sa chás go bhfuil úsáidí miondíola agus tráchtála gar go leor dá chéile go mbainfidh siad tairbhe as sreafaí eile coisithe. Féadfaidh croílimistéir shainithe níos mó spás urláir mhiondíola a leathnú, agus dá thoradh, d’fhéadfadh lagú na bpríomhlimistéar miondíola eascairt as.

Rinneadh lár bhaile Ghuaire a léarscáiliú (Léarscáil 1), chun an croílimistéar miondíola a shainaithint. Aibhsíodh na príomhshráideanna agus na sráideanna tánaisteacha siopadóireachta. Mar gheall go bhfuil a bpleananna féin forbartha ag comhairlí baile Bhaile Loch Garman, Ros Thriúin agus Inis Córthaidh, sainaithníodh na príomhlimistéir mhiondíola faoina a straitéisí miondíola faoi seach agus rinneadh iad a atáirgeadh mar Léarscáileanna 204. Tá Baile Loch Garman, Ros Thriúin agus Inis Córthaidh faoi cheangal ag a bpleananna forbartha faoi seach.  Níor sainaithníodh na croílimistéir shiopadóireachta do na Bailte Ceantair mar gheall go meastar go bhfuil siad de scála ró-bheag chun údar a thabhairt lena leithéid de chur chuige. Meastar gur cheart go mbeadh an cur chuige i leith fhorbairt na mbailte seo ar aon dul le scála agus nádúr na forbartha reatha agus go dtreoródh forálacha na TPManna iad.





**Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019**
**Straitéis Miondíola**

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

| Teideal: Guaire | |
|---|---|
| Tarraingthe ag: NK | Seiceáilte ag: NC |
| Dáta: 12.03.2013 | Léarscáil Uimh: 1 |

# Croílimistéar Miondíola Bhaile Loch Garman





**Rinneadh an léarscáil seo a atáirgeadh ó Straitéis Miondíola Bhaile Loch Garman 2008-2014.**
**Dean tagairt, le do thoil, don phlean forbartha/straitéis miondíola ábhartha baile chun teacht ar an léatscáil agus ar na cuspóirí is cothroime le dáta don bhaile**

**Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019**
**Straitéis Miondíola**

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

| | |
|---|---|
| **Teideal: Loch Garman** | |
| Tarraingthe ag: NK | Seiceáilte ag: NC |
| Dáta: 12.03.2013 | Léarscáil Uimh: 2 |





Rinneadh an léarscáil seo a atáirgeadh ó Straitéis Miondíola Bhaile Ros Mhic Thriúin 2011 - 2017.
Dean tagairt, le do thoil, don phlean forbartha/straitéis miondíola ábhartha baile chun teacht ar an léatscáil agus ar na cuspóirí is cothroime le dáta don bhaile


**Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019**
**Straitéis Miondíola**

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

| **Teideal: Ros Mhic Thriúin** | |
| --- | --- |
| Tarraingthe ag: NK | Seiceáilte ag: NC |
| Dáta: 12.03.2013 | Léarscáil Uimh: 3 |

# Croílmistéar Miondíola Bhaile Inis Córthaidh




**Rinneadh an léarscáil seo a atáirgeadh ó Straitéis Miondíola Bhaile Inis Córthaidh 2009-2015.**
**Dean tagairt,le do thoil,don phlean forbartha/straitéis miondíola ábhartha baile chun teacht ar an léatscáil agus ar na cuspóirí is cothroime le dáta don bhaile**

## Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
## Straitéis Miondíola

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

| | |
|---|---|
| **Teideal: Inis Córthaidh** | |
| Tarraingthe ag: NK | Seiceáilte ag: NC |
| Dáta: 12.03.2013 | Léarscáil Uimh: 4 |

# Mír Measúnacht Acmhainní

## 6.0 Réamhrá

Thug RPS Planning and Environment faoin mír seo den Straitéis Miondíola, a choimisiúnaigh Comhairle Contae Loch Garman chun tabhairt faoin measúnacht acmhainní do Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman. Leagtar an mheasúnacht amach faoi na míreanna a leanas; faisnéis agus modheolaíocht bhonnlíne, measúnacht fhairsing acmhainní agus conclúid.

## 6.1 Faisnéis agus Modheolaíocht Bhonnlíne

Mar chuid den athbhreithniú ar Straitéis Miondíola 2005 agus 2007 (dá dtagraítear anseo istigh mar an iar-Straitéis Miondíola) agus d'ullmhú Straitéis Miondíola 2013, scrúdaíodh an fhaisnéis bhonnlíne a leanas:

- Treochtaí reatha daonra agus fás daonra faoi mar a soláthraíodh;
- Spás urláir mhiondíola reatha agus é sin atá ag teacht chun cinn, faoi mar a soláthraíodh; agus
- Úsáideadh foinsí staitistiúla chun faisnéis a sholáthar d'acmhainní breise miondíola laistigh den chontae.

### 6.1.1 Treochtaí Reatha Daonra agus Fás Daonra

Ó ullmhaíodh an iar-Straitéis Miondíola, tá staitisticí níos cothroime le dáta curtha ar fáil. Ina measc seo, tá:

- Torthaí Dhaonáireamh 2011;
- Spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha daonra.

D'ullmhaigh an Roinn Pleanála na leithdháiltí fás daonra a áirítear laistigh den Straitéis Miondíola. Roinneadh an contae de réir cheantair mhiondíola Bhaile Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Ghuaire. Bunaíodh na ceantair ar na treochtaí a tugadh faoi deara ó shuirbhéanna ar theaghlaigh agus ar shiopadóirí araon agus ar eolas áitiúil ar phatrúin siopadóireachta. Thug an anailís ar an gceantar le fios go ndéanann Baile Loch Garman a shuíomh a choimeád mar an mol agus an príomh-lárionad miondíola sa chontae agus tagann 38% de dhaonra an chontae faoi chuimsiú cheantar an bhaile. B'ionann Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh

agus Guaire agus 17%, 23% agus 22% faoi seach, agus dheimhnigh seo a suíomh ar leibhéal a dó in ordlathas miondíola an chontae.

Bunaíodh leithdháileadh daonra amach anseo do na ceithre bhaile agus na bailte ceantair laistigh de gach ceann de na ceithre cheantar ar na leithdháiltí daonra laistigh den Chroí-Straitéis don tréimhse 2013-2022. Measadh go dtiocfadh fás ar dhaonra ceantar lasmuigh díobh siúd a liostaítear sa Chroí-Straitéis ar an gcuma chéanna ar an ráta fáis don chuid eile den chontae don tréimhse 2011-2019.

### 6.1.2 Spás Urláir Mhiondíola Reatha agus é sin atá ag Teacht chun Cinn

D'fhonn candam an spáis urláir reatha agus é sin atá ag teacht chun cinn a bhfuil toiliú pleanála faighte aige sa chontae a dheimhniú, thug an Roinn Pleanála faoi athbhreithniú ar iarratais reatha mhiondíola. Cuireadh sonraí faoi spás urláir le chéile trí shuirbhé fairsing faoinar thug an Roinn Pleanála ag deireadh 2011/tús 2012. **<u>Glanspás miondíola is ea an spás urláir go léir a thugtar le fios sa mheasúnacht acmhainní mura luaitear a mhalairt.</u>**

### 6.1.3 Foinsí Staitistiúla a Úsáideadh chun Faisnéis a sholáthar d'Acmhainní Miondíola Reatha agus Amach Anseo laistigh den Chontae

Úsáideadh na foinsí staitistiúla a leanas chun measúnacht fhairsing acmhainní a sholáthar den riachtanas le haghaidh spás breise urláir mhiondíola áisiúlachta agus chomparáide:

- Fiosrúchán Bliantúil Seirbhísí 2009, (Meán Fómhair 2011);
- Ioncaim Chontae agus Olltáirgeacht Intíre (GDP) Réigiúnach 2009 (Feabhra 2012);
- Ráiteas Fioscach Meántéarmach, (Samhain 2011); agus
- Athbhreithniú Meántéarmach an ESRI 2008-2015, (Bealtaine 2008).

Scrúdaíodh na foinsí seo agus cuireann siad eolas ar fáil don mheasúnacht fhairsing acmhainní le haghaidh spás urláir mhiondíola. Soláthraítear sa mheasúnacht acmhainní seo léargas ginearálta ar an acmhainn spás urláir sa chontae, bunaithe ar mheastacháin fáis daonra agus caiteachais, meastacháin ar an gcóimheas

láimhdeachais, ollchaiteachas breise agus foinsí de dhíolacháin mhiondíola amach anseo.

Tá na príomh-ionchuir agus na príomh-aschuir leis an measúnacht acmhainní díorthaithe ón méid a leanas:

Céim 1: Meastacháin daonra agus chaiteachais;
Céim 2: Meastacháin láimhdeachais;
Céim 3: Cóimheasa láimhdeachais;
Céim 4: Ollchumas caiteachais bhreise;
Céim 5: Foinsí de dhíolacháin mhiondíola amach anseo; agus
Céim 6: Cumas acmhainní.

## 6.2 Measúnacht Fhairsing Acmhainní

Soláthrófar sa mhír seo den Straitéis Miondíola don chontae measúnacht fhairsing acmhainní spás urláir a chabhróidh leis an gComhairle chun an soláthar riachtanach a dhéanamh chun spás nua urláir mhiondíola a éascú. Tá an mheasúnacht seo bunaithe ar an daonra amhail 2011 agus ar thuartha daonra don bhliain 2013, 2019 (deireadh thréimhse an phlean forbartha), agus 2022, (deireadh scóip an TPRROD). Cuirtear faisnéis nuashonraithe faoi spás urláir mhiondíola agus toilithe pleanála miondíola san áireamh sa mheasúnacht seo nach ndearnadh a sholáthar. Cumasaíonn an mheasúnacht acmhainní cainníochtú a dhéanamh ar shaghas agus ar mhéid an spáis bhreise urláir mhiondíola a theastóidh chun freastal ar bhorradh caiteachais laistigh den chontae agus do cheithre phríomhbhaile an chontae (Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire). Léirítear sa mheasúnacht seo an tsuim iomlán fhéideartha a chaith cónaitheoirí sa chontae ar earraí miondíola. Cé mhéid den chaitheamh sin a choimeádtar laistigh den chontae a bhraitheann ar thosca ar nós scála an spáis reatha mhiondíola, caighdeán na n-earraí a dhíoltar, cineál na ndíolachán, éifeachtúlacht láimhdeachais, leithdháileadh an daonra, amanna taistil, inrochtaineacht agus láthair forbairtí nó lárionad dá samhail, áfach.

Is é cuspóir na measúnachta acmhainní candam an spáis bhreise urláir a thabhairt le fios ar féidir leis an gcaiteachas tuartha breise atá ar fáil laistigh den chontae agus i gceithre phríomhbhaile an chontae (Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin

agus Guaire) glacadh leis. Cuirtear san áireamh i measúnachtaí acmhainní spás reatha miondíola, scéimeanna miondíola a deonaíodh atá le forbairt agus méaduithe ar éifeachtúlacht láimhdeachais. I measc na mbeart atá riachtanach chun tabhairt faoin measúnú, tá meastacháin daonra agus chaiteachais an contae, meastacháin láimhdeachais spás reatha agus nua urláir, ollchaiteachas breise agus foinsí díolacháin mhiondíola amach anseo a dheimhniú.

Léirítear i dTábla 51 an spás reatha urláir (gan spás folamh a áireamh) i gContae Loch Garman ag deireadh 2011. Is ionann spás urláir áisiúlachta agus 28.1% den spás foriomlán miondíola, is ionann spás urláir chomparáide agus 39.6% den spás urláir, agus is ionann trádstóráil miondíola (earraí toirtiúla) agus 32.3% den iomlán. Anuas air sin, soláthraítear sonraí le haghaidh cheantair na gceithre phríomhbhaile.

**Tábla 51 Spás urláir reatha i gContae Loch Garman**

| | Áisiúlacht Reatha | Comparáid Reatha | Earraí Toirtiúla Reatha | Foriomlán Reatha |
|---|---|---|---|---|
| Baile Loch Garman | 13,945 | 33,160 | 18,348 | 65,453 |
| Guaire | 9,807 | 14,008 | 9,318 | 33,133 |
| Ros Mhic Thriúin | 9,669 | 5,012 | 14,586 | 29,267 |
| Inis Córthaidh | 8,010 | 9,920 | 3,909 | 21,839 |
| | | | | |
| Bun Clóidí | 1,373 | 1,905 | 0 | 3,278 |
| Droichead an Chaisleáin | 439 | 254 | 1,648 | 2,342 |
| Baile na Cúirte | 328 | 0 | 0 | 328 |
| Cill Ruáin/Ros Láir | 1,445 | 144 | 520 | 2,108 |
| Droichead Eoin | 1,057 | 546 | 4,634 | 6,237 |
| **Iomlán Chontae Loch Garman 2011** | **46,073** | **64,949** | **52,963** | **163,985** |
| Ceantar Loch Garman | 16,885 | 34,104 | 25,150 | 76,139 |
| Ceantar Inis Córthaidh | 9,383 | 11,825 | 3,909 | 25,117 |
| Ceantar Ros Mhic Thriúin | 9,669 | 5,012 | 14,586 | 29,267 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceantar Ghuaire | 10,135 | 14,008 | 9,318 | 33,461 |

**Nóta: Áirítear leis an tábla seo an soláthar miondíola sna lonnaíochtaí a liostaítear thuas amháin.**

### 6.2.1 Meastacháin Daonra agus Chaiteachais

Is í an chéad chéim ná ollmhéid an chaiteachais ar earraí áisiúlachta agus comparáide a ríomh ag daonra cónaithe an chontae don bhliain 2013, 2019 agus 2022. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, ó ullmhaíodh Straitéis Miondíola Loch Garman 2007, bhí geilleagar na hÉireann thíos le cor chun donais suntasach, ar gá é a chur san áireamh sa mheasúnacht acmhainní. Cuimsítear sa mheasúnacht, ar an ábhar sin, na tuartha geilleagracha is déanaí a léiríonn/a fhreagraíonn do na cúinsí geilleagracha ar tháinig athrú mór orthu a bhí i gceist ag tús 2012.

Chun an caitheamh miondíola foriomlán don chontae a dhíorthú, iolraítear na leibhéil thuartha chaiteachais per capita faoi spriocanna daonra an chontae. Díorthaítear na meastacháin chaiteachais per capita le haghaidh earraí comparáide agus áisiúlachta ó Fhiosrúchán Seirbhísí Bliantúil (FSB) 2009 na Príomh-Oifige Staidrimh, arb í seo an bhliain is déanaí a bhfuil faisnéis ar fáil di (arna scaoileadh i Meán Fómhair 2011). Tuartar meastacháin ar chaiteachas per capita le haghaidh earraí áisiúlachta agus comparáide chun cinn, bunaithe ar mheastacháin um borradh tomhaltais phearsanta ón Stádas Fioscach Meántéarmach (Samhain 2011) agus Athbhreithniú Meántéarmach 2008-2015 an ESRI.

Ní bhaineann an anailís ar chaiteachas miondíola ach le caiteachas a tharlaíonn laistigh d’asraonta miondíola, i.e. caiteachas a bhaineann le spás urláir mhiondíola amháin. Dá thoradh, ní áirítear caiteachas leis na figiúirí caiteachais per capita nach dtarlaíonn in asraonta miondíola, e.g. tríd an idirlíon mar aon le margaí agus stallaí.

Díorthaítear cóimheasa per capita caiteachas áisiúlachta agus comparáide bunaithe ar bhliain phraghais 2009. Cuirtear na cóimheasa caiteachais per capita le haghaidh earraí comparáide don bhliain 2013, 2019 agus 2022 i dTábla 52 thíos. Ríomhtar figiúirí an chaiteachais per capita agus rátaí tuartha bliantúla borrtha á n-úsáid le haghaidh caiteachas áisiúlachta agus comparáide per capita idir 2013 agus 2022.

Tugtar cuntas ar an gcaiteachas ag daonra cónaithe Chontae Loch garman agus cheantair Loch Garman i gcás na gceithre phríomhbhaile i dTábla 52.

**Tábla 52 Caiteachas de réir dhaonra cónaithe agus cheantair Loch Garman (praghsanna 2009, €m)**

| | 2011 | 2013 | 2019 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | **Daonra** | **Daonra** | **Daonra** | **Daonra** |
| Contae Loch Garman | 145,320 | 149,617 | 161,074 | 166,083 |
| Ceantar Loch Garman | 55,727 | 57,594 | 62,484 | 64,626 |
| Ceantar Inis Córthaidh | 33,042 | 33,864 | 36,148 | 37,147 |
| Ceantar Ros Mhic Thriúin | 24,504 | 25,294 | 27,280 | 28,140 |
| Ceantar Ghuaire | 32,048 | 32,865 | 35,162 | 36,169 |
| | **Caiteachas Per Capita** | **Caiteachas Per Capita** | **Caiteachas Per Capita** | **Caiteachas Per Capita** |
| Áisiúlacht Per Capita | €3,429 | €3,464 | €3,795 | €4,027 |
| Comparáid Per Capita | €3,325 | €3,358 | €3,782 | €4,097 |
| | **Meastacháin Chaiteachais Áisiúlachta** | **Meastacháin Chaiteachais Áisiúlachta** | **Meastacháin Chaiteachais Áisiúlachta** | **Meastacháin Chaiteachais Áisiúlachta** |
| Contae Loch Garman | €498.4 | €518.2 | €611.3 | €668.8 |
| Limistéar Cheantar Loch Garman | €191.1 | €199.5 | €237.1 | €260.3 |
| Limistéar Cheantar Inis Córthaidh | €113.3 | €117.3 | €137.2 | €149.6 |
| Limistéar Cheantar Ros Mhic Thriúin | €84.0 | €87.6 | €103.5 | €113.3 |
| Limistéar Cheantar Ghuaire | €109.9 | €113.8 | €133.4 | €145.7 |
| | **Meastacháin Chaiteachais Chomparáide** | **Meastacháin Chaiteachais Chomparáide** | **Meastacháin Chaiteachais Chomparáide** | **Meastacháin Chaiteachais Chomparáide** |
| Contae Loch Garman | €483.2 | €502.5 | €609.2 | €680.4 |
| Limistéar Cheantar Loch Garman | €185.3 | €193.4 | €236.3 | €264.8 |
| Limistéar Cheantar Inis Córthaidh | €109.9 | €113.7 | €136.7 | €152.2 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Limistéar Cheantar Ros Mhic Thriúin | €81.5 | €84.9 | €103.2 | €115.3 |
| Limistéar Cheantar Ghuaire | €106.6 | €110.4 | €133.0 | €148.2 |
| Nóta: Meastacháin Chaiteachais Per Capita le haghaidh Chontae Loch Garman (€, Praghsanna 2009) | | | | |

Meastar go bhfanfaidh caiteachas áisiúlachta agus comparáide don bhliain 2012 comhréidh, agus go dtiocfaidh méadú beag 1% orthu sa bhliain 2013 agus ansin go dtiocfaidh méadú measartha 1.6% orthu i gcás caitheamh áisiúlachta, agus go dtiocfaidh méadú níos airde 2.0% orthu i gcás caiteachas comparáide a fhad le 2019 de réir mar a thagann feabhas ar an ngeilleagar.

Léiríonn figiúirí FSB don bhliain 2008 agus 2009 gur tháinig laghdú ní ba thapúla ar chaiteachas comparáide ná mar a tháinig ar chaiteachas áisiúlachta, a d'imir tionchar ní ba mhó ar an gcaiteachas per capita ar earraí comparáide. Bhí coinne leis seo mar gheall go bhfuil caiteachas comparáide níos lánroghnaí (éadaí, coisbheart etc.) i gcomparáid le caiteachas áisiúlachta a bhaineann go príomha le siopadóireacht sheachtainiúil bia agus deochanna. Go deimhin, tháinig laghdú ar an gcomhréir fhoriomlán de chaiteachas comparáide anuas ó 52.9% den chaiteachas iomlán miondíola in 2008 go dtí 49.2% in 2009, agus tháinig méadú aníos ó 47.1% den chaiteachas iomlán miondíola in 2008 go dtí 50.8% in 2009. Is fiú a thabhairt faoi deara, chomh maith leis sin, go léiríonn na hInnéacsanna Ioncaim Indiúscartha in Aghaidh an Duine gur tháinig laghdú ar chaiteachas per capita Loch Garman anuas go dtí 92.8% (in 2009) den mheán foriomlán don stát, i gcomparáid le 96.7% den mheán foriomlán don stát in 2008.

### 6.2.2 Meastacháin Láimhdeachais

Is féidir láimhdeachas reatha asraonta miondíola sa chontae a mheas trí chumas caiteachais dhaonra an chontae agus faisnéis ar insreafaí agus eis-sreafaí caiteachais a úsáid ó cheantar an chontae. Níl caiteachas miondíola teoranta ag teorainneacha contae agus níos minice ná a mhalairt, ní choimeádfaidh contae ar bith an caiteachas go léir atá ar fáil mar gheall go n-úsáidfidh siopadóirí lárionaid lasmuigh den chontae gach tráthanna éagsúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla.

Tugtar seo faoi deara, go háirithe i gcás Loch Garman agus a chóngaraí atá sé do lárionaid ar nós Phort Láirge, Chill Chainnigh, Cheatharlach, an Inbhir Mhóir agus Bhaile Átha Cliath.

Cuirtear faisnéis ar fáil d’insreafaí agus d’eis-sreafaí de chaiteachas áisiúlachta agus comparáide trí shuirbhéanna ar thomhaltóirí trí shuirbhéanna duine ar dhuine (suirbhéanna ar shiopadóirí teaghlaigh) agus ar an tsráid (suirbhéanna ar shiopadóirí sráide). Cuireann suirbhéanna ar shiopadóirí teaghlaigh ar chumas meastachán a dhéanamh ar an méid caiteachais a choimeádtar laistigh de cheantar. Tagraítear don mheastachán go coitianta mar sciar margaidh an cheantair. Cuireann suirbhéanna ar shiopadóirí sráide ar chumas meastachán a dhéanamh ar an méid caiteachais a thionscnaítear lasmuigh de cheantar. Is gnách go dtagraítear dó seo mar tharraingt trádála ceantair.
Is ionann an sciar den mhargadh agus an chomhréir de chaiteachas miondíola i measc daoine a chónaíonn i gceantar a chaitear agus a choimeádtar sa cheantar. Meastar de ghnáth gurb airde seo i gcás earraí áisiúlachta ná siopadóireacht comparáide.

Is ionann tarraingt trádála agus an chomhréir de chaiteachas miondíola isteach i gceantar a thionscnaítear ó chónaitheoirí lasmuigh den cheantar. Sonraítear tarraingt trádála níos airde i lárionaid atá níos airde san ordlathas miondíola.

Cuireann na suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar shiopadóirí, a chuirtear i láthair i Mír 3, ar chumas meastachán a dhéanamh ar mhéid an chaiteachais ar earraí in asraonta miondíola sa chontae. Ceadaíonn siad meastachán a dhéanamh ar an méid iomlán de láimhdeachas d’asraonta miondíola sa chontae nó, i bhfriotal eile, an méid iomlán caiteachais ar earraí a dhíolann miondíoltóirí sa chontae a dhíorthú. De réir na suirbhéanna ar theaghlaigh, meastar go gcaitheann an daonra cónaithe 95.2% den chaiteachas áisiúlachta (an sciar den mhargadh) in asraonta miondíola sa chontae. I measc na gcónaithe a rinne a bpríomhshiopadóireacht bia lasmuigh den chontae, go dtí Cathair Phort Láirge agus an tInbhear Mór a bhí tromlach sceitheadh an chaiteachais seo. B’ionann an scair den mhargadh comparáide i measc cónaitheoirí agus 72.2%. Is léir gur chuir Cathair Phort Láirge, an tInbhear

Mór agus Baile Átha Cliath (Lár Bhaile Dhún Droma san áireamh) tromlach an sceite i gcuntas.

De réir na suirbhéanna ar shiopadóirí, bhí 11.2% de na freagróirí ó áiteanna lasmuigh den chontae, ar an meán, a ndearna 36.7% díobh siopadóireacht laistigh den chontae go rialta. As na freagróirí neamhchónaithe, bhí nach mór an leath díobh sa chontae ar mhaithe le cuspóirí siopadóireacht áisiúlachta nó comparáide. Nuair a chuirtear na figiúirí seo san áireamh agus nuair a shuimítear iad leis na figiúirí measta caithimh i measc turasóirí, eascraíonn tarraingt trádála 9.3% as láimhdeachas áisiúlachta agus 8.3% den láimhdeachas comparáide in 2011.

Meastar go dtiocfaidh athrú ar an sciar foriomlán den mhargadh agus an tarraingt fhoriomlán trádála i gcaitheamh thréimhse an staidéir de réir mar a mhúnlaíonn fórsaí margaidh cúrsaí miondíola agus de réir mar a thagann formáidí nua agus feabhsaithe miondíola chun cinn chun freastal ar ionchais tomhaltóirí atá ag dul i méid.

### 6.2.3 Láimhdeachas Tuartha Asraonta Miondíola

Rinneadh na toimhdí díorthaithe i dtaobh an sciar den mhargadh agus tarraingt trádála ó shuirbhéanna ar theaghlaigh agus siopadóirí 2011 a chuimsiú i dTábla 53 a sholáthraíonn meastachán ar láimhdeachas i spás urláir mhiondíola sa chontae i gcaitheamh na tréimhse a fhad le 2022.

Chun láimhdeachas a ríomh, asbhaintear an méid a chaitheann cónaitheoirí Loch Garman in asraonta miondíola atá lonnaithe lasmuigh den cheantar (sceitheadh) ón méid iomlán de chaiteachas féideartha miondíola i measc na gcónaitheoirí seo. Cuirtear an caiteachas breise leis seo, atá mar thoradh ar dhaoine a chónaíonn lasmuigh den chontae. Soláthraíonn meascán na n-asbhaintí agus na mbreisiúchán seo an láimhdeachas iomlán d'asraonta miondíola atá lonnaithe sa chontae. Seo an próiseas a úsáidtear chun na figiúirí láimhdeachais a ríomh a chuirtear i láthair do bhliain 2011, 2013, 2016 agus 2022 i dTábla 53 le haghaidh spás urláir áisiúlachta agus chomparáide araon.  Anuas air sin, cuireann Tábla 53 faisnéis ar fáil do leithdháileadh na mbailte contae i dtáblaí 54 agus 55 anuas ar tháblaí 58 agus 59.

Meastar go dtiocfaidh méadú ar chaitheamh turasóirí, ar aon dul le tuartha Fháilte Éireann, a mhéadóidh caitheamh ón earnáil seo. Anuas air sin, meastar, i gcaitheamh ama, nach mbeidh sé chomh mealltach céanna do shiopadóirí chun faid fhada a thaisteal mar gheall ar mhéaduithe ar chostais taistil.

**Tábla 53 Láimhdeachas tuartha ó asraonta miondíola lonnaithe i gContae Loch Garman (praghsanna 2009, €m)**

| **2011** | Áisiúlacht | | Comparáid | |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas Cónaitheoirí | | 498.4 | | 483.2 |
| Lúide Eis-Sreabhadh Caiteachais | 4.8% | 23.9 | 27.8% | 134.3 |
| Caitheamh ag Cónaitheoirí ar Asraonta sa Chontae | | 474.4 | | 348.9 |
| Móide Caiteachas Iompórtáilte | 9.3% | 48.6 | 8.3% | 40.1 |
| **Caitheamh in Asraonta Miondíola sa Cheantar** | | **523.1** | | **380.5** |
| | | | | |
| **2013** | | | | |
| Caiteachas Cónaitheoirí | | 518.2 | | 502.5 |
| Lúide Eis-Sreabhadh Caiteachais | 4.8% | 24.9 | 27.8% | 139.7 |
| Caitheamh ag Cónaitheoirí ar Asraonta sa Chontae | | 493.4 | | 362.8 |
| Móide Caiteachas Iompórtáilte | 9.6% | 52.4 | 8.6% | 43.2 |
| **Caitheamh in Asraonta Miondíola sa Cheantar** | | **545.8** | | **396.9** |
| | | | | |
| **Fás idir 2011 agus 2013** | | **22.7** | | **16.5** |
| | | | | |
| **2019** | | | | |
| Caiteachas Cónaitheoirí | | **611.3** | | **609.2** |
| Lúide Eis-Sreabhadh Caiteachais | 2.4% | 14.7 | 25.5% | 155.3 |
| Caitheamh ag Cónaitheoirí ar | | 596.6 | | 453.9 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Asraonta sa Chontae | | | | |
| Móide Caiteachas Iompórtáilte | 10.2% | 62.3 | 8.9% | 54.2 |
| **Caitheamh in Asraonta Miondíola sa Cheantar** | | **664.3** | | **498.2** |
| | | | | |
| **Fás idir 2013 agus 2019** | | **118.6** | | **101.3** |
| | | | | |
| **2022** | | | | |
| Caiteachas Cónaitheoirí | | **668.8** | | **680.4** |
| Lúide Eis-Sreabhadh Caiteachais | 2.4% | 16.1 | 22.5% | 153.1 |
| Caitheamh ag Cónaitheoirí ar Asraonta sa Chontae | | 652.8 | | 527.3 |
| Móide Caiteachas Iompórtáilte | 10.5% | 70.2 | 9.2% | 62.6 |
| **Caitheamh in Asraonta Miondíola sa Cheantar** | | **729.4** | | **580.8** |
| | | | | |
| **Fás idir 2019 agus 2022** | | **65.0** | | **82.6** |

### 6.2.4 Cóimheasa Láimhdeachais

Meastachán atá sna figiúirí láimhdeachais don bhliain 2011 a leagtar amach i dTábla 53 den mhéid caiteachais a choimeádfaidh an méid measta de spás urláir sa chontae ag tús thréimhse na Straitéise Miondíola. Mar shampla, in 2011, bhí thart ar 46,072m$^2$ de spás urláir mhiondíola sa chontae a raibh láimhdeachas thart ar €523.1m á chruthú aige agus thart ar 117,912m$^2$ de spás urláir chomparáide (earraí toirtiúla san áireamh) a raibh láimhdeachas thart ar €380.5m á chruthú aige. Nuair a chuirtear na cóimheasa láimhdeachais tháscaigh san áireamh (láimhdeachas roinnt faoin spás urláir), thabharfadh seo láimhdeachas €11,353 in aghaidh an m$^2$ le fios agus ríomhtar gurb ionann meáchóimheasa láimhdeachas comparáide agus thart ar €3,291 in aghaidh an m$^2$.

I dtaobh an chóimheasa láimhdeachas áisiúlachta, ina bhfuil meascán d’fhormáidí níos sine agus níos nua-aimseartha araon, úsáideadh figiúr €11,500 in aghaidh an

$m^2$. Uaidh seo, sonraítear go bhfuil an spás urláir áisiúlachta ag tearcthrádáil beagán.

Sa spás urláir chomparáide, tá thart ar 64,950$m^2$ de spás urláir chomparáide 'príomhshrutha' agus 52,963$m^2$ de spás urláir trádstórail miondíola (earraí toirtiúla). Roimhe seo, úsáideadh deighilt 80:20 idir earraí comparáide agus toirtiúla 'príomhshrutha'. Le 10 mbliana anuas, tá an chomhréir den chaitheamh ar earraí toirtiúla ag dul i méid tar éis gur forbraíodh páirceanna trádstórála miondíola, mar aon le hearraí comparáide 'príomhshrutha' a chur san áireamh laistigh de roinnt páirceanna trádstórála miondíola. Ina theannta sin, tá an chomhréir fhoriomlán de spás urláir earraí toirtiúla mar chéatadán den spás urláir chomparáide ag dul i méid. Ar an ábhar sin, meastar gur cuí glacadh le comparáid phríomhshrutha 75:25: earraí toirtiúla atá deighilte, as a n-eascródh cóimheas láimhdeachais le haghaidh spás urláir chomparáide príomhshrutha €4,392 in aghaidh an $m^2$ agus €1,795 in aghaidh an $m^2$ le haghaidh spás urláir earraí toirtiúla. Tugann caighdeáin an tionscail go mbeadh figiúr cóimheas láimhdeachais €4,500 le haghaidh spás urláir chomparáide agus figiúr €2,500 le haghaidh spás urláir earraí toirtiúla cuí (Straitéis Miondíola Chorcaí). As na toimhdí seo, ba dhealraitheach go bhfuil an spás urláir chomparáide 'príomhsrutha' ag trádáil i ngar do chothromaíocht, agus go bhfuil spás urláir earraí toirtiúla ag tearcthrádáil go mór, a thugann le fios go bhfuil ró-sholáthar de spás urláir trádstórail miondíola ann ar leibhéal an chontae.

### 6.2.5 Ollchumas Caiteachais Bhreise

Nuair a úsáidtear na meastacháin dhíorthaithe láimhdeachais, is féidir an fás atá ag teacht ar chumas breise caiteachais a mheas a thitfidh amach sa chontae agus i gcás na gceithre phríomhbhaile – Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire idir 2011 agus 2013 agus idir 2013 agus 2019, agus in 2022, soláthrófar íomhá níos fadtéarmaí. Léirítear seo i dTáblaí 54 agus 55.

**Tábla 54 Ollchumas breise caiteachais sa chontae agus sna ceantair (praghsanna 2009, €m)**

| | Áisiúlacht | Comparáid | |
|---|---|---|---|

| | €m | Phríomhshrutha €m | Earraí Toirtiúla €m |
|---|---|---|---|
| **<u>Contae Loch Garman</u>** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 22.7 | 12.3 | 4.1 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 118.6 | 76.0 | 25.3 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 65.0 | 61.9 | 20.6 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 206.3 | 150.2 | 50.1 |
| | | | |
| **Ceantar Loch Garman** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 9.5 | 5.2 | 1.7 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 47.6 | 30.4 | 10.1 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 26.1 | 24.5 | 8.2 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 83.2 | 60.1 | 20.0 |
| | | | |
| **Ceantar Inis Córthaidh** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 4.6 | 2.5 | 0.8 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 25.6 | 16.5 | 5.5 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 14.0 | 13.6 | 4.5 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 44.2 | 32.5 | 10.8 |
| | | | |
| **Ceantar Ros Mhic Thriúin** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 4.1 | 2.2 | 0.7 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 20.3 | 13.0 | 4.3 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 11.1 | 10.5 | 3.5 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 35.4 | 25.7 | 8.6 |
| | | | |
| **Ceantar Ghuaire** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 4.5 | 2.5 | 0.8 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 25.1 | 16.2 | 5.4 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 13.8 | 13.3 | 4.4 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fás idir 2011 agus 2022 | 43.5 | 31.9 | 10.6 |

Foinse: Tábla 53

**Tábla 55 Ollchumas breise caiteachais sa chontae agus sna ceantair ($m^2$)**

| | **Áisiúlacht $m^2$** | **Comparáid $m^2$** | **Comparáid (Earraí Toirtiúla) $m^2$** |
|---|---|---|---|
| **<u>Contae Loch Garman</u>** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 1,931 | 2,690 | 1,614 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 9,523 | 15,587 | 9,352 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 5,068 | 12,333 | 7,400 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 16,523 | 30,610 | 18,366 |
| | | | |
| **Ceantar Loch Garman** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 809 | 1,127 | 676 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 3,825 | 6,229 | 3,737 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 2,034 | 4,888 | 2,933 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 6,668 | 12,243 | 7,346 |
| **Ceantar Inis Córthaidh** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 391 | 544 | 327 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 2,053 | 3,381 | 2,028 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 1,095 | 2,702 | 1,621 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 3,539 | 6,628 | 3,977 |
| **Ceantar Ros Mhic Thriúin** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 346 | 482 | 289 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 1,626 | 2,659 | 1,595 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 862 | 2,095 | 1,257 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 2,835 | 5,236 | 3,141 |
| **Ceantar Ghuaire** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fás idir 2011 agus 2013 | 385 | 537 | 322 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 2,019 | 3,319 | 1,992 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 1,077 | 2,647 | 1,588 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 3,481 | 6,503 | 3,902 |

Foinse: Tábla 54 agus Cóimheasa Láimhdeachais

### 6.2.6 Foinsí de Dhíolacháin Mhiondíola Amach Anseo

Ollmheastacháin iad na figiúirí ollchaiteachais bhreise a measadh don chontae agus is gá iad a choigeartú chun spás folamh urláir mhiondíola agus caiteachas a chur san áireamh a d'fhéadfadh tarlú trí fhorbairtí nua miondíola (ceadanna pleanála atá ar marthain) atá le teacht chun cinn i ndiaidh 2013, agus trí mhéaduithe ar éifeachtúlacht láimhdeachais spás urláir reatha agus amach anseo. Cuireadh gach ceann de na foinsí caiteachais amach anseo san áireamh nuair a bhí an glanchaiteachas á dhíorthú atá ar fáil do spás urláir bhreise. Is gá láimhdeachas an spáis urláir reatha a chur san áireamh, chomh maith.

**Spás Urláir Folamh**

Leagtar amach méid an spáis urláir fholaimh i Loch Garman agus i gcás na gceithre phríomhbhaile – Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire i dTábla 56. Ar an iomlán, bhí thart ar 34,348m$^2$ de spás urláir folamh mhiondíola ann ina raibh 5,434m$^2$ de spás urláir áisiúlachta (15.8% den spás urláir folamh), 18,035m$^2$ de spás urláir chomparáide (52.5% den spás urláir folamh), agus 10,880m$^2$ de spás urláir trádstóráil miondíola (31.7% den spás urláir folamh mhiondíola).

B'ionann an ráta folúntais i spás urláir áisiúlachta agus 10.5%, agus b'ionann an ráta folúntais i spás urláir chomparáide agus 27.7%. B'ionann an ráta folúntais trádstóráil miondíola agus 17.0%. B'ionann ceithre phríomhbhaile an chontae agus tromlach mór an spáis urláir fholaimh mhiondíola (94.7%). Bhí thart ar 56% i gceist le Baile Loch Garman den spás urláir folamh miondíola uile, agus Ros Mhic Thriúin (19.9%), Gorey (12.1%), agus Inis Córthaidh (6.7%).

**Tábla 56	Spás urláir mhiondíola folamh**

| | Áisiúlacht Fholamh | Comparáid idir Fholamh | Trádstóráil Miondíola Fholamh | Spás Urláir Foriomlán Folamh |
|---|---|---|---|---|
| **Baile Loch Garman** | 3,383 | 8,854 | 7,012 | 19,249 |
| **Guaire** | 88 | 3,820 | 235 | 4,143 |
| **Ros Mhic Thriúin** | 318 | 4,100 | 2,405 | 6,823 |
| **Inis Córthaidh** | 636 | 1,226 | 454 | 2,316 |
| | | | | |
| **Bun Clóidí** | 87 | 34 | 774 | 895 |
| **Droichead an Chaisleáin** | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Baile na Cúirte/Séipéal na hAbhann** | 98 | 0 | 0 | 98 |
| **Cill Ruáin/Ros Láir** | 824 | 0 | 0 | 824 |
| **Droichead Eoin** | 0 | | 0 | 0 |
| **Iomlán Chontae Loch Garman** | **5,434** | **18,035** | **10,880** | **34,348** |
| **Ceantar Loch Garman** | 4,207 | 8,854 | 7,012 | 20,073 |
| **Ceantar Inis Córthaidh** | 723 | 1,260 | 1,228 | 3,211 |
| **Ceantar Ros Mhic Thriúin** | 318 | 4,100 | 2,405 | 6,823 |
| **Ceantar Ghuaire** | 186 | 3,820 | 235 | 4,241 |

Foinse: Suirbhé ar Spás Urláir Mhiondíola Chomhairle Contae Loch Garman 2011.

Anuas air sin, is tábhachtach go bhfuil spás urláir folamh miondíola lonnaithe i gcroílimistéir bhailte curtha san áireamh sa mheasúnú ar thograí nua mar aon le hiarratais ar shíneadh ama.

**Ceadanna Pleanála ar Marthain**

Is é deireadh 2011 an dáta reo do cheadanna pleanála ar marthain sa mheasúnacht acmhainní. Fuarthas toiliú pleanála do 89,956m$^2$ den ghlanspás miondíola breise ina raibh thart ar 21.5% de spás urláir áisiúlachta, 52.5% de spás urláir chomparáide agus 25.9% de spás urláir thrádstóráil miondíola earraí (toirtiúla). Cuirtear tromlach mór na gceadanna ar marthain (88%) i gcuntas laistigh de na ceithre phríomhbhaile

mar seo a leanas. Bhí thart ar 40.7% i gceist le Baile Loch Garman, 33.8% i gceist le Guaire, 8.7% i gceist le Ros Mhic Thriúin, agus 5.3% i gceist le hInis Córthaidh. Is fiú a thabhairt faoi deara go gcuirtear thart ar 20% de spás foriomlán urláir ar marthain an chontae i gcuntas i bhforbairt bheartaithe Ché na Tríonóide i Loch Garman. Fuarthas 14 iarratas shuntasacha ar marthain, ar an iomlán (os cionn 1,000$m^2$ de ghlanspás comparáide agus 500$m^2$ de ghlanspás áisiúlachta) ina raibh 75,794$m^2$ nó 84.2% den spás iomlán urláir ar marthain. Is tábhachtach go ndéantar síneadh iarratais ama a mheasúnú agus an tástáil sheicheamhach á cur i bhfeidhm go dian, cuspóirí nuashonraithe criosaithe mar gheall gur ceadaíodh iad agus chun Treoirlínte Pleanála Miondíola 2012 a chur i gcuntas.

**Tábla 57 Ceadanna ar marthain i gContae Loch Garman**

| | **Áisiúlacht ar Marthain** | **Comparáid Phríomhshrutha ar Marthain** | **Trádstóráil Miondíola ar Marthain** | **Foriomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Baile Loch Garman** | 6,878 | 25,865 | 3,829 | 36,572 |
| **Guaire** | 6,397 | 4,496 | 19,501 | 30,394 |
| **Ros Mhic Thriúin** | 3,389 | 4,393 | 0 | 7,782 |
| **Inis Córthaidh** | 712 | 4,028 | 0 | 4,740 |
| | | | | |
| **Bun Clóidí** | 990 | 272 | 0 | 1,262 |
| **Droichead an Chaisleáin** | 0 | 2,849 | 0 | 2,849 |
| **Baile na Cúirte/Séipéal na hAbhann** | 0 | 2,686 | 0 | 2,686 |
| **Cill Ruáin/Ros Láir** | 0 | 671 | 0 | 671 |
| **Droichead Eoin** | 1,000 | 2,000 | 0 | 3,000 |
| **Iomlán Chontae Loch Garman** | 19,366 | 47,260 | 23,330 | 89,956 |
| **Ceantar Loch Garman** | 7,878 | 31,385 | 3,829 | 43,092 |
| **Ceantar Inis Córthaidh** | 1,702 | 4,300 | 0 | 6,002 |
| **Ceantar Ros Mhic Thriúin** | 3,389 | 4,393 | 0 | 7,782 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceantar Ghuaire** | 6,397 | 7,182 | 19,501 | 33,080 |

Foinse: Suirbhé Miondíola Chomhairle Contae Loch Garman 2011.

Chomh maith leis sin, is tábhachtach breithniú a dhéanamh ar cé acu an léiríonn nó nach léiríonn forbairtí miondíola i rith na tréimhse an aeráid reatha gheilleagrach agus mhiondíola. Is beag dul chun cinn a rinneadh ar na ceadanna a deonaíodh nár gníomhaíodh ina leith nach raibh á dtógáil cheana féin, atá mar iarmhairt dhíreach den tionchar a d'imir an cúlú reatha eacnamaíochta. Ní treochtaí a shonraítear ach i gContae Loch Garman amháin, ach sonraítear an treocht ar fud a tíre. I gcaitheamh na tréimhse a fhad le 2019, ní dóchúil go bhforbrófar gach ceann de na deontais agus go mbeidh siad i mbun trádála agus is dóchúil go dtiocfaidh líon díobh chun solais arís ach ar scála laghdaithe mar thoradh ar an aeráid reatha eacnamaíochta. Ar mhaithe le cuspóirí na measúnachta acmhainní, measadh go bhféadfaí 50% den spás urláir ar marthain a bheith i mbun trádála go hiomlán agus go bhféadfadh sé cumas caiteachais a ghabháil ag 2019. Rinneadh an toimhde seo a chuimsiú sa mheasúnú fairsing ar an riachtanas atá le spás breise urláir ar leibhéal an chontae agus i gcás na gceithre phríomhbhaile – Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire.

**Éifeachtúlacht Láimhdeachais**

I gcaitheamh ama, meastar go méadófar éifeachtúlacht an spáis urláir chomparáide agus áisiúlachta faoi 1% in aghaidh na bliana. Meastar gurb ionann an spás urláir reatha agus cumas arb ionann é agus 4,933m$^2$ de spás urláir chomparáide, 6,954m$^2$ spás urláir thrádstóráil miondíola agus 5,671m$^2$ de spás urláir trádstóráil miondíola (earraí toirtiúla).

## 6.3 Cumas Acmhainní

Ó na meastacháin ar ollchumas caiteachais bhreise i dTábla 55, asbhaintear an caiteachas a chuir na ceadanna pleananna ar marthain agus an borradh ar éifeachtúlacht láimhdeachais i gcuntas chun an glanacmhainní don chontae agus do na ceithre phríomhbhaile – Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire a dheimhniú. Nuair a chuirtear na hardleibhéil de spás urláir folamh san

áireamh (10.5% le haghaidh spás urláir áisiúlachta, 21.7% le haghaidh spás urláir chomparáide agus 17% le haghaidh spás urláir earraí toirtiúla), meastar gur cuí go gcuirtear seo i gcuntas ar leibhéal an chontae agus i gcás na gceithre phríomhbhaile chomh maith. Ina leith seo, meastar gur cuí ráta folúntais 5% chun rogha agus iomaíocht a chumasú sa mhargadh miondíola.

Beidh aird ag an gComhairle ar thorthaí na measúnachta acmhainní nuair a dhéantar iarratais phleanála a mheas, nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar aon togra aonair pleanála, áfach, in aon bhaile, beidh ar an iarratasóir a léiriú sa Mheasúnacht Tionchair Miondíola (MTM) go bhfuil an spás urláir cuí agus aird ar an gcandam spás urláir a theastaíonn sa bhaile sin.  Cuirfear i gcuntas sa MTM an ceantar ar leith, ceadanna ar marthain agus an dóchúlacht go gcuirfear i bhfeidhm iad agus folúntais sna bailte aonair. Ní hamháin go mbeidh an gá cainníochtúil don chandam spás urláir ar an t-aon toisc chinntitheach, déanfaidh an Chomhairle breithniú ar cé acu an lonnófar nó nach lonnófar aon iarratas pleanála ar leith níos fearr ar bhonn seicheamhach ná forbairtí ceadaithe nó cé acu an dteastódh sé nó nach dteastódh sé ar mhaithe le cúiseanna cáilíochtúla, ar nós phróifíl mhiondíola an chontae a threisiú.

Baineann an chuid dheireanach den mheasúnacht acmhainní leis an méid spás urláir a dheimhniú a theastaíonn chun freastal ar an méadú seo a bhfuil coinne leis ar chaiteachas i gcaitheamh amscála na Straitéise Miondíola agus a fhad le 2022. Baintear seo amach trí chóimheasa bhliain phraghais 2009 a chur i bhfeidhm ar na figiúirí caiteachais. I gcás an spáis urláir áisiúlachta agus chomparáide, úsáideadh cóimheasa láimhdeachais le haghaidh 2013, 2019 agus 2022. Trí na cóimheasa láimhdeachais seo a chur i bhfeidhm ar ghlanbhorradh acmhainní caiteachais, soláthraítear na meastacháin ar na glanacmhainní spás urláir sa chontae agus do na ceithre phríomhbhaile. Nuair a chuirtear san áireamh na leibhéil de spás urláir folamh agus ar marthain atá ar fáil, meastar gur cuí cur chuige dhá chéim a sholáthar i leith an ghlanchumais bhreise. Léirítear i dTábla 58 na glanacmhainní caiteachais bhreise **nuair a dhéantar an borradh a thiocfaidh ar éifeachtúlacht láimhdeachais, amháin**, a asbhaint ón ollchumas caiteachais i dTábla 58 agus léirítear i dTábla 59 na glanacmhainní caiteachais spáis deiridh nuair a chuirtear na

tosca go léir san áireamh.

**Tábla 58 Glanacmhainní caiteachais bhreise sa chontae (éifeachtúlacht an láimhdeachais) ($m^2$)**

| | Áisiúlacht $m^2$ | Comparáid $m^2$ | Comparáid (Earraí Toirtiúla) $m^2$ |
|---|---|---|---|
| **Contae Loch Garman** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 1,024 | 1,410 | 571 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 6,853 | 11,823 | 6,283 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 3,713 | 10,422 | 5,842 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 11,590 | 23,656 | 12,695 |
| | | | |
| **Ceantar Loch Garman** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 476 | 455 | 180 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 2,846 | 4,252 | 2,280 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 1,537 | 3,885 | 2,193 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 4,860 | 8,592 | 4,653 |
| **Ceantar Inis Córthaidh** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 206 | 311 | 250 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 1,509 | 2,695 | 1,802 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 819 | 2,355 | 1,506 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 2,534 | 5,362 | 3,558 |
| **Ceantar Ros Mhic Thriúin** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 155 | 383 | 2 |
| Fás idir 2013 agus 2019 | 1,066 | 2,368 | 750 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 578 | 1,948 | 828 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 1,799 | 4,699 | 1,580 |
| **Ceantar Ghuaire** | | | |
| Fás idir 2011 agus 2013 | 186 | 261 | 138 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fás idir 2013 agus 2019 | 1,432 | 2,508 | 1,452 |
| Fás idir 2019 agus 2022 | 779 | 2,235 | 1,314 |
| Fás idir 2011 agus 2022 | 2,396 | 5,003 | 2,904 |

Nóta: Ní asbhaintear ceadanna folmha agus ar marthain ó Thábla 55. Áirítear leis na figiúirí seo céatadán de sceitheadh le haghaidh siopadóireacht comparáide agus is é aidhm na Comhairle chun roinnt den sceitheadh seo a fháil ar ais.

Faoi mar a thugtar faoi deara thuas faoi rátaí folúntais, is gá ceadanna ar marthain a chur san áireamh, chomh maith. Trí rátaí folúntais a laghdú anuas go dtí ráta níos inmharthana (5%), d'eascródh riachtanas acmhainní thart ar 8,460m$^2$ de spás urláir áisiúlachta, 8,869m$^2$ de spás urláir chomparáide, agus 4,464m$^2$ le haghaidh spás urláir d'earraí toirtiúla a fhad le 2022 don chontae iomlán. Cuimsíodh na rátaí folúntais atá infheidhme sna bailte aonair isteach sna figiúirí.

**Tábla 59 Glanacmhainní caiteachais bhreise sa chontae a fhad le 2022 (m$^2$)**

| | **Áisiúlacht m$^2$** | **Comparáid m$^2$** | **Comparáid (Earraí Toirtiúla) m$^2$** |
|---|---|---|---|
| **<u>Contae Loch Garman</u>** | | | |
| Cumas idir 2011 agus 2019 | 1,470 | -5,975 | -3,095 |
| Cumas idir 2019 agus 2022 | -2,694 | -8,786 | -4,106 |
| Cumas idir 2011 agus 2022 | -1,223 | -14,761 | -7,201 |
| | | | |
| | | | |
| **Ceantar Loch Garman** | | | |
| Cumas idir 2011 agus 2019 | -328 | -6,714 | -1,374 |
| Cumas idir 2019 agus 2022 | -2,113 | -7,536 | -1,641 |
| Cumas idir 2011 agus 2022 | -2,442 | -14,250 | -3,016 |
| **Ceantar Inis Córthaidh** | | | |
| Cumas idir 2011 agus 2019 | 1,163 | 1,597 | 1,536 |
| Cumas idir 2019 agus 2022 | 266 | 945 | 990 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cumas idir 2011 agus 2022 | 1,429 | 2,542 | 2,526 |
| **Ceantar Ros Mhic Thriúin** | | | |
| Cumas idir 2011 agus 2019 | 457 | -272 | -86 |
| Cumas idir 2019 agus 2022 | -186 | -1,075 | -10 |
| Cumas idir 2011 agus 2022 | 271 | -1,347 | -96 |
| **Ceantar Ghuaire** | | | |
| Cumas idir 2011 agus 2019 | 179 | -587 | -3,170 |
| Cumas idir 2019 agus 2022 | -660 | -1,120 | -3,446 |
| Cumas idir 2011 agus 2022 | -482 | -1,708 | -6,616 |

Nóta: Ollchumas lúide éifeachtúlacht láimhdeachais, rátaí folúntais (5%) agus ceadanna ar marthain (50%).

Glactar leis i dTábla 59 go nglacfaidh an glacadh le spás urláir folamh agus ceadanna ar marthain níos mó leis an nglanacmhainní a dtugtar cuntas orthu i dTábla 58 ar bhonn 50:50 idir na tréimhsí 2011-2019 agus 2019 agus 2022, (ar aon dul le tréimhse an Phlean Forbartha). Tugtar faoi deara go bhféadfadh athrú teacht ar na comhréireacha i gcomhréir leis na cúinsí margaidh a bhíonn i gceist.

Is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar shaincheist na gceadanna ar marthain (agus ar iarratais ar shíneadh ama a dheonú) i dtaobh forbairtí móra miondíola i gcoinne na Treorach náisiúnta Pleanála Miondíola, agus i dtaobh athruithe ar bheartas an Phlean Forbartha (criosú ach go háirithe). Faoi mar a thugtar chun solais thuas, is ionann líon sách beag de cheadanna ar marthain (14 ar an iomlán) agus tromlach mór (84.2%) an spáis urláir ar marthain ar an iomlán, arb ionann é agus 89,956m$^2$. Tugtar seo faoi deara ar aon dul le drogall reatha intuigthe sa mhargadh chun ceadanna suntasacha a chur i bhfeidhm ar phríomhláithreáin.

I gcomhthráth, ní cuspóir na Straitéise Miondíola é chun teorainn a leagan ar iomaíocht, agus, ar an ábhar sin, tá dualgas ann le breithniú a dhéanamh ar argóintí daingne cainníochtúla agus cáilíochtúla le haghaidh athnuachan agus infheistíochta i spás nua urláir sa chás gur féidir a léiriú nach n-imreofaí tionchar ábhartha diúltach ar spás urláir reatha (níos lú ná atreorú trádála 5% ón spás urláir reatha).

## 6.4 Conclúidí

Ó ullmhaíodh Straitéis Miondíola 2005 agus Athbhreithniú 2007, tugadh faoi deara sa chontae feabhsú suntasach in iomaíocht an mhéid a chuireann cúrsaí miondíola ar fáil sa chontae. D'eascair stór de spás urláir folamh miondíola ar fud an chontae ón gcur chun donais sa gheilleagar ó 2008 i leith. Ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, meastar gur cuí go n-úsáidtear cumas féideartha spás urláir i gcaitheamh thréimhse na Straitéise seo chun na leibhéil de spás urláir reatha a laghdú. Deimhníodh, chomh maith, go bhfuil ról ag roinnt ceadanna ar marthain sa chumas iarmharach le haghaidh spás breise urláir mhiondíola.

Soláthraítear sna figiúirí seo a chuirtear i láthair sa mheasúnacht acmhainní measúnú fairsing ar an ngá atá le spás breise urláir nua. Ba cheart glacadh leo amhail bheith táscach agus mar threoir ar an gcandam a theastóidh agus ní bheartaítear go mbíonn siad forordaitheach ar aon bhealach. Ní hé cuspóir na measúnachta acmhainní chun caidhp a leagan anuas ar na deiseanna le haghaidh forbairtí miondíola amach anseo sa chontae. Nuair a bhí cuspóirí na Straitéise Miondíola a bhforbairt, caitear leis an measúnacht acmhainní i gcomhthéacs na dtosca agus na saincheisteanna a leanas:

- Láidreachtaí agus laigí phróifíl mhiondíol an chontae agus conas is fearr leas a bhaint astu seo agus dul i ngleic leo faoi seach;
- Na gníomhartha a theastaíonn chun gníomhaíocht miondíola a chothú agus a fhás, go háirithe i gcomhthéacs mhealltacht mhéadaithe Bhaile Átha Cliath do chónaitheoirí i dtuaisceart an chontae;
- Conas dul i ngleic le saincheist spás urláir folamh mhiondíola;
- Feabhsúcháin cháilíochtúla ar cheithre lárionad na bpríomhbhailte; agus
- Conas a bhainistítear ceadanna ar marthain i gcomhthéacs ainmniú nua criosaithe agus tástáil sheicheamhach a chur i bhfeidhm.

Is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar shaincheist na gceadanna ar marthain

(agus ar iarratais ar shíneadh ama a dheonú) i dtaobh forbairtí móra miondíola i gcoinne nuashonruithe ar an Treoir náisiúnta Pleanála Miondíola, agus i dtaobh athruithe ar bheartas Pleananna Forbartha (criosú ach go háirithe).

# Mír Láithreáin Deise

## 7.0 Réamhrá

Sainaithnítear sa mhír seo den Straitéis Miondíola príomhláithreáin deise a mheastar atá cuí le haghaidh forbairt miondíola amach anseo. Cuimsíodh i Straitéisí Miondíola Contae 2005 agus 2007 go leor moltaí ar láthair breis forbairt miondíola. Déanfar athbhreithniú sa Straitéis seo ar na moltaí a rinneadh roimhe seo agus sainaithneofar láithreáin mhalartacha más gá. Tá na láithreáin a sainaithníodh i ngar do láir na mbailte. I roinnt cásanna, deonaíodh cead pleanála cheana féin ar na láithreáin, ach go dtí seo, áfach, níor cuireadh i bhfeidhm é. Tá de chumas na láithreán glacadh le forbairt miondíola amach anseo agus chun méid agus caighdeán an spáis urláir a sholáthar a theastaíonn ó mhiondíoltóirí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta. Láithreáin úrnua atá in go leor de na láithreáin a bhfuil an cumas acu forbairtí measctha idir meánmhéid agus mórmhéid a sholáthar a dhéanfaidh an rogha siopadóireachta atá ar fáil laistigh de na bailte agus ina gceantar a leathnú agus a fheabhsóidh mealltacht fhisiciúil, cáilíocht timpeallachta, fearann poiblí, beogacht agus inmharthanacht láir na mbailte trí cháilíocht na timpeallachta a fheabhsú. Níor roghnaíodh láithreáin sna bailte ceantair mar gheall go bhfuil siad níos dealraithí i ngeall ar mhéid beag na lonnaíochtaí.

### 7.1 Loch Garman

Tá croí dea-bhunaithe miondíola i Loch Garman agus tá sé ar an lárionad miondíola is tábhachtaí sa chontae. Seo a leanas príomhláithreáin deise Loch Garman:

- Seanláithreán shiopa Tesco – tá an láithreán seo lonnaithe in áit a bhfuil rochtain ann ar an bPríomhshráid Theas agus ar Ché an Chorráin. Cuimsítear ann an sean-ollmhargadh, carrpháirceáil agus roinnt trádstóras.
- Seanláithreán na pictiúrlainne agus iar-oifigí FBD – tá an láithreán seo lonnaithe amach ó Bhóthar Mhic Réamainn. Láithreán ardphróifíle is ea seo ar an mbóthar a thagann faoi dhéin Loch Garman in aice carrpháirceáil reatha dromchla.
- Láithreáin Ché na Tríonóide – deonaíodh forbairt mhórscála úsáide measctha ar an láithreán seo (éagann sé i bhFeabhra 2017) ina gcuimsítear meal

substainteach miondíola. Níor cheart go n-imreodh aon fhorbairt ag an láithreán seo tionchar ar láithreáin Natura 2000 ina n-aice.

- Láithreán GPS HomeValue Hardware agus Livingston – tá an láithreán seo i ngar do Chearnóg Mhic Réamainn atá lonnaithe ar Bhóthar Mhic Réamainn. Trasna ón láithreán, tá carrpháirceáil suntasach dromchla ann a fhreastalaíonn ar an limistéar seo den bhaile.
- Tailte an stáisiúin traenach – tá méideanna suntasacha de thailte tréigthe in aice an stáisiúin traenach a d'fhéadfaí a úsáid ar mhaithe le cuspóirí miondíola, a fhad agus nach gcuireann siad isteach ar láithreáin Natura 2000 nó an iarnróid atá ina n-aice.
- Láithreán BSL – láithreán folamh is ea an láithreán seo atá suite ag an gCé Thráchtála.
- Láithreán Colman Doyle – láthair fheiceálach atá sa siopa seo ag deireadh na Príomhshráide Theas.

### 7.2 Ros Mhic Thriúin

Tá roinnt láithreán i Ros Mhic Thriúin atá i ngar do thaobh na cé a d'fhéadfaí a fhorbairt ar mhaithe le cuspóirí miondíola. Is iad seo a leanas príomhláithreáin deise:

- Carrchlós an Stóir Bhannaí – príomhláithreán atá sa láithreán seo atá lonnaithe feadh na cé trasna ó Ionad Long Dunbrody agus Cuairteoirí.
- Láithreán Chlós Billy Foley agus iar-Gharáiste Campus – tá an láithreán seo suite lastuaidh de Lána an Mhéirse, laisteas de Lána na Prióireachta agus tá an láithreán taobh leis an gcé. Tá cead pleanála ann le haghaidh forbairt úsáide measctha ar an láithreán.
- Láithreán an tSeantí Braiche agus na tailte atá áitithe ag Steele and Company faoi láthair – tá Lána na Prióireachta lastuaidh den láithreán, agus tá Lidl laistiar den láithreán. Deonaíodh cead pleanála le haghaidh forbairt úsáide measctha ar an láithreán.

### 7.3 Inis Córthaidh

Tá roinnt ceantar i ngar do lár an bhaile a bhfuil an cumas acu glacadh le forbairt bhreise miondíola amach anseo. Is iad príomhláithreáin deise Inis Córthaidh:

- Cé na Mainistreach – tá an láithreán seo áitithe ag roinnt aonad ag a bhfuil plátaí móra urláir, ar nós Ionad Siopadóireachta Chearnóg na Mainistreach, The Carpet Centre, Murphy's Cash and Carry agus Ionad Garraíodóireachta Purple and Gold. Láithreán feiceálach atá ann in aice na habhann, i ngar do na bóithre a ghabhann go Loch Garman ón N11 agus ón N30 agus tá go leor carrpháirceáil dromchla ann.

- Láithreán Chivers ag Cé na Mainistreach – tá an láithreán seo taobh leis an bpromanáid feadh na Sláine. Tá sé i ngar d'Ionad Siopadóireachta Chearnóg na Mainistreach agus is féidir é a rochtain trí Lána Chlós an Mhuilinn nó ón bPromanáid.

- Uimh. 10 agus 11 Cearnóg an Mhargaidh – áit fheiceálach atá sa láithreán seo i gcroílár lár an bhaile. Deonaíodh cead pleanála le haghaidh forbairt úsáide measctha roimhe seo.

- Láithreán Murphy Flood – tá an láithreán seo lonnaithe amach ón bPríomhshráid agus is carrchlós sealadach é faoi láthair. Láithreán atá ann i gcroílár lár miondíola an bhaile. Tá Sráid na nGael laistiar de thrí cheann de na bealaí rochtana a cheanglaíonn láithreán athfhorbartha Minch Norton (Dunnes Stores) le Cearnóg an Mhargaidh.

- Seanláithreán Dunnes Stores – tá an láithreán seo lonnaithe amach ó Shráid Uí Reachtair a ndearnadh sráid do choisithe di agus baineann sé tairbhe ó phríomhéadanas miondíola. Tá carrpháirceáil shubstainteach dromchla ann ar chúl an láithreáin.

### 7.4 Guaire

Lárionad tábhachtach miondíola atá i nGuaire i dtuaisceart an chontae. Is iad príomhláithreáin deise Ghuaire:

- Tailte láithreáin úrnua laistiar de lár an bhaile – le déanaí, deonaíodh siopa bia aon stóir ag an láthair seo nár cuireadh tús leis faoi láthair le déanaí do Niralcy Ltd (Tesco). Tá deis bhreise ann le haghaidh fhorbairt na talún in aice an tsiopa bia a bheartaítear.

- Sráid Easmainn – is ann do dheiseanna forbartha le haghaidh athrú úsáide agus athfhorbairt na maoine cónaithe.

- Tesco – i gcomhthéacs an cheada pleanála a deonaíodh d’ollmhargadh nua Tesco, tá an siopa reatha lonnaithe amach ó Bhóthar Bhaile na Cúirte i ngar do Shráid Easmainn.

## 7.5 Conclúid

Thug an Chomhairle faoi láithreáin a shainaithint ar fud an chontae a d’fhéadfaí a fhorbairt le haghaidh miondíola. Déanfaidh na láithreáin seo beogacht agus inmharthanacht phríomh-lárionaid mhiondíola an chontae a fheabhsú agus a chothú níos mó, a fhad agus a chomhlíonann siad na critéir chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí miondíola agus ar bheartais mhiondíola amach anseo a phléitear i Mír 8 a leanas. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar na láithreáin seo, chomh maith, nuair atá an cur chuige seicheamhach á chur i bhfeidhm nuair a lonnaítear iad i lár an bhaile nó ar imeall láithreacha lárnacha. Ní mholtar gur cheart gach ceann de na láithreáin a shainaithnítear sa Straitéis seo a fhorbairt. Ba cheart go mbeadh an fhorbairt ar scála agus de nádúr láir na mbailte agus a chomhlíonann an riachtanas i dtaobh spás breise urláir a dtugtar cuntas air sa mheasúnacht acmhainní.

# Mír Cuspóirí agus Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Fhorbairt Miondíola Amach Anseo

## 8.0 Réamhrá

Cuimsítear sa mhír seo den Straitéis na príomhchuspóirí miondíola chun forbairt miondíola amach anseo a spreagadh agus chun freastal uirthi sa chontae[1]. Anuas air sin, tugtar cuntas ar na critéir chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt miondíola agus ar shaghsanna áirithe d'fhorbairt miondíola amach anseo. Déanfar tograí le haghaidh forbairtí miondíola a mheasúnú i leith na gcuspóirí sa Phlean Forbartha agus riachtanais na dTreoirlínte Pleanála Miondíola (an DECLG), Aibreán 2012.

## 8.1 Cuspóirí Miondíola

Léiríonn na cuspóirí riachtanas uileghabhálacha na Straitéise gur cheart an fhorbairt miondíola a dhíriú ar láir bhaile Bhaile Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Ghuaire. Rinneadh iad a chur i dtoll a chéile leis an a leanas a chinntiú;

I. Tá creat soiléir beartais i gContae Loch Garman a chabhróidh lena chinntiú go mbaintear amach a riachtanais straitéiseacha agus áitiúla mhiondíola;
II. Déantar iomaíocht phríomh-lárionaid an chontae a chosaint agus a fheabhsú;
III. Spreagtar athghiniúint ceantar a bhfuil an deis acu chun dul i mbun feabhais;
IV. Méadaítear mealltacht timpeallachta láir na mbailte;
V. Déantar sceitheadh an chaiteachais mhiondíola amach ón gcontae a íoslaghdú.

**Cuspóir 1:** Cinnteoidh an Chomhairle go bhfuil an fhorbairt miondíola go léir a cheadaítear i gcomhréir leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (an DECLG, 2012) agus le Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman.

[1] Tá a bpleananna féin forbartha ag Baile Loch Garman, Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin agus tá siad faoi cheangal chuspóirí a bpleananna forbartha faoi seach.

**Cuspóir 2:** Ceadóidh an Chomhairle forbairt miondíola atá den scála sin a oireann do leibhéal an bhaile/an cheantair laistigh den ordlathas miondíola agus do dhaonra an cheantair.
**Cuspóir 3:** Cuirfidh an Chomhairle toirmeasc ar fhorbairtí nua miondíola dá ndéanfaidís féin, nó ar bhonn carnach le forbairtí agus tograí eile a rinneadh le déanaí, díobháil thromchúiseach do bheogacht agus d'inmharthanacht láir reatha bhaile.

**Cuspóir 4:** Beidh aird ag an Údarás Pleanála ar thorthaí na measúnachta acmhainní a chuimsítear i Straitéis Miondíola an Chontae agus measúnú á dhéanamh ar iarratais pleanála. Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar iarratais phleanála aonair in aon bhaile, ceanglófar ar an iarratasóir a thaispeáint sa Mheasúnacht Tionchair Miondíola go bhfuil an spás urláir cuí agus aird ar an gcandam de spás urláir a theastaíonn sa bhaile sin.  Cuirfear i gcuntas sa Mheasúnacht Tionchair Miondíola daonra an cheantair, ceadanna ar marthain agus an dóchúlacht go gcuirfear i bhfeidhm iad agus folúntais sna bailte aonair. Féadfaidh an Chomhairle faisnéis maidir le ceadanna ar marthain a sholáthar. Ní hamháin go mbeidh an gá cainníochtúil don chandam spás urláir ar an t-aon toisc chinntitheach; déanfaidh an Chomhairle breithniú, chomh maith, ar cé acu an lonnófar nó nach lonnófar aon iarratas pleanála ar leith níos fearr ar bhonn seicheamhach ná forbairtí ceadaithe nó cé acu an dteastódh sé nó nach dteastódh sé ar mhaithe le cúiseanna cáilíochtúla, ar nós phróifíl mhiondíola an Chontae a threisiú.

**Cuspóir 5:** Déanfaidh an Chomhairle príomhshráideanna miondíola agus sráideanna tánaisteacha miondíola a chur chun cinn agus a fhorbairt mar na príomhláithreacha le haghaidh forbairt miondíola.

**Cuspóir 6:** Diúltóidh an Chomhairle iarratais ar chead pleanála a n-eascróidh glanchaillteanas áisiúlachta agus spás comparáide urláir shiopadóireacht comparáide astu ar leibhéal na talún ar phríomhshráideanna miondíola sa chás go n-imreodh seo tionchar ar bheogacht agus ar inmharthanacht na sráideanna seo.

**Cuspóir 7:** Ar phríomhshráideanna miondíola, déanfar breithniú fabhrach ar chead le haghaidh banc agus seirbhísí gairmiúla eile, úsáidí oifige, bialann, beár, eischeadúnas, bialanna beir leat agus úsáidí cultúrtha eile, a fhad agus a chomhlíontar na critéir a leanas:

i) Ní bheadh na tograí, cé acu ar bhonn aonair nó carnach, ina gcúis le díobháil fhollasach d'fheidhm carachtar nó cuma na sráide atá i gceist nó do lár an bhaile ina iomláine.

ii) Ní bheadh aon chaillteanas suntasach cóiríocht chónaithe ar leibhéil uachtaracha urláir dá thoradh. Cé gurb é úsáid cónaithe an rogha úsáide thuas staighre, glactar leis nach mbíonn sé indéanta i gcónaí chun freastal ar aonaid chuí sna foirgnimh seo. Ar an ábhar sin, déanfar breithniú ar úsáidí tráchtála eile ach beidh aird ag an Údarás Pleanála ar an méid úsáidí cónaithe a choimeádtar sa limistéar lena chinntiú go gcoimeádtar cothromaíocht d'úsáidí cónaithe agus tráchtála i lár an bhaile. Ní bheadh an úsáid, anuas ar na húsáidí reatha nó ceadaithe ina dtoradh ar iolracht dho-ghlactha na n-úsáidí siúd in aon limistéar amháin.

**Cuspóir 8:** Tá sé ina chuspóir ag an gComhairle go ndéanfar breithniú fabhrach ar fhorbairt miondíola mórscála sna cásanna a leanas:

- rochtain shábháilte agus gan stró a sholáthar do thiománaithe, coisithe, rothaithe agus daoine a bhfuil riachtanais dearaidh ar leith acu;
- gan drochthionchar a imirt ar éifeachtúlacht an líonra bóithre náisiúnta agus príomhacomhal agus gur féidir a thaispeáint gur féidir freastal ar mhéideanna tráchta laistigh de na toimhdí dearaidh do na bóithre siúd;
- go mbaineann siad caighdeán ard dearaidh amach agus go ndéanann siad comhtháthú sásúil leis an timpeallacht thógtha mórthimpeall;
- nach n-imríonn siad tionchar diúltach ar shreabhadh trácht feithiclí cibé acu sa gharchóngaracht nó sa limistéar níos fairsinge forbartha;
- tá siad de scála atá oiriúnach dá láthair.

**Cuspóir 9:** Ceanglóidh an Chomhairle, go ginearálta, go dtugtar faoi Mheasúnacht Tionchair Miondíola (MTM) i gcás tograí forbartha[2];

(a) a bhfuil os cionn 1000m$^2$ de ghlanspás urláir acu i dtaobh forbairtí de shaghas áisiúlachta agus comparáide sna ceithre phríomhbhaile,

(b) a bhfuil os cionn 500m$^2$ de ghlanspás urláir mhiondíola acu i dtaobh forbairtí de shaghas áisiúlachta agus comparáide i mbailte ceantair agus i lonnaíochtaí eile,

(c) nó sa chás go measann an tÚdarás Pleanála go bhféadfadh an fhorbairt tionchar a imirt ar bheogacht agus inmharthanacht lár baile.

Tá an ceart ar cosaint ag an Údarás Pleanála chun ceanglas na Measúnachta Tionchair Miondíola a tharscaoileadh ar bhonn cás ar chás. Áireofar le Measúnacht Tionchair Miondíola, ar a laghad, na critéir a leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012) nó arna leasú.

**Cuspóir 10:** Déanfar breithniú ar fhorbairtí miondíola ar imill láithreáin lár an bhaile nó ar láithreáin amach ó lár an bhaile nuair a taispeánadh go soiléir gur fiosraíodh agus gur breithníodh go hiomlán gach láithreán inmharthana, atá ar fáil agus atá oiriúnach i lár an bhaile i gcomhréir leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola agus leis an tástáil sheicheamhach, ach go háirithe.
**Cuirfear ranníocaíocht speisialta airgeadais i bhfeidhm ar fhorbairtí miondíola ar láithreáin ar imeall lár an bhaile nó atá amach ó lár an bhaile. Úsáidfidh an Chomhairle an ranníocaíocht seo chun tabhairt faoi fheabhsúcháin ar lár an bhaile agus/nó chun feabhas a chur ar shocruithe rochtana ó lár an bhaile chuig an láithreán ábhair. Leagfar forálacha amach ina leith seo sna Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha faoi seach.**

**Cuspóir 11:** Tabharfaidh an Chomhairle tús áite d’athúsáid foirgneamh folamh agus tréigthe i lár an bhaile d’úsáidí, forbairt miondíola ina measc.

---

[2] Tá a bpleananna féin forbartha ag Baile Loch Garman, Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin agus tá siad faoi cheangal chuspóirí a bpleananna forbartha faoi seach.

**Cuspóir 12:** Spreagfaidh an Chomhairle 'cónaí os cionn an tsiopa' sa chás go bhfuil feidhm chónaithe ag stóir uachtaracha foirgneamh agus go n-úsáidtear urlár na talún ar mhaithe le cuspóirí tráchtála nó miondíola.

**Cuspóir 13:** Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar fhorbairtí miondíola a bhaineann le turasóireacht i mbailte nó i sráidbhailte nó ag nithe reatha bunaithe is díol spéise do thurasóirí. Déanfar an tsaoráid mhiondíola a dhearadh, a shuíomh go hoiriúnach agus beidh sí den scála oiriúnach nach mbaineann ón gné thurasóireachta agus beidh sí faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na ngnáthchaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i gCaibidil 18.

**Cuspóir 14:** Tá sé de chuspóir na Comhairle leanúint agus feabhsúcháin timpeallachta a chur ar láir na mbailte trí dhearadh ardchaighdeáin cathartha, troscán mealltach sráide, soilsiú agus tionscnaimh éifeachtacha de shaghas glanta/feabhsaithe gnó ceantair a sholáthar;

**Cuspóir 15:** Tá sé de chuspóir na Comhairle inrochtaineacht láir bhaile a fheabhsú trí thimpeallacht uirbeach a fhreastalaíonn ar choisithe agus rothaithe a fhorbairt agus beatha bheoga sráide a chur chun cinn;

**Cuspóir 16:** A chinntiú go mbíonn gach plean nó tionscadal beartaithe a bhaineann le forbairt miondíola (trádstórais mhiondíola, asraonta monarchan, ionaid siopadóireachta, siopaí áisiúlachta etc) agus aon oibreacha gaolmhara feabhais nó aon bhonneagar gaolmhar (i.e. áiseanna páirceála), ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir Tástála i leith Measúnú Oiriúnachta lena chinntiú nach n-imrítear aon tionchar dóchúil suntasach ar iomláine (a shonraítear i dtaobh struchtúir agus feidhme) aon láithreá(i)n Natura 2000 agus lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE go hiomlán. Sa chás gur dócha go n-imreoidh an plean nó an tionscadal tionchar suntasach ar láithreán Natura 2000, beidh sé faoi réir Measúnú Oiriúnachta. Ní leanfar ar aghaidh leis an bplean/tionscadal ach i ndiaidh gur deimhníodh nach n-imreoidh sé drochthionchar ar iomláine an láithreáin nó sa chás, in éagmais réitigh mhalartacha a bheith ann, go meastar go mbaineann ríthábhacht leis an

bplean/tionscadal ar chúiseanna leas uileghabhálach an phobail, agus gach réiteach i gcomhréir le forálacha Airteagal 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.

## 8.2 Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Fhorbairt Miondíola Amach Anseo

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach iarratas ar fhorbairt shuntasach miondíola i leith réimse critéar.

### 8.2.1 An Tástáil Sheicheamhach

Luaitear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola *gurb é ord na tosaíochta don chur chuige seicheamhach forbairt miondíola a lonnú i lár na cathrach/an bhaile (agus i lár an cheantair más cuí), agus gan ach forbairt miondíola a cheadú ar láithreacha ar imeall lár an bhaile nó ar láithreacha amach ó lár an bhaile sa chás nach raibh gach rogha eile inghlactha.*

*Ní féidir breithniú a dhéanamh ar an láithreán sin ar imeall lár an bhaile ach sa chás go mbeartaítear forbairt miondíola ar láithreán ar imeall lár an bhaile, sa chás amháin gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint* ***agus*** *go bhfuil an t-údarás pleanála sásta nach bhfuil aon láithreáin nó láithreáin fhéideartha, aonaid fholmha san áireamh laistigh de lár cathrach nó baile nó laistigh de lár sainithe ceantair atá (a)* ***oiriúnach*** *(b)* ***ar fáil*** *agus (c)* ***inmharthana****.*

*Ní féidir breithniú a dhéanamh ar an láithreán sin amach ó lár an bhaile ach sa chás go mbeartaítear forbairt miondíola ar láithreán amach ó lár an bhaile, ach amháin faoi chúinsí eisceachtúla inar féidir leis an iarratasóir a thaispeáint* ***agus*** *ina bhfuil an t-údarás pleanála sásta nach bhfuil aon láithreáin nó láithreáin fhéideartha laistigh de lár cathrach, baile nó lár ceantair shainithe nó ar imeall na cathrach/an bhaile/lár an cheantair atá (a)* ***oiriúnach*** *(b)* ***ar fáil*** *agus (c)* ***inmharthana****.*

Beidh gach iarratas ar fhorbairtí miondíola ar imeall lár an bhaile nó amach ó lár an bhaile faoi réir na tástála seicheamhaí. Sa chás go gcuirtear iarratas ar fhorbairt miondíola ar imeall lár an bhaile agus amach ó lár an bhaile faoi bhráid an údaráis phleanála, taispeánfaidh an t-iarratasóir go ndearnadh measúnú agus measúnacht

ar gach rogha i dtaobh lár an bhaile, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do láithreáin deise, agus gur ghlac an miondíoltóir solúbthacht i dtaobh fhormáid an mhiondíola.

### 8.2.2 Measúnachtaí Tionchair Miondíola

Féadfaidh forbairtí nua drochthionchar a imirt ar bheogacht agus ar inmharthanacht lár bunaithe. Mar thoradh ar an spás urláir teoranta a shainaithnítear amhail bheith ag teastáil sa mheasúnacht acmhainní a shonraítear i Mír 6 le haghaidh spás breise urláir mhiondíola, rinneadh an tairseach le haghaidh MTM a choigeartú dá réir. Ceanglaíonn Comhairle Contae Loch Garman gur cheart measúnacht tionchair miondíola gabháil le tograí forbartha:

- a bhfuil os cionn 1000m$^2$ de ghlanspás urláir acu i dtaobh forbairtí de shaghas áisiúlachta agus comparáide sna ceithre phríomhbhaile,
- a bhfuil os cionn 500m$^2$ de ghlanspás urláir mhiondíola acu i dtaobh forbairtí de shaghas áisiúlachta agus comparáide i mbailte ceantair agus i lonnaíochtaí eile,
- nó sa chás go measann an tÚdarás Pleanála go bhféadfadh an fhorbairt tionchar a imirt ar bheogacht agus inmharthanacht lár baile.

Ullmhófar MTManna i gcomhréir leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola reatha agus a n-iarscríbhinn ghaolmhar. Ceanglaítear sna Treoirlínte ar iarratasóir chun dul i ngleic leis na critéir a leanas agus a thaispeáint cé acu an ndéanfadh nó nach ndéanfadh an togra an méid a leanas:

- Tacú leis an straitéis fhadtéarmach le haghaidh láir bhaile faoi mar atá bunaithe sa phlean forbartha agus gan baint den ionchas a bhaineann le hinfheistíocht earnála príobháidí a mhealladh isteach i lár baile amháin nó níos mó.

- Bheith mar údar le drochthionchar ar lár baile amháin nó níos mó, cibé acu ar bhonn singil nó carnach le forbairtí a rinneadh le déanaí nó le ceadanna pleanála eile nár gníomhaíodh ina leith, ar leor an tionchar chun baint de

cháilíocht an láir nó an ról atá aige i mbeatha gheilleagrach agus shóisialta an phobail.

- Baint den réimse gníomhaíochtaí agus seirbhísí ar féidir le lár baile tacú leo.

- Bheith mar údar le méadú ar an líon maoin fholamh sa bhunlimistéar miondíola ar dócha go leanfaidh sé san fhadtéarma.

- Ardchaighdeán de rochtain a chinntiú trí iompar poiblí, ar cos agus i ngluaisteán príobháideach ionas go mbíonn an togra inrochtana gan stró ag gach aicme den tsochaí.

- Nasc éifeachtach a dhéanamh le lár reatha an bhaile ionas gur dócha go mbeidh sinéirge tráchtála ann.

- I dtaca le forbairtí mórscála miondíola amach ón mbaile, measúnú iompair a thaispeánann conas a d’fhéadfadh turais chuig an bhforbairt bheartaithe agus ón bhforbairt bheartaithe tionchar a imirt ar an líonra bóithre agus ar naisc iompair phoiblí.

I measc na gcritéar eile ar cheart breithniú a dhéanamh orthu sa MTM le haghaidh iarratais shuntasacha, tá an méid a leanas:

- Tá gá le scála na forbartha (níl sé oiriúnach tabhairt faoi iarratais ar láithreáin amach ó lár an bhaile sa chás go bhfuil aonaid shuntasacha fholmha ann laistigh de lár an bhaile);
- Tá an cumas ann chun deiseanna fostaíochta a mhéadú agus chun athghiniúint gheilleagrach a chur chun cinn;
- Tá cumas ann chun iomaíocht a mhéadú laistigh den cheantar;
- Freagairt d’éileamh tomhaltóirí ar a thairiscint miondíola agus gan baint den réimse gníomhaíochtaí agus seirbhísí ar féidir le lár uirbeach tacú leo; agus
- Cuspóirí an phlean forbartha a chomhlíonadh.

### 8.2.3 Measúnuithe Tráchta agus Iompair

Tá an cumas ag forbairtí miondíola chun tionchar diúltach a imirt ar thrácht agus ar iompar laistigh de cheantar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh Measúnacht Tráchta agus Iompair (MTI) a bheith ag teastáil le haghaidh forbairtí miondíola a sháraíonn tairseach áirithe (1,000 méadar cearnach i dtaobh miondíola / fóillíochta) faoi mar a leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Bainistíocht Tráchta, 2003 agus sna Treoirlínte maidir le Measúnú Tráchta agus Iompair, 2007. Leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta comhairle agus ceanglais bhreise maidir le ceisteanna iompair. Ní mór don mheasúnú sin scrúdú a dhéanamh ar thionchar iompair forbartha a bheartaítear, agus a thaispeáint conas a d'fhéadfadh turais chuig an bhforbairt bheartaithe agus ón bhforbairt bheartaithe tionchar a imirt ar an líonra bóithre agus ar naisc iompair phoiblí. Ba cheart dó aon bhearta ina dhiaidh sin a chuimsiú atá riachtanach lena chinntiú go bhfuil bóithre agus acomhail agus bonneagar iompair eile i ngaireacht na forbartha oiriúnach don chuspóir agus go spreagann siad aistriú i dtreo modhanna inmharthana taistil. Anuas air sin, ba cheart don MTI dul i ngleic le tionchar dearaidh uirbigh tograí beartaithe iompair phoiblí agus phríobháidigh agus déileáil, chomh maith, le córais soláthair agus mhonatóireachta do ghnéithe ar leith.

## 8.3 Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Chatagóirí Sonracha Forbairt Miondíola

Leagtar amach sa mhír seo na critéir chun measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála i dtaobh saghsanna éagsúla d'fhorbairt miondíola.

### 8.3.1 Siopaí Móra Earraí Áisiúlachta

Glactar anois le siopaí móra áisiúlachta ina bhfuil ollmhargaí, ollstóir agus hipearmhargaidh mar ghné de mhiondíol i gcathracha agus i mbailte móra. Déanann siad soláthar, go príomha, do shiopadóireacht d'earraí seachtainiúla áisiúlachta teaghlach. Ba cheart go lonnófaí iad i láir chathrach nó bhaile nó i láir cheantair nó ar imeall na lár seo agus ba cheart go mbeidís den mhéid sin a chloíonn leis na ceanglais ghinearálta maidir le spás urláir a leagtar amach sa phlean

forbartha/straitéis miondíola chun tacú le agus chun éagsúlacht agus beogacht a chur le limistéir reatha shiopadóireachta agus chomh maith leis sin, chun rochtain a éascú ag iompar poiblí do shiopadóirí.

Faoi chúinsí áirithe teoranta, áfach, b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta chun láithreáin oiriúnacha a thabhairt chun cinn, i lár cathrach nó baile, nó ar imeall cathrach nó baile mar gheall ar riachtanais láithreáin siopaí móra earraí áisiúlachta, srianta oidhreachta i mbailte stairiúla, nó mar gheall nach bhfuil an cumas ag an líonra bóithre chun freastal ar thrácht agus ar fheithiclí seirbhíse breise. Sna cásanna seo, ba cheart an cur chuige seicheamhach a úsáid chun teacht ar na láithreáin is mó a dtugtar tús áite dóibh.

Sa chás go mbaineann méid suntasach d'earraí comparáide a dhíol (faoi mar a dhéantar go coitianta in go leor ollmhargaí, ollstór agus hipearmhargaí) le togra chun siopaí móra earraí áisiúlachta a fhorbairt, ba cheart go sonrófar go soiléir ar líníochtaí an iarratais phleanála an spás urláir a chuirfear ar leataobh go príomha chun na hearraí áisiúlachta a dhíol. Gné ríthábhachtach is ea an chothromaíocht idir gné áisiúlachta agus chomparáide líníochtaí an tsiopa bheartaithe nuair a dhéantar measúnú ar oiriúnacht an togra forbartha.  Sa chás go dtugtar le fios go mbeidh gné shuntasach den siopa dírithe ar earraí comparáide, ní mór tionchar féideartha na gné sin den siopa ar shiopaí reatha earraí comparáide laistigh den cheantar a chur san áireamh sa mheasúnú a dhéantar ar an iarratas.

### 8.3.2 Páirceanna Miondíola agus Trádstórais Mhiondíola

Ceirtleán de thrádstórais mhiondíola atá grúpáilte timpeall ar charrchlós coiteann ina ndíoltar earraí toirtiúla teaghlaigh go príomha, atá i gceist le páirc mhiondíola, óna dteastaíonn limistéir fhairsinge de spás seomra taispeántais, a mbíonn riachtanais íosta stórála acu de ghnáth. Bítear ag súil leis gur féidir leis an gcustaiméir formhór na n-earraí a cheannaítear a iompar amach ón láithreán. Anuas air sin, d'fhéadfadh seirbhísí seachadta chuig an mbaile a bheith ar fáil.

Tá tairbhí le baint maidir le trádstórais mhiondíola a ghrúpáil i bpáirceanna miondíola, ionas go ndéantar líon na dturas i ngluaisteán a íoslaghdú. Bíonn na

páirceanna lonnaithe go ginearálta i láithreacha amach ó lár an bhaile chun rochtain ag gluaisteáin a éascú. D'fhéadfadh na láithreacha seo faoiseamh a sholáthar, chomh maith, do láir chathrach nó bhaile a bhíonn faoi bhrú tráchta.

Mar gheall gur tháinig méadú substainteach ar an líon páirceanna miondíola le deich mbliana anuas, áfach, agus gur bhain siad an líon b'airde amach i roinnt ceantar, agus gur eascair folúntas astu i roinnt cásanna, agus chomh maith leis sin, mar gheall nach mbíonn sé soiléir i gcónaí cén earraí a cheadaítear lena ndíol sna páirceanna seo, is cuí athmheasúnú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí siúd. I ngeall ar an gcaoi go n-áirítear go minic leis an réimse earraí a dhíoltar ó pháirceanna trádstóras miondíola buanearraí neamhthoirtiúla, d'fhéadfaí tionchar díobhálach a imirt ar láir chathrach/bhaile faoi mar a thugann na líonta méadaitheacha d'aonaid fholmha le fios i láir uirbeacha, áit a bhfuil páirceanna miondíola lonnaithe ar an imeall. Ina theannta sin, is gá a aithint gur féidir agus go ndéantar freastal ar go leor siopaí earraí toirtiúla, ar nós miondíoltóirí troscáin i láir chathrach agus bhaile. Ar na cúiseanna seo, ba cheart go mbeadh **toimhde ann, go ginearálta, i gcoinne breis forbartha a dhéanamh ar pháirceanna miondíola amach ón mbaile** i gcomhréir leis na TPManna.

Áirítear leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar iarratas ar thrádstóras miondíola scála agus dearadh na forbartha, rochtain chuí feithiclí agus an gá cainníochtúil atá leis an bhforbairt sin. Luaitear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola nár cheart d'aonaid aonair mhiondíola bheith níos lú ná 700m$^2$ agus nach mbeidís níos mó ná 6,000m$^2$ i dtaobh méide de. Ollachar urláir atá i gceist leis na figiúirí seo, ionaid stórála agus gharraíodóireachta ina measc. Tá sé ríthábhachtach go gcuireann coinníoll pleanála cosc ar an réimse earraí a dhíoltar, is é sin, gan ach earraí toirtiúla teaghlaigh a dhíol, ar nós iad siúd a shainítear laistigh de na TPManna, ar nós fearais, troscán agus fearastú tí. Ba cheart teorainn 20% a leagan ar an gcomhréir d'earraí neamhthoirtiúla de na hearraí nach earraí 'toirtiúla' iad amach agus amach agus ba cheart seo a shonrú go soiléir ar líníochtaí an iarratais phleanála.

### 8.3.3 Siopaí Monarchan

Ba cheart cosc a chur ar na haonaid siúd, a bhíonn lonnaithe de ghnáth mar chuid de nó in aice na saoráide táirgthe, trí choinníollacha a chur i bhfeidhm ar tháirgí monarchan a dhíol (mura mbíonn siad lonnaithe laistigh den chroílimistéar siopadóireachta). D'fhéadfadh tograí le haghaidh siopaí aonair monarchan a bheith cuí, a fhad agus a bhíonn scála an tsiopa oiriúnach dá láthair agus nach mbíonn sé faoi deara aon saincheisteanna i dtaobh inmharthanacht lár uirbeach atá i ngar nó go mbíonn sé ina chúis le saincheisteanna suntasacha tráchta agus iompair.

### 8.3.4 Ionaid Asraoin

Luaitear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola go mbraitheann rath na n-ionad seo ar chustaiméirí agus cuairteoirí a mhealladh agus ó cheantar fairsing, turasóirí ina measc. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist i dtaobh ionaid turasóirí agus láir bhunaithe bhaile, fiú iad siúd atá lonnaithe fada go leor amach ó na tograí. Ina ainneoin, féadfaidh ionaid asraoin laistigh nó go díreach in aice lár cathrach nó baile sinéirgí tráchtála a chruthú le hasraonta bunaithe miondíola, a dhéanann próifíl an láir a ardú agus a fheabhsaíonn láimhdeachas comhiomlán ar earraí miondíola agus gníomhaíochtaí fóillíochta.

Is é an láthair is oiriúnaí d'ionaid asraoin ná an áit ar féidir sineirge thráchtála a bhaint amach idir ionad asraoin agus lár uirbeach a n-eascródh tairbhí geilleagracha as don cheantar ar an iomlán. Níor cheart ionaid asraoin a cheadú i láithreacha níos iargúlta amach ón mbaile. Ní mór d'iarratasóirí a léiriú nach rachaidh na táirgí a dhíoltar in iomaíocht leo siúd atá ar díol faoi láthair i láithreacha tipiciúla cathrach/baile.

### 8.3.5 Miondíol i mBailte agus Sráidbhailte Beaga

Comhlíonann bailte ceantair ról tábhachtach laistigh d'ordlathas miondíola an chontae. Soláthraíonn siad siopadóireacht áisiúlachta, anuas ar leibhéal de shiopadóireacht comparáide a fhreastalaíonn ar dhaonra gharcheantar an bhaile agus na limistéar máguaird. Comhlíonann siopaí áitiúla laistigh de shráidbhailte an chontae ról ríthábhachtach chun soláthar a dhéanamh do riachtanais laethúla siopadóireacht breisithe. Ba cheart forbairt na siopaí áitiúla siúd a spreagadh ar

scála atá oiriúnach do Straitéis Lonnaíochta an chontae. Ba cheart go mbeadh toimhde shoiléir ann i bhfabhar láithreacha lárnach nó ar imeall lár an bhaile i dtaobh forbairtí nua.

### 8.3.6 Aonaid Mhiondíola Áitiúla

Tugann aonaid áitiúla mhiondíola i láir áitiúla nó i láir chomharsanachta faoi fheidhm thábhachtach i gceantar uirbeach. Comhlíonann siad ról ríthábhachtach chun freastal ar riachtanais ócáideacha laethúla chónaitheoirí a chónaíonn i ngar agus iad siúd atá ag dul thar bráid. Is minic go mbíonn siad inrochtana gan stró ag daoine breacaosta agus ag daoine atá faoi mhíchumas. Ba cheart forbairt na siopaí áitiúla siúd a spreagadh i gceantair chónaithe atá ag dul i méid. Ba cheart go mbeadh na forbairtí siúd inrochtana gan stró ag gach aicme den tsochaí.

### 8.3.7 Miondíol i gCeantair Thuaithe

Ba cheart go ndíreofaí miondíol, go ginearálta, ar lonnaíochtaí reatha; ní cheadófar forbairt ar an gcuspóir seo faoin tuath, go ginearálta. Aithnítear, áfach, go bhféadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith i gceist ina bhféadfadh roinnt saghsanna d’aonaid mhiondíola a fhorbairt i gceantair thuaithe a bheith inghlactha. D’fhéadfadh an méid a leanas a bheith i gceist leis na haonaid mhiondíola:

- aonad miondíola atá coimhdeach leis na gníomhaíochtaí a eascraíonn ó éagsúlú feirme;
- aonad miondíola atá in ainm is freastal ar áiseanna turasóirí nó caitheamh aimsire, agus atá tánaisteach i dtaobh na príomhúsáide;
- aonad beagscála miondíola atá ceangailte le ceardlann reatha nó fhaofa cheardaíochta a dhéanann an táirge a mhiondíol go díreach don phobal; nó
- aonad beagscála miondíola atá in ainm is freastal ar phobal scaipthe tuaithe.

### 8.3.8 Miondíol agus Stáisiúin Bhreosla

Earnáil den mhargadh miondíola atá ag dul i méid iad siopaí áitiúla atá ceangailte le stáisiúin líonta peitril. Ba cheart go gcuirfeadh méid an tsiopa atá bainteach le haon stáisiún líonta peitril san áireamh, áfach, go bhféadfadh siopaí móra breis gnó a mhealladh, féadfaidh líonta móra gluaisteán bheith ina gcúis le cur isteach agus is i

láir bhaile atá an rogha láithreach do mhiondíol. Luaitear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola, nuair a sháraíonn méid na n-aonad miondíola siúd $100m^2$ , ba cheart an cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm.

### 8.3.9 Corrthrádáil

Déantar foráil do chorrthrádáil faoin Acht Corr-Thrádála, 1995 agus áirítear léi margaí trádála agus margaí feirmeoirí atá ag éirí níos coitianta. Má dhéantar rialáil cheart air, féadfaidh an chorrthrádáil sin cur go mór leis an ngeilleagar áitiúil. Ba cheart corrthrádáil a chur chun cinn sa chás gur féidir léi atmaisféar a chruthú ar féidir leis cur le beogacht agus le hinmharthanacht ionaid mhiondíola.

### 8.3.10 Ionaid Gharraíodóireachta/Plandlanna

Ní dhéanfar breithniú ar ionaid gharraíodóireachta ach lasmuigh de lonnaíochtaí inar féidir a thaispeáint gurb é saothrú an phríomhghníomhaíocht agus go bhfuil plandaí a dhíol agus an ghníomhaíocht miondíola go hiomlán coimhdeach i dtaobh na príomhúsáide. Beidh fairsingiú na n-ionad reatha garraíodóireachta chun gné mhiondíola a chuimsiú le haghaidh táirgí garraíodóireachta go hiomlán coimhdeach i dtaobh na príomhúsáide.

# Mír Conclúid

## 9.0 Conclúid

Ullmhaíodh an Straitéis Miondíola seo i gcomhréir leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola reatha, a foilsíodh in Aibreán 2012, an DECLG. Deimhníonn an Straitéis an t-ordlathas miondíola, agus is é Baile Loch Garman an príomhbhaile agus tacaíonn Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh agus Guaire leis. Tá seo ar aon dul le cuspóirí na Straitéise Spáis Náisiúnta 2002 agus na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí 2010 chun tairseach chriticiúil a bhaint amach laistigh de na moilbhailte agus na bailte móra. Comhlíonann na bailte ceantair ról tábhachtach, chomh maith, laistigh d'ordlathas miondíola an chontae mar sholáthraithe tábhachtacha seirbhíse dá gcúlchríoch máguaird. Sainíodh na croílimistéir shiopadóireachta lena chinntiú go gcoimeádtar an spás urláir mhiondíola laistigh de chroí dlúth, d'fhonn beogacht agus inmharthanacht na bpríomhlár miondíola a chothú.

D'fhonn an spás breise urláir a theastaíonn a ríomh faoi tréimhse an chéad phlean forbartha eile, agus ar aon dul leis na spriocanna daonra a leagtar amach sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí 2010, d'ullmhaigh na sainchomhairleoirí pleanála, RPS Planning and Environment Measúnacht Acmhainní. Rinne seo an spás urláir a theastaigh a shainaithint ar aon dul leis na spriocanna daonra a leagadh amach do na lonnaíochtaí éagsúla.

D'fhonn an spás breise urláir a éascú, sainaithníodh láithreáin deise sna bailte móra. Tá na láithreáin seo inrochtana gan stró agus tá siad lonnaithe laistigh den bhaile nó ar imeall lár an bhaile. Anuas air sin, soláthraíodh treoir agus beartais maidir leis na láithreacha agus le measúnú a dhéanamh ar na saghsanna éagsúla d'fhorbairt miondíola.

Tabharfaidh an Chomhairle faoin bhfaisnéis bhonnlíne a nuashonrú i gcaitheamh shaolré Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar thoiliú pleanála do spás urláir nua mhiondíola agus d'athrú úsáide araon. Cuimseofar seo isteach sa nós imeachta bainistíochta forbartha agus beidh sé ar fáil ag an tráth sin a ullmhófar an straitéis réigiúnach miondíola. Nuashonrófar sonraí an tsuirbhé ar theaghlaigh agus ar shiopadóirí arís ag an gcéad athbhreithniú

eile. Tá an Chomhairle tiomanta d'fheidhmeanna miondíola bailte a chosaint agus chun láir bhaile a fheabhsú mar áiteanna chun cónaí, oibriú agus siopadóireacht a dhéanamh iontu.

## Aguisín Gluais

**Earraí Toirtiúla** – earraí a dhíoltar go ginearálta ó thrádstórais mhiondíola, áit a mbíonn earraí 'déan féin é' (DFÉ) nó earraí ar nós troscán leacphaca chomh mór sin gur gnách go dtabharfar abhaile iad i ngluaisteán agus nach mbeidís iniompartha ag custaiméirí a thaistealaíonn ar cos, ar rothar nó ar bhus, nó go dteastódh achair mhóra urláir chun iad a thaispeáint, e.g. ábhair dheisithe agus chothabhála; troscán agus fearastú, cairpéid agus cumhdaigh urláir eile; fearais tí; uirlisí agus trealamh don teach agus don ghairdín, trealamh closamhairc, grianghrafadóireachta agus próiseála faisnéise, buanearraí móra eile ar mhaithe le caitheamh aimsire agus fóillíocht.

**Láir chathrach agus bhaile** – soláthraíonn siad réimse fairsing áiseanna agus seirbhísí agus comhlíonann siad feidhm mar dhíriú le haghaidh an phobail agus iompar poiblí araon. Ní áirítear leis an téarma 'láir cheantair', páirceanna miondíola agus lárionaid áitiúla.

**Earraí comparáide** – éadaí agus coisbheart, troscán, fearastú agus trealamh tí (gan earraí tí nach buanearraí iad a áireamh), táirgí míochaine agus cógaisíochta, fearais agus trealamh teiripeach, trealamh agus oiriúintí oideachais agus caitheamh aimsire, leabhair, nuachtáin agus irisleabhair, earraí le haghaidh cúram pearsanta, earraí nach rangaítear in áiteanna eile agus earraí toirtiúla.

**Siopadóireacht áisiúlachta** – bia, deochanna meisciúla agus neamh-mheisciúla, earraí tobac agus earraí tí nach buanearraí iad.

**Ar imeall lár an bhaile** – láthair atá suite laistigh d'fhad siúil gan stró de phríomhlimistéar miondíola lár cathrach nó baile, agus ina soláthraítear áiseanna páirceála a fhreastalaíonn ar an lár mar aon leis an bhforbairt nua, a éascaíonn turas

amháin chun roinnt cuspóirí a chomhlíonadh dá bharr.  Seachas ó ghaireacht do lár na cathrach/an bhaile, ar na tosca eile a bhfuil breithniú le déanamh orthu ná nádúr an láithreáin féin anuas ar láithreacht nasc nó bacainní ar an lár sin.

**Sceitheadh Caiteachais** – ioncam miondíola a chailleadh ó limistéar staidéir mar gheall go ndéanann daoine a chónaíonn sa cheantar sin a siopadóireacht lasmuigh den limistéar staidéir.
**Siopa Monarchan** – siopa atá lonnaithe mar chuid de shaoráid táirgthe nó in aice saoráid táirgthe agus a dhéanann speisialú i dtáirgí déantúsóirí a dhíol go díreach leis an bpobal.

**Miondíol Réamhchúirte** – mion-ollmhargadh atá ceangailte le Stáisiúin Líonta Peitril.
**Ollachar miondíola** – seo an spás urláir iomlán, arna thomhas ó thaobh istigh de bhallaí an tsiopa, lena n-áirítear spás díolachán, anuas ar spás stórála, oifigí, leithris, ceaintín agus spás cúrsaíochta.

**Hipearmhargadh** – siopaí féinseirbhíse ar leibhéil amháin nó níos mó a dhíolann bia agus réimse earraí comparáide araon, ina bhfuil glanachar díolachán os cionn 5,000m$^2$ agus ina bhfuil carrpháirceáil thiomnaithe ar leibhéal an dromchla.

**Miondíoltóir neamhspleách** – asraon miondíola atá faoi úinéireacht phríobháideach nach bhfuil comhcheangailte le haon iloibreoirí.  Is gnách gur siopaí beaga atá á reáchtáil ag teaghlaigh a bhíonn i gceist leo.

**Ionad áitiúil nó ionad comharsanachta** – grúpaí beaga de shiopaí ar gnách go mbíonn siopa nuachtáin, ollmhargadh beag / siopa grósaeirí ginearálta, fo-oifig an phoist, cógaslann mhiondíola agus siopaí beaga eile de chineál áitiúil a fhreastalaíonn ar dhaonra beag áitiúil ceantair.

**Glanachar miondíola** – an limistéar laistigh den siopa nó den stór atá infheicthe don phobal agus a bhfuil rochtain ag an bpobal air, seomraí feistis, an cuntar amach, cuntair freastail agus an limistéar taobh thiar a úsáideann an fhoireann freastail,

limistéir atá áitithe ag lamháltais mhiondíola, limistéir seirbhíse do chustaiméirí, agus pasáistí inmheánacha ina dtaispeántar earraí, ach gan caiféanna agus leithris do chustaiméirí a áireamh.

**Ionaid Asraoin** – grúpaí d'aonaid mhiondíola a dhíríonn go háirithe ar fhaisean agus ar oiriúintí a bhaineann go ginearálta le grúpaí dearthóirí. Pléann siad go speisialta le stoc breise agus earraí deireadh líne a dhíol ar phraghsanna lascainithe.

**Amach ón lár** – láthair ar soiléir go bhfuil sí in áit ar leith ó lár baile ach go bhfuil sí taobh istigh de theorainn forbartha an bhaile, faoi mar a thugtar le fios i bplean forbartha nó i bplean ceantair áitiúil.
**Amach ón mbaile** – forbairt amach ón mbaile ar láithreáin úrnua, nó ar thalamh ar soiléir nach bhfuil sí taobh istigh den teorainn reatha forbartha.

**Príomhshráideanna siopadóireachta** – an chuid den limistéar miondíola/chroílár siopadóireachta a thugann faoin mbunfheidhm mhiondíola. Bheadh ardchomhréir d'úsáidí miondíola ag príomhshráideanna i gcomparáid le sráideanna eile ina bhféadfadh seirbhísí bia/dí, airgeadais agus seirbhísí eile cur leis.

**Príomhphits** – an chuid sin de limistéar miondíol lár baile nó d'ionad siopadóireachta ina mbíonn an sreabhadh coisithe agus an iomaíocht le haghaidh ionadaíochta is airde i gceist agus ina bhfuil na cíosanna i bhfad níos airde ná áiteanna eile.

**Limistéar miondíola/croílár siopadóireachta** – an chuid sin de lár baile atá tiomnaithe go príomha do shiopadóireacht.

**Insreabhadh miondíola** – láimhdeachas atá dlite do dhaoine a thagann isteach ó áiteanna taobh amuigh de limistéar/cheantar staidéir ar leith chun earraí miondíola a cheannach.

**Sceitheadh/eis-sreabhadh miondíola** – láimhdeachas féideartha atá caillte mar gheall go gcónaíonn daoine laistigh de limistéar/cheantar staidéir a úsáideann an t-

idirlíon nó a thiomáineann lasmuigh den limistéar/cheantar staidéir, chun tabhairt faoina gcuid siopadóireachta agus chun earraí miondíola a cheannach.

**Páirceanna Miondíola** – forbairt singil ar a laghad trí thrádstóras miondíola agus carrpháirceáil a bhaineann leo.

**Trádstóras Miondíola** – stór mór leibhéal amháin a phléann go speisialta le hearraí toirtiúla tí a dhíol, ar nós cairpéad, troscáin agus earraí leictreacha, agus earraí toirtiúla DFÉ, a fhreastalaíonn go príomha ar chustaiméirí a thaistealaíonn chuig an stór i ngluaisteáin go príomha.

**Ionad siopadóireachta** – grúpa siopaí traidisiúnta nó a saintógadh (e.g. ionaid cheantair) atá in áit amach ó lár na cathrach nó an bhaile, atá lonnaithe laistigh den limistéar tógtha uirbeach nó i láthair fho-uirbeach ar imeall limistéir uirbigh, ina gcuimsítear ollmhargadh nó ollstór amháin, ar a laghad, de ghnáth. D’fhéadfaidís siopadóireacht áisiúlachta agus comparáide araon a sholáthar, ag brath ar a mhéid agus áireofar leo, chomh maith leis sin, seirbhísí neamh-mhiondíola, ar nós banc, cumainn foirgníochta agus bialann.

**Sráideanna tánaisteacha siopadóireachta** – an chuid den chroílimistéar miondíola/siopadóireachta a thugann faoi fheidhm thánaisteach mhiondíola. Bheadh comhréir ní b’ísle d’úsáidí miondíola ag sráideanna tánaisteacha i gcomparáid le príomhéadanais ina mbeidh ról tábhachtach ag seirbhísí bia/dí, airgeadais agus seirbhísí eile chomh maith.

**Ollmhargadh** – Siopa leibhéal amháin féinfhreastail a dhíolann bia, den chuid is mó, ag a bhfuil glanachar díolacháin níos lú ná 2,500m$^2$.